AIRNAV
IRELAND



# Tuarascáil Bhliantúil 2025

airnav.ie



## An Obair a Dhéanaimid

Soláthraímid seirbhísí aerloingseoireachta sábháilte, inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a nascann Éireann le haerspás domhanda, le cabhair óna bhfoirne saineolaithe, ardteicneolaíocht agus comhpháirtíochtaí láidre.

### › Ráiteas Misin

Tá sé mar aidhm ag AirNav Éireann a bheith ag feidhmiú mar cheann de na príomhsholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta san Eoraip, agus cáil a bhaint amach mar sholáthraí nach gcuireann sábháilteacht i mbaol, nach gcruthaíonn moilleanna móra agus a sholáthraíonn oibríochtaí aeráid-chliste a thacaíonn le haerthaisteal éifeachtach

### › Ár gCuspóir

Spéartha na hÉireann a choinneáil sábháilte agus nasctha, gach eitilt, gach lá.

### › Príomhghníomhaíochtaí

Seirbhísí Aerloingseoireachta Éireannacha in aerspás atá á rialú ag Éireann

Cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh

Rialú Aerthráchta ag Aerfoirt Stáit

Tabhair cuairt orainn Ar Líne
Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin chun tuilleadh faisnéise a fháil:
**www.airnav.ie** nó
seiceáil ár gcainéil shóisialta
**@airnavireland**


# Ábhar


| | |
|---|---|
| **Forléargas** | 2 |
| Ár suíomhanna | 2 |
| Ár luachanna | 4 |
| Sracfhéachaint | 12 |
| Príomhfhigiúirí | 14 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 16 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 18 |
| **Athbhreithniú oibriúcháin agus airgeadais** | 19 |
| Bainistíocht aerthráchta | 19 |
| Athbhreithniú airgeadais | 28 |
| Acmhainní daonna | 34 |
| Gníomhaíocht idirnáisiúnta agus forbairtí | 37 |
| Inbhuanaitheacht agus pobal | 38 |
| **Tuarascáil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite** | 42 |
| Faisnéis maidir le stiúrthóirí agus faisnéis eile | 45 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 46 |
| Ráiteas maidir le freagrachtaí stiúrthóirí | 56 |
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách chuig baill Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ag trádáil mar AirNav Éireann | 57 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite | 60 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile | 61 |
| Clár comhardaithe comhdhlúite | 62 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 63 |
| Ráiteas comhdhlúite ar athruithe cothromais | 64 |
| Ráiteas na cuideachta maidir le hathruithe ar chothromas | 65 |
| Ráiteas sreabhaidh airgid comhdhlúite | 66 |
| Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad | 67 |
| Faisnéis achomair 2023-2025 | 90 |




# Ár Suíomhanna

**Tá AirNav Éireann ag obair sna suíomhanna seo a leanas:**



- Ceanncheathrú Chorparáideach,
  Baile Átha Cliath 2
- Ionad Rialaithe Aerthráchta Bhaile Átha Cliath,
  Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Túr Rialaithe Aerthráchta Shionainne,
  Aerfort na Sionainne
- Ionad Rialaithe Aerthráchta Chorcaí,
  Aerfort Chorcaí
- Ionad En Route na Sionainne,
  Baile Uí Chathasaigh, Co. an Chláir
- Ionad Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh,
  Baile Uí Gheirín, Co. an Chláir



AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025




## Seirbhísí Aerloingseoireachta san Atlantach Thuaidh

# Ár Luachanna

# S K I E S

**S** – Safety is our promise

**K** – Key to our success – our people

**I** – Integrity in everything we do

**E** – Environment: reducing climate impact through innovation

**S** – Service excellence: delivering world-leading service

# Tosaíochtaí Straitéiseacha
2025-2029



## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**1 Sábháilteacht**
Ár bhFeidhmíocht Sábháilteachta a Fheabhsú

**2 Barr Feabhais Oibriúcháin**
Forbairt Nósanna Imeachta agus teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chomhtháthú

**3 Daoine & Cultúr**
Daoine a Chumhachtú agus Tacú le Cultúr Ardfheidhmíochta, Rogha fostóra.

**4 Feidhmíocht Airgeadais**
Brabúsacht inbhuanaithe agus Fás Straitéiseach trí Nuálaíocht Tráchtála

**5 Nuálaíocht Dhigiteach & Teicneolaíocht**
Ár mBonneagar a Chosaint don Todhchaí le Teicneolaíocht Chliste

**6 Inbhuanaitheacht & Ceannaireacht Aeráide**
Glasú Spéartha na hÉireann

# Sábháilteacht

**› Tá tús áite á thabhairt againn do chúrsaí sábháilteachta**

Is é cuspóir ár Straitéise Sábháilteachta paisinéirí, criú agus aerárthaí a chosaint trí thús áite a thabhairt do shábháilteacht agus slándáil, rioscaí a bhainistiú agus cloí le reachtaíocht agus le dea-chleachtais. Cinntímid go bhfuil baill foirne oilte agus inniúil, go bhfuil acmhainní á leithdháileadh go cliste agus go bhfuilimid ag cloí le hardchaighdeáin fad is atá cumarsáid shoiléir á déanamh againn agus fad is atá atmaisféar cóimheasa á chruthú againn.

# Barr Feabhais Oibriúcháin

**› In Oibríochtaí agus Straitéis Bainistíochta Aerthráchta (BAT) AirNav Éireann leagtar béim lárnach ar shábháilteacht san obair ar fad** agus dírítear ar chlár d'fheabhsú leanúnach maidir le héifeachtúlacht inár seirbhísí, barr feabhais seirbhísí do chustaiméirí agus inbhuanaitheacht chomhshaoil. Cuirfear an obair i gcrích trínár nósanna imeachta a fhorbairt agus trí ardteicneolaíochtaí a chomhtháthú inár n-oibríochtaí. Tá AirNav Éireann tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta sábháilte, athléimneacha agus oiriúnach don todhchaí a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara.



# Daoine & Cultúr

**› I Straitéis Acmhainní Daonna AirNav Éireann leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfostaithe chun seirbhísí sábháilte agus éifeachtúla a chur ar fáil.**

Sa straitéis cuimsítear cúig phríomhthosaíocht a bhfuil sé mar aidhm leo áit oibre éagsúil agus ionchuimsitheach a fhorbairt, folláine fostaithe a fheabhsú agus bainistiú tallainne éifeachtach a chinntiú.



# Feidhmíocht Airgeadais

> **Is é an cuspóir atá le straitéis airgeadais AirNav Éireann tacú leis an ngnó** chun a sheirbhísí riachtanacha bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil, agus ag an am céanna, tacú le cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach, brabúsacht agus fás na Cuideachta.

# Nuálaíocht Dhigiteach agus Teicneolaíocht

> **Is príomhsholáthraí seirbhísí aerloingseoireachta (SSAL) é AirNav Éireann chomh fada is a bhaineann le nuálaíocht agus le hinfheistíocht i réitigh nua-aimseartha BAT.**

Tá teicneolaíocht riachtanach chun cuspóirí AirNav Éireann maidir le sábháilteacht, athléimneacht agus barr feabhais oibriúcháin a chinntiú.

Táimid ag iarraidh a bheith ag feidhmiú mar eagraíocht a bheidh ag breathnú chun cinn agus dírithe ar theicneolaíocht, a bheidh airdeallach ar na buntáistí sábháilteachta, éifeachtúlachta agus inbhuanaitheachta a bhaineann le teicneolaíocht. Tá dlúthnasc idir na forbairtí seo agus an infheistíocht atá á déanamh againn i ndaoine – gairmithe oilte a bhaineann lántairbhe as teicneolaíocht, agus as na huirlisí teicneolaíocha oiriúnacha a fheabhsaíonn táirgiúlacht.



# Inbhuanaitheacht & Ceannaireacht Aeráide

> **Príomhluachanna de chuid na Cuideachta iad cosaint an chomhshaoil agus an tionchar atá ag ár n-oibríochtaí gnó ar an timpeallacht a laghdú.**

Tá AirNav Éireann ag leanúint ar aghaidh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as aerspás na hÉireann, rud atá mar bhonn le feidhmíocht chomhshaoil feabhsaithe ár gcomhpháirtithe aerlíne rud a chiallaíonn gurb é aerspás na hÉireann ceann de na haerspásanna is éifeachtúla san Eoraip. Is é an cuspóir atá againn feidhmiú mar cheannaire sa réimse seo agus an tionchar a bheidh ag eitlíocht ar an timpeallacht sna blianta amach romhainn a laghdú tuilleadh. Déanfaimid an méid sin trí straitéisí a fhorbairt go leanúnach agus trí chomhoibriú le comhpháirtithe agus le haerlínte Eorpacha chun astaíochtaí a laghdú agus chun tacú le cleachtais eitlíochta inbhuanaithe.



# Sracfhéachaint

### Rialachas Sábháilteachta

Bunaíodh feidhmeanna Imscrúdaithe Teagmhais agus Bainistíochta Athruithe Tiomnaithe chun aibíocht sábháilteachta a fheabhsú.

### Feidhmíocht Airgeadais

Mhéadaigh an t-ioncam go dtí €210.7 milliún. Bhí an brabús oibriúcháin cothrom le €11.5 milliún agus bhí an brabús i ndiaidh cánach cothrom le €12.0 milliún, fianaise ar fhás tráchta suntasach agus ar bhainistíocht costais eagraithe faoi TT4.

### Infheistíocht Chaipitil

Cuireadh luach €34.1 milliún d'infheistíocht chaipitil ar fáil i rith 2025, infheistíocht a thacaigh le huasghrádú radair, nuachóiriú an chórais BAT agus athléimneacht oibriúcháin.

### Creat Rialála

Moladh i bPlean TT4 go dtabharfaí cead le haghaidh cinnteacht mhaoinithe don tréimhse cúig bliana idir 2025 – 2029.

### Seasamh Straitéiseach

Ag an gcomhéadan idir an t-aerspás Eorpach agus Atlantaigh Thuaidh, ag tacú le ról na hÉireann mar phríomhgheata trasatlantach.

### Cumarsáid Aigéanach

Bhí an bhliain oibriúcháin is gnóthaí ó bhliain a bhunaithe, 1936, ag Ionad Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh.





### Feidhmíocht Gréasáin

Leanadh ar aghaidh le spriocanna comhlíonta Bhainistíocht Srutha Aerthráchta (BSAT) na hEorpa a shárú, rud a thacaigh le feidhmíocht ghréasáin láidir.

### Feidhmíocht Chomhshaoil

Tacaíodh le feidhmíocht chomhshaoil trí rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscnaimh Eorpacha, lena n-áirítear cláir atá á maoiniú ag AVENIR agus SESAR.

### Barr Feabhais Oibriúcháin

Bunaíodh Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin chun rialachas sábháilteachta, cúrsaí oiliúna agus athléimneacht oibriúcháin a threisiú.

### Maoirseacht Rialála

Ag feidhmiú faoi mhaoirseacht iomlán Údarás Eitlíochta na hÉireann agus ailínithe le cuspóirí an Aerspáis Eorpaigh Aonair.

### Comhoibriú Idirnáisiúnta

Cuireadh obair i gcrích i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta lena n-áirítear COOPANS, CANSO, EUROCONTROL agus SESAR chun tacú le forbairt BAT amach anseo.

### Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin

Bunaíodh Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin chun dearbhú neamhspleách a sholáthar agus chun athléimneacht oibriúcháin a fheabhsú.

# Príomhfhigiúirí

**708,000+**
**eitilt REU**
bainistithe in aerspás atá á rialú ag Éireann in 2025, sin méadú **4.3%** i gcomparáid le 2024.

**560,000+**
**eitilt Atlantaigh Thuaidh**
ag tacú le cumarsáid ghutha ardmhinicíochta (AM), sin méadú **4.4% bliain ar bhliain.**

**294,000+**
**eitilt críochfoirt tráchtála**
láimhseáilte in Aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne, sin **méadú 7.7%** i gcomparáid le 2024 agus **8% níos airde ná leibhéil réamhphaindéime.**

**0.01 nóiméad**
**mhoill BSAT en route, ar an meán, don eitilt,** sin **seirbhís gan mhoill** go héifeachtach agus i measc na seirbhísí is fearr san Eoraip.

Cloíodh le breis is
**95%**
**de na sealanna fágála**
ag trí aerfort an Stáit, rud a chiallaíonn gur sáraíodh an sprioc Eorpach de 80% go suntasach.

**1,960**
**eitilt in aon lá amháin**
– an líon is airde a taifeadadh riamh i Limistéar Rialaithe Aigéanach Shanwick (Iúil 2025).

I measc na
**5 thír is fearr**
**san Eoraip ó thaobh éifeachtúlacht eitiltí de,**
le scór Ruthaig Eitilte Iarbhír (REI) de **1.63%** faoi PTF Comhshaoil TT4.

**Creidiúnú BAT Glas CANSO**
**Leibhéal 3** bainte amach don **dara bliain as a chéile**, fianaise ar fheidhmíocht chomhshaoil.



AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

**Ioncam luach**
**€210.7m**
fianaise ar fhás leanúnach ar ghníomhaíocht en route, chríochfoirt agus Atlantaigh Thuaidh

**Brabús oibriúcháin luach**
**€11.5m**
le tacaíocht ó fhás tráchta láidir agus ó rialú costais eagraithe

**Luach**
**€12.0m**
**de Bhrabús i ndiaidh cánach,** sin méadú €1.6m bliain ar bhliain

**Luach**
**€34.1m**
**d'Infheistíocht chaipitil,**
beagnach dhá oiread níos mó ná leibhéil 2024, curtha ar fáil in BAT, córais radair, cláir athléimneachta agus bhonneagair

**Luach**
**€99.7m**
**de thaiscí airgid thirim agus gearrthéarmacha**
ag deireadh na bliana, ag tacú le hathléimneacht airgeadais agus infheistíocht amach anseo

**Díbhinn**
**€4.8m**
**molta don Stát,**
fianaise ar fheidhmíocht airgeadais láidir agus ar láidreacht an chláir chomhardaithe

**381**
**fostaí oilte agus forbartha**
i rith na bliana trí chláir cheannaireachta, oibriúcháin agus speisialta

**677**
**fostaí, ag tacú le hoibríochtaí sábháilte in aerspás Éireannach, Eorpach agus Atlantaigh Thuaidh**
(suas ó 642 in 2024)

# Ráiteas an Chathaoirligh

› **Bryan Bourke**
**Cathaoirleach**



**In 2025 taifeadadh leibhéil aerthráchta níos airde ná riamh, tús le tréimhse rialála nua agus dul chun cinn leanúnach maidir le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach AirNav Éireann a threisiú. Sholáthair AirNav Éireann seirbhísí sábháilte, iontaofa agus éifeachtúla i dtimpeallacht oibriúcháin atá ag éirí níos éilithí agus i rith tréimhse rialála eacnamaíoch nua.**

Tá ról ríthábhachtach ag AirNav Éireann i mbonneagar náisiúnta na hÉireann agus i gcomhéadan an Aontais Eorpaigh le haerspás an Atlantaigh Thuaidh, fad is atá sé ag tacú le nascacht, gníomhaíocht eacnamaíoch agus cáil idirnáisiúnta an Stáit. Is féidir glacadh leis an bhfeidhmíocht oibriúcháin láidir chun déileáil le trácht méadaithe ar fud oibríochtaí en route, críochfoirt agus aigéanacha mar dhearbhú, fad is atá sé ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar cheann de na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta is fearr san Eoraip.

## › Rialachas agus Maoirseacht

Leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar fheidhmíocht sábháilteachta, comhlíonadh rialála agus riosca eagraíochtúil i rith na bliana. Bhí bunú feidhmeanna tacaíochta breise agus foirne athbhreithnithe tiomnaithe mar bhonn le feabhsuithe fiúntacha ar chreat rialachais sábháilteachta na Cuideachta agus chruthaigh siad deis chun béim leanúnach a leagan ar fhoghlaim, dearbhú agus feabhsú leanúnach chun próisis agus nósanna imeachta inmheánacha a threisiú.

## › An Timpeallacht Rialála

Nuair a cuireadh tús le Tréimhse Thagartha (TT4) in 2025 bunaíodh creat rialála eacnamaíoch nua, a d'éiligh spriocanna maidir le héifeachtúlacht costais, cuntasacht feidhmíochta agus seachadadh ag féachaint do spriocanna foirne agus acmhainne. Bhain AirNav Éireann tairbhe as cur chuige eagraithe agus freagrach maidir le pleanáil agus infheistíocht i ndaoine, córais agus bonneagar chun tacú le hathléimneacht seirbhíse fhadtéarmach. Is fianaise é an méid sin ar struchtúr eagraíochta aibí atá ag feidhmiú laistigh de chreat rialála trédhearcach agus cuntasach.

## › Feidhmíocht Airgeadais

Bhí feidhmíocht airgeadais AirNav Éireann dearfach in 2025, rud a cheadaigh infheistíocht leanúnach i mbonneagar agus i dteicneolaíocht atá ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de. Moladh Plean Feidhmíochta an Stáit do Thréimhse Thagartha 4 (TT4), le haghaidh na mblianta idir 2025 agus 2029, a cheadú don Choimisiún Eorpach le déanaí, rud a thug cinnteacht mhaoinithe le haghaidh AirNav Éireann sna blianta amach romhainn.

In 2025, thuairiscigh an Grúpa brabús oibriúcháin luach €11.5 milliún ar ioncam luach €210.7 milliún, le tacaíocht ó leibhéil tráchta leanúnacha agus rialú costais éifeachtach. Threisigh an fheidhmíocht seo clár comhardaithe agus seasamh leachtachta an Ghrúpa, agus thacaigh sí le hinfheistíocht chaipitil bheartaithe agus le hathléimneacht airgeadais fhadtéarmach a chaomhnú. Mar aitheantas ar an bhfeidhmíocht láidir seo agus ar sheasamh airgeadais na Cuideachta, mhol an Bord díbhinn luach €4.8 milliún a chur ar fáil don Stát.

Ar an 18 Márta 2026, cheadaigh an Ard-Chúirt laghdú caipitil a bhí curtha i gcrích, agus cuireadh cleachtadh cláir chomhardaithe dlí cuideachtaí, riaracháin i gcrích, a bhí riachtanach i ndiaidh aistriú fheidhmeanna an tsoláthraí seirbhíse aerloingseoireachta chuig AirNav Éireann.

## › Daoine agus Cultúr

Tá feidhmíocht AirNav Éireann ag brath go bunúsach ar ghairmiúlacht, saineolas agus díograis na ndaoine atá fostaithe aige. I rith 2025, lean an Chuideachta ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfás na foirne oibre, cúrsaí oiliúna, acmhainn agus folláine na foirne ceannaireachta, agus tacú le hearcú agus le tuilleadh forbairt a dhéanamh ar scileanna na mball foirne chun cabhrú leo a spriocanna a chomhlíonadh, agus i ndeireadh na dála tacú le héilimh sheirbhíse reatha agus ullmhúchán a dhéanamh do riachtanais acmhainne amach anseo.

Tacaíonn an Bord leis an mbéim leanúnach atá á leagan ar thuilleadh forbairt a dhéanamh ar chultúr sábháilteachta, rannpháirtíocht foirne agus tionscnaimh ionchuimsitheachta na Cuideachta. Glactar leis go bhfuil a leithéid riachtanach chun tacú le hardfheidhmíocht i dtimpeallacht atá ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de agus chun cur ar chumas AirNav Éireann a bheith ina rogha fostóra laistigh den earnáil eitlíochta.

## › Inbhuanaitheacht agus Luach Fadtéarmach

Tá ról lárnach ag inbhuanaitheacht agus rialachas freagrach i gcuspóirí AirNav Éireann agus tá béim leanúnach á leagan ar cheannaireacht a léiriú i ndáil le feidhmíocht chomhshaoil, éifeachtúlacht oibriúcháin agus rialachas CSR, atá ailínithe le hionchais aeráide náisiúnta cuideachta tráchtála Fo-stáit.

Glactar le cuspóirí na Cuideachta mar ghné lárnach d'athléimneacht eagraíochtúil fhadtéarmach, creidiúnacht rialála agus muinín páirtithe leasmhara.

## › Ag Féachaint Chun Cinn

Ag tús 2026 tá bonnsraitheanna láidre bunaithe ag AirNav Éireann agus tá béim shoiléir á leagan aige ar shábháilteacht, feidhmíocht, inbhuanaitheacht agus baill foirne.

Thar ceann an Bhoird, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, an fhoireann Feidhmiúcháin agus leis na fostaithe ar fad as an díograis agus gairmiúlacht a léirigh siad i rith 2025. Cinntíonn a n-iarrachtaí comhpháirteacha go bhfuil spéartha na hÉireann sábháilte, éifeachtúil agus athléimneach, agus go leanann AirNav na hÉireann ar aghaidh lena ról mar chóras eitlíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

**Bryan Bourke**
Cathaoirleach

# Athbhreithniú an Phríomh-fheidhmeannaigh

**› Ger Caffrey**
**Príomhfheidhmeannach**



**Is léargas é feidhmíocht AirNav Éireann in 2025, thar rud ar bith eile, ar na daoine atá fostaithe aige.**

Ar fud na heagraíochta, is gairmithe iad ár mbaill foirne a bhfuil spéis ar leith acu i gcúrsaí eitlíochta agus sa ról ríthábhachtach atá á chomhlíonadh ag AirNav Éireann don Stát. Tá siad oilte, díograiseach agus mórtasach as an obair a dhéanann siad gach lá, i dtimpeallachtaí dúshlánacha agus ríthábhachtacha ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de. Is mar gheall ar a ndíograis, gairmiúlacht agus tiomantas do sheirbhís a sholáthar atá ag éirí le AirNav Éireann freastal ar chustaiméirí agus ar Éirinn go sábháilte, go hiontaofa agus go héifeachtach.

Mar eagraíocht táimid dírithe ar an gcustaiméir. Tuigimid go gcaithfimid a chinntiú go mbeidh muinín ag daoine asainn trí sheachadadh seasta, idirghníomhaíocht oscailte agus toilteanas éisteacht. Tá fianaise ar an bhfealsúnacht sin le fáil inár gclár cúraim custaiméirí ar ardchaighdeán. Oibrímid go gníomhach lenár gcustaiméirí, éistímid leis an aiseolas a chuireann siad ar fáil dúinn agus déanaimid iarracht leanúnach freastal ar a n-ionchais—agus iad a shárú más féidir. Tá an bhéim ar chomhpháirtíocht agus ar sheirbhís mar bhonn leis an muinín a bhíonn ag aerlínte as AirNav Éireann.

Mar gheilleagar oileáin oscailte, tá Éire ag brath go huathúil ar eitlíocht chun tacú le turasóireacht, trádáil agus gníomhaíocht gheilleagrach níos ginearálta. Tá ról lárnach ag AirNav Éireann sa nascacht sin a chumasú. In éineacht leis an bhfreagracht seo tá oibleagáid shoiléir ann a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí athléimneach, iontaofa agus go seasfaidh siad an aimsir. I rith 2025, tá béim láidir leagtha againn, dá réir sin, ar bhainistíocht riosca a threisiú ar fud an ghnó, agus béim ar leith a leagan ar athléimneacht ár gcóras, bonneagair agus baill foirne.

Tá tús áite á thabhairt againn do chúrsaí sábháilteachta. Níl barr feabhais sa réimse seo roghnach; tá sé riachtanach chun muinín a chothú i measc ár gcustaiméirí, an phobail a bhíonn ag taisteal, ár rialtóirí agus an Stáit. Is fianaise í ár n-infheistíocht leanúnach i ndaoine, córais agus rialachas ar ár dtiomantas buan do cháil na hÉireann mar thimpeallacht eitlíochta shábháilte agus iontaofa a chosaint.

Ag féachaint chun cinn, táimid fós dírithe ar eagraíocht a fhorbairt atá athléimneach, gairmiúil agus in ann freastal ar éilimh athraitheacha na hearnála eitlíochta. Trí thacú lenár mbaill foirne, éisteacht lenár gcustaiméirí agus na caighdeáin is airde sábháilteachta, slándála agus rialachais a chinntiú, leanfaidh AirNav na hÉireann ar aghaidh lena ról riachtanach d'Éirinn a chomhlíonadh—sa lá inniu ann agus amach anseo.

**Ger Caffrey**
Príomhfheidhmeannach





# Bainistíocht Aerthráchta

Soláthraíonn AirNav Éireann seirbhísí bainistíochta aerthráchta ag an gcomhéadan ríthábhachtach idir aerspás na hEorpa agus an Atlantaigh Thuaidh, ag tacú le nascacht na hÉireann, gníomhaíocht eacnamaíoch agus a ról mar phríomhgheata trasatlantach. In 2025, bhainistigh an Chuideachta leibhéil gan choinne d'aerthrácht ar fud oibríochtaí en route, críochfoirt agus aigéanacha fad is atáthar ag cloí le hardchaighdeáin sábháilteachta, athléimneachta agus feidhmíochta gréasáin

## › Feidhmíocht Gréasáin

I mbliain inar taifeadadh fás tráchta láidir san Eoraip, bhainistigh AirNav Éireann breis is 708,000 eitilt REU in aerspás a bhí á rialú ag Éirinn (+4.3% i gcomparáid le 2024), mar aon le gníomhaíocht gan choinne ina limistéar cumarsáide Atlantaigh Thuaidh.

Bhí caighdeán na seirbhíse fós láidir. Bhí an mhoill Bainistíochta Srutha Aerthráchta en route cothrom le 0.01 nóiméad do gach eitilt ar an meán, agus bhí an bealach a rabhthas ag cloí le sealanna fágála in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne níos airde ná 95%, sin céatadán a bhí go maith os cionn na sprice Eorpaí.

Bhí béim fós á leagan ar fheidhmíocht chomhshaoil. Bhí Éire rangaithe i measc na gcúig Stát Eorpacha is fearr chomh fada is a bhain le héifeachtúlacht eitiltí cothrománacha, le tacaíocht ó bharrfheabhsú aerspáis leanúnach agus dlúth-chomhordú leis an mBainisteoir Gréasáin Eorpaigh agus comhpháirtithe aerlíne.

Tacaíonn cur chun feidhme leanúnach Aerspáis Saorbhealaigh le bealaí níos dírí d'úsáideoirí aerspáis, feabhsaíonn sé éifeachtúlacht agus cabhraíonn sé chun dó agus astaíochtaí breosla a laghdú.

## › An tSionainn En Route

Lean Ionad na Sionainne En Route ar aghaidh le ról ríthábhachtach a bheith aige i ndáil le héifeachtúlacht, athléimneacht agus feidhmíocht sábháilteachta AirNav Éireann a chosaint i rith 2025. Sholáthair an t-aonad seirbhísí aerthráchta en route ar ardchaighdeán go leanúnach tráth ar taifeadadh leibhéil tráchta gan choinne agus ar comhlíonadh rialacháin sábháilteachta agus rialála ar bhealach eiseamláireach.

Treisíodh cultúr sábháilteachta tuilleadh trí aithint ghuaise réamhghníomhach, ceardlanna measúnaithe sábháilteachta rialta, seisiúin faisnéise spriocdhírithe agus athbhreithnithe sábháilteachta seachtainiúla leanúnacha, rud a chabhraigh le teagmhais a bhain le BAT a laghdú. Chomh maith leis sin, thacaigh An tSionainn En Route le príomhthionscadail theicniúla agus bhonneagair agus leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht rialála láidir trí bhainistíocht eagraithe iniúchta agus comhlíonta.

Thacaigh comhordú oibriúcháin feabhsaithe le hionaid in aice láimhe, Litreacha Comhaontaithe nuashonraithe agus comhoibriú trasaonaid éifeachtach le seachadadh seirbhíse éifeachtach. Threisigh forbairt uainchláir láidir agus bainistíocht riosca tuirse le hathléimneacht na foirne oibre, agus lean An tSionainn En Route ar aghaidh ag feidhmiú mar phríomhfhoinse tacaíochta d'oibríochtaí sábháilte, éifeachtúla agus dírithe ar an todhchaí AirNav Éireann.

## › Seirbhísí Críochfoirt (Baile Átha Cliath, Corcaigh agus An tSionainn)

Bhí feidhmíocht sábháilteachta agus oibriúcháin seirbhísí rialaithe aerthráchta in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne, láidir i rith 2025, agus tacaíodh le fás tráchta leanúnach taobh le mórchláir bhonneagair. Mhéadaigh an trácht críochfoirt tráchtála go dtí 294,000 eitilt (+7.7% i gcomparáid le 2024), agus ag deireadh na bliana bhí an figiúr 8.0% os cionn na leibhéal réamhphaindéime.

Ag tacú le hathléimneacht oibriúcháin bhí Córas Bainistíochta Sábháilteachta aibí, cultúr sábháilteachta áitiúil láidir agus rialachas éifeachtach. Sholáthair na haonaid chríochfoirt leanúnachas seirbhíse agus comhlíonadh rialála fad is a leanadh ar aghaidh le feabhsuithe a bhí ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de agus dírithe ar athléimneacht, agus le huasghrádú teicneolaíochta chun tacú le héileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

## › Ionad Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh

Ba í 2025 an bhliain ba ghnóthaí a bhí ag Ionad Cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh, bliain inar tacaíodh le trácht trasatlantach ar fud Limistéar Rialaithe Aigéanach Shanwick, agus taifeadadh buaiclíon eitiltí ar an 20 Iúil – 1,960 eitilt. Mhéadaigh na gluaiseachtaí iomlána 4.4% go dtí 560,000. Lean an t-ionad ar aghaidh le cumarsáid ghutha agus sonraí aerloingseoireachta athléimneacha a chur ar fáil fad is a bhíothas ag leanúint ar aghaidh le hathnuachan córais agus le huasghrádú bonneagair chun tacú le leanúnachas seirbhíse fadtéarmach. Comhthreomhar leis sin, chuir an fhoireann laistigh de EESI le nósanna imeachta chun tionchar oibriúcháin chur isteach an Chórais um Loingseoireacht Satailíte Dhomhanda ar SSAL agus oibríochtaí aerlíne a laghdú.

I mí Dheireadh Fómhair 2026, déanfaidh AirNav Éireann comóradh ar 90 bliain Chumarsáid an Atlantaigh Thuaidh, fianaise ar ról seanbhunaithe an ionaid i dtacú le hoibríochtaí aigéanacha sábháilte agus éifeachtúla de réir mar a leanann leibhéil tráchta ar aghaidh ag fás.



## › Timpeallacht Oibriúcháin

Lean AirNav Éireann le béim shuntasach a leagan ar fhreagracht chomhshaoil i rith 2025 trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhoibriú idirnáisiúnta agus tionscnaimh thaighde. San áireamh anseo bhí rannpháirtíocht leanúnach in AVENIR (Tuairisciú Comhshaoil Eitlíochta) agus tionscadal GEESE a bhí á mhaoiniú ag SESAR, agus á stiúradh ag Airbus. Trí Mheitheal AVENIR, a bhunaigh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE) agus EUROCONTROL, chabhraigh AirNav Éireann le forbairt tionscnamh comhshaoil a raibh sé mar aidhm leo dlús a chur le feabhsuithe feidhmíochta ar fud ghréasán bhainistíocht aerthráchta (BAT) na hEorpa.

Shroich tionscadal GEESE, ina scrúdaítear aisghabháil fuinnimh srutha mar bhealach chun ídiú breosla agus astaíochtaí a laghdú, garsprioc shuntasach i rith na bliana i ndiaidh tástáil rathúil a dhéanamh ar uirlis chomhpháirtíochta an aerárthaigh.

Tá dul chun cinn láidir fós á dhéanamh ag aerfoirt Éireannacha i ndáil le húsáid a bhaint as Oibríochtaí Dreaptha Leanúnacha (ODL) agus Oibríochtaí Tuirlingthe Leanúnacha (OTL) i gcomparáid le haerfoirt den mhéid céanna ar fud na hEorpa. Tacaíonn na nósanna imeachta seo le héifeachtúlacht oibriúcháin feabhsaithe trí leibhéalú a laghdú, dó breosla agus astaíochtaí gaolmhara a laghdú. Shroich Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar shampla, ráta 15% níos airde de ghlacadh ODL/OTL i gcomparáid leis an meán Eorpach d'aerfoirt inchomparáide, fianaise ar na buntáistí comhshaoil agus oibriúcháin a cuireadh ar fáil trí chomhoibriú éifeachtach idir aerfoirt, aerlínte agus soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta.

In 2025, bhíothas fós ag glacadh le héifeachtúlacht eitilte en-route (KEA) mar phríomhtháscaire feidhmíochta comhshaoil na hÉireann, chun éifeachtúlacht ruthag eitilte laistigh d'aerspás atá á rialú ag Éireann a thomhas. Bhí Éire rangaithe sa chúigiú háit san Eoraip chomh fada is a bhain le feidhmíocht KEA, fianaise ar sholáthar láidir go leanúnach. Ainneoin nár comhlíonadh sprioc TT4 sa chéad bhliain, is léir ó anailís atá déanta go raibh tionchar ag fachtóirí seachtracha go príomha ar fheidhmíocht 2025 seachas easnaimh oibriúcháin a d'fhéadfaí a lua le AirNav Éireann.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht le ÚÉÉ trí mhonatóireacht feidhmíochta leanúnach agus trí ullmhúchán a dhéanamh don athbhreithniú TT5 a bhí le déanamh amach anseo, áit a bhfuil leasuithe ar an táscaire seo á mbreithniú. Tacaíonn cur chun feidhme leanúnach Aerspáis Saorbhealaigh le bealaí níos éifeachtúla d'úsáideoirí aerspáis, rud a threisíonn feidhmíocht chomhshaoil agus éifeachtúlacht oibriúcháin.

Don dara bliain as a chéile, bronnadh Creidiúnú BAT Glas CANSO ar Éirinn ag Leibhéal 3, rud a sholáthraíonn aitheantas neamhspleách, a bhfuil an tionscal ag tacú leis, ar chur chuige struchtúrtha agus leabaithe na Cuideachta maidir le feidhmíocht chomhshaoil. I rith na bliana, rinne AirNav Éireann athbhreithniú agus nuashonrú ar a Phlean Bainistíochta Comhshaoil Oibriúcháin Náisiúnta (PBCON) freisin. Leagtar amach sa PBCON leasaithe, a foilsíodh ag tús 2026, tacar athnuaite de thionscnaimh chomhshaoil agus de thosaíochtaí straitéiseacha don Stiúrthóireacht Oibríochtaí agus Straitéise.

I measc na bhforbairtí atá beartaithe i gcomhair 2026 tá tascfhórsa comhshaoil trastionscail á stiúradh ag AirNav Éireann a bhunú, forbairt a dhéanamh ar thábhlaí sraithe feidhmíochta ODL/OTL, agus clár comhshaoil AirNav Éireann a chruthú chun rialachas agus maoirseacht chomhshaoil a threisiú tuilleadh.





## › Cúram Custaiméirí

Tá béim láidir á leagan ag AirNav Éireann ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus ar chaighdeán seirbhíse, agus tá aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le comhoibriú le custaiméirí aerlíne chun seirbhísí aerloingseoireachta sábháilte, éifeachtúla agus intuartha a chur ar fáil. Tá Clár Cúraim Custaiméirí na Cuideachta deartha chun tacú le plé oscailte le húsáideoirí aerspáis, agus a chinntiú go bhfuil feidhmíocht oibriúcháin, seachadadh seirbhíse agus tionscnaimh amach anseo bunaithe ar riachtanais agus ar ionchais custaiméirí.

I rith 2025, d'oibrigh AirNav Éireann go díreach le 30 custaiméir aerlíne ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus an Mheánoirthir. Is ionann na haerlínte seo agus breis is 88% de ghnó BAT na Cuideachta mar aon le trasghearradh leathan de shamhlacha gnó, lena n-áirítear iompróirí lánseirbhíse, oibritheoirí ísealchostais agus aerlínte lastais móra. Bhí an rannpháirtíocht dírithe ar fheidhmíocht oibriúcháin a athbhreithniú, teacht ar thuiscint ar thosaíochtaí custaiméirí agus forbairtí amach anseo a phlé, tacú le feabhsú leanúnach agus le hailíniú seirbhíse.

Ag tús 2026, choimisiúnaigh AirNav Éireann suirbhé sástachta custaiméirí neamhspleách a rinne an tseirbhís sainchomhairleoireachta atá lonnaithe sa Bhruiséil, Schuman Associates. Dearbhú neamhspleách ba ea torthaí an tsuirbhé maidir le muinín láidir i measc tomhaltóirí, agus bhí an ráta sástachta custaiméirí foriomlán cothrom le 91%. San aiseolas tarraingíodh aird ar an tuiscint láidir leanúnach ar shábháilteacht, seachadadh seirbhíse, luach ar airgead, cumarsáid agus tacaíocht do chuspóirí inbhuanaitheachta. Tá an t-eolas a bailíodh sa suirbhé seo in úsáid chun bonn eolais a chur ar fáil do phleanáil oibriúcháin agus teicneolaíochta, chun ailíniú leanúnach a chinntiú idir tosaíochtaí a bhaineann le hionchais custaiméirí agus cumas na foirne oibre.

I bhFíor 1 thíos leagtar amach buaicphointí an aiseolais a fuaireamar ónár gcustaiméirí ar an 28 Feabhra 2026

Chun cabhrú linn chun ár n-acmhainní a dhíriú ar na réimsí is tábhachtaí do ghnóthaí ár gcustaiméirí, fiafraíodh díobh sé phríomhréimse feidhmíochta a rangú, in ord tábhachta chomh fada is a bhaineann lena ngnó féin.  Ar an 28 Feabhra 2026, tá ár ráta sástachta custaiméirí fhoriomlán cothrom le 91%.

Tá a gcuid freagraí le fáil i bhFíor 2 thíos.

**Buaicphointí an tSuirbhé Custaiméirí**

| 91% | 100% | 100% | 100% | 100% | 100% | 93% |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Sástacht Custaiméirí | Iontach nó Maith le haghaidh Seirbhísí do Chustaiméirí | An-tacúil nó Tacúil chomh fada is a bhaineann le Cuspóirí Inbhuanaitheachta | Iontach nó Maith le haghaidh Seachadadh Seirbhíse | Iontach nó Maith le haghaidh Luach ar Airgead | Iontach nó Maith le haghaidh Cumarsáid | Iontach nó Maith le haghaidh Nuálaíocht |

*Fíor 1: Buaicphointí an tSuirbhé Custaiméirí*

**Na Rudaí is Tábhachtaí i gcás Gnóthaí Custaiméirí**

1. Aerspás Éifeachtúil
2. Leibhéil Mhoille Ísle
3. Táillí Ísle Úsáideoirí
4. Athléimneacht Oibriúcháin
5. Córas Inbhuanaithe BAT
6. Dea-chaidreamh le Custaiméirí

*Fíor 2: Na Rudaí is Tábhachtaí i gcás Gnóthaí Custaiméirí*

## Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin


In 2025, bhí ról lárnach ag an Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin (TBFSO) chomh fada is a bhain le rialachas sábháilteachta, feidhmíocht oibriúcháin agus athléimneacht eagraíochtúil AirNav Éireann a threisiú. Bunaithe mar thionscnamh faoi cheangal ama, thug an tascfhórsa faoi athbhreithniú cuimsitheach ar Oibríochtaí agus Teicneolaíocht, bunaithe ar bhreathnóireacht oibriúcháin bheo, rannpháirtíocht foirne struchtúrtha, anailís ar nós imeachta agus measúnuithe tascanna spriocdhírithe chun dearbhú neamhspleách a sholáthar maidir le láidreacht na socruithe reatha.


Bhí obair an tascfhórsa mar bhonn le roinnt forbairtí eagraíochta tábhachtacha, lena n-áirítear dlús a chur le samhail inniúlachta nua Rialtóir Aerthráchta a raibh triail le baint aisti ag tús 2026, cur chuige rollach trí bliana athnuaite a fhorbairt maidir le hoiliúint athnuachana aonaid, agus tacaíocht chun Cill Bainistíochta Athruithe tiomnaithe a bhunú. Treisíonn na tionscnaimh seo comhsheasmhacht nóis imeachta, dearbhú agus rialachas in aonaid oibriúcháin.

Is fianaise í obair an Tascfhórsa Bairr Feabhais Sábháilteachta agus Oibriúcháin ar thiomantas AirNav Éireann chun riosca réamhghníomhach a aithint, feabhsú leanúnach a dhéanamh agus ardchaighdeáin oibriúcháin a chothabháil i dtimpeallacht atá ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilte de, a thacaíonn le cumas na Cuideachta fás tráchta leanúnach a bhainistiú go sábháilte agus castacht córais a mhéadú.

## Feidhmíocht agus Maoirseacht Sábháilteachta

Tá tús áite á thabhairt ag AirNav Éireann do shábháilteacht i gcónaí, agus tá sábháilteacht mar bhonn le gach cinneadh oibriúcháin, straitéiseach agus eagraíochta. In 2025, lean AirNav Éireann ar aghaidh le seirbhís BAT/SAL shábháilteacht, shlán agus athléimneach a chur ar fáil, le tacaíocht ó Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS), rannpháirtíocht rialála láidir agus gealltanas ón eagraíocht uile maidir le feabhsú leanúnach.





AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

## Rialachas agus Dearbhú Sábháilteachta

Neartaíodh rialachas sábháilteachta trí ghníomhaíocht dearbhaithe feabhsaithe agus trí fheidhmeanna tiomnaithe Imscrúdaithe Teagmhais agus Bainistíochta Athruithe a bhunú. Tacaíonn na feidhmeanna breise seo le foghlaim, rialú athruithe láidir agus aibíocht sábháilteachta leanúnach.

Chuir Monatóireacht Chomhlíonta an clár maoirseachta bliantúil i gcrích, cuireadh iniúchtaí pleanáilte i gcrích agus déileáladh le torthaí laistigh de thréimhsí ama comhaontaithe. Cuireadh leis an bhfoireann in 2025 chun síneadh a chur le cumhdach in 2026.

Tá AirNav Éireann ag feidhmiú faoi mhaoirseacht sábháilteachta ÚÉÉ agus leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht iomlán agus chuiditheach le gach iniúchadh, cigireacht agus gníomhaíocht dearbhaithe rialála i rith na bliana.

Tá AirNav Éireann ailínithe go hiomlán le cuspóirí chreat Aerspáis Eorpaigh Aonair (AEA) agus, in 2025, comhlíonadh spriocanna sábháilteachta Fheidhmíocht Rialála 3 (FR3), lena n-áirítear scóir arda a bhain le hÉifeachtacht Bainistíochta Sábháilteachta (ÉBS).

Is gné lárnach é an Córas Bainistíochta Sábháilteachta de Chóras Bainistíochta Comhtháite (CBC) AirNav Éireann. Tá an CBC deartha chun feidhmíocht eagraíochta agus bainistíocht riosca a fheabhsú trí nasc a chruthú idir gnéithe coitianta de chórais bhainistíochta éagsúla. Spreagann CBC AirNav Éireann éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht agus tacaíonn sé le cur chuige “foireann amháin” sa Chuideachta trí chéile. Comhtháthaíonn sé bainistíocht sábháilteachta in oibríochtaí laethúla seachas caitheamh leis an obair mar chlár aonair nó leithlisithe. Tacaíonn Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE) leis an modh seo, agus moltar go mbeadh eagraíochtaí in ann cinntí bainistíochta sábháilteachta agus rioscabhunaithe a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht, seachas córais bhreise a bhunú sa bhreis ar na córais atá ann cheana féin.

## Príomhrioscaí Sábháilteachta agus Maoluithe

Lean AirNav Éireann ar aghaidh lena phríomhghuaiseacha sábháilteachta a bhainistiú trí chreat struchtúrtha agus rioscabhunaithe. Baineann príomhréimsí riosca le daoine, córais agus próisis, agus tá béim ar leith á leagan ar fheidhmíocht dhaonna, lena n-áirítear tuirse agus strus.

Cuireadh raon leathan beart agus gníomhaíochtaí maolaithe chun feidhme nó chun cinn i rith na bliana, lena n-áirítear grúpaí gníomhaíochta sábháilteachta, iniúchtaí, gnáthshuirbhéanna sábháilteachta ar oibríochtaí, cumarsáid agus oiliúint feabhsaithe, agus baineadh úsáid as anailísíocht sonraí sábháilteachta chun treochtaí agus comharthaí laga a aithint.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar thionscnaimh feidhmíochta daonna trí athbhreithnithe ar luach uainchláir agus rannpháirtíocht le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus comhlachtaí taighde. Chomh maith leis sin, rinne an eagraíocht forbairt ar an úsáid atá á baint aici as teicneolaíocht agus nuálaíocht chun tacú le faisnéis sábháilteachta, lena n-áirítear ionsamhlú mear-ama agus scrúdú ar intleacht shaorga chun anailís sonraí sábháilteachta a fheabhsú.

## Monatóireacht ar Fheidhmíocht Sábháilteachta

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta trí thacar sainithe de Tháscairí Feidhmíochta Sábháilteachta (TFS). Rianaigh AirNav Éireann feidhmíocht náisiúnta agus aonadleibhéil i bpríomhchatagóirí teagmhais, lena n-áirítear sárú ar íosfhad scartha, ionraidh rúidbhealaigh, clistí leibhéil, imeachtaí ó chead RAT agus sárú aerspáis.

I rith 2025, chomhlíon AirNav Éireann a chuspóir maidir le srian a chur leis an tslí a raibh BAT ag cur le teagmhais fhoriomlána go dtí faoi bhun na tairsí spriocdhírithe, fianaise ar rialuithe riosca éifeachtacha agus ar athléimneacht oibriúcháin. Ainneoin gur comhlíonadh formhór na gcuspóirí sábháilteachta, bhí sé riachtanach béim a leagan ar réimsí áirithe fós, rud a threisigh gealltanas na Cuideachta maidir le foghlaim, trédhearcacht agus feabhsú leanúnach.

Rinneadh monatóireacht ar fheidhmíocht riosca freisin trí úsáid a bhaint as uirlisí monatóireachta feidhmíochta riosca bunaithe ar threocht, rud a cheadaigh rioscaí nua a aithint go luath agus tacú le bainistíocht sábháilteachta réamhghníomhach.

Déantar monatóireacht ar fheidhmíocht sábháilteachta agus ar riosca oibriúcháin trí ghnáthaimh thuairiscithe agus rialachais rialta struchtúrtha, a cheadaíonn rioscaí nua a aithint go luath, géarú a dhéanamh go tráthúil agus maoluithe agus gníomhartha ceartaitheacha a rianú.

## › Cultúr Sábháilteachta

Tá ról lárnach ag cultúr sábháilteachta láidir agus oscailte i gcur chuige AirNav Éireann maidir le sábháilteacht. Spreagtar tuairisciú teagmhais go gníomhach trí chreat Cultúir Chóir atá neamhphionósach agus bunaithe ar iontaoibh, a bhfuil córas tuairiscithe Tokai ag tacú leis. Scaiptear faisnéis agus ceachtanna sábháilteachta foghlamtha go rialta ar fud na Cuideachta trí nuashonruithe míosúla, athbhreithnithe ar fheidhmíocht sábháilteachta agus coistí sábháilteachta aonadleibhéil.

Rinneadh measúnú ar an gcultúr sábháilteachta trí shuirbhéanna, iniúchtaí agus gníomhaíochtaí monatóireachta leanúnacha i rith 2025.

## › Feabhsú Leanúnach


Ainneoin gur leanadh ar aghaidh le feidhmíocht sábháilteachta láidir in 2025, tuigeann AirNav Éireann go bhfuil sé riachtanach béim leanúnach a leagan ar bharr feabhais sábháilteachta. Táthar ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar théamaí aitheanta go leanúnach trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus tá cláir ghnímh cheartaithigh bunaithe.

Ag féachaint chun cinn, tá AirNav Éireann tiomanta dá chórais sábháilteachta a neartú, faisnéis sábháilteachta a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh i réitigh theicneolaíocha agus cultúr sábháilteachta dearfach a chothú chun soláthar sábháilte agus slán seirbhísí aerloingseoireachta d'Éirinn a chinntiú.

## › Bainistíocht Riosca

Tá ról lárnach ag bainistíocht riosca i ngach gné dár gCuideachta in AirNav Éireann. Ainneoin nach féidir riosca a sheachaint in aon tionscal nó gnó, braitheann timpeallacht bainistíochta aerthráchta atá ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de ar bhainistíocht riosca mhionchúiseach agus mhodheolaíoch chun na caighdeáin is airde sábháilteachta, sláine oibriúcháin agus comhlíonta rialála a chinntiú. Leagann AirNav Éireann béim shuntasach freisin ar leanúnachas gnó agus rioscaí seachadta seirbhíse a bhainistiú chun tacú le hoibríochtaí iontaofa, fad is a bhíonn monatóireacht agus bainistíocht á ndéanamh ar réimse éagsúil rioscaí eile lena n-áirítear ár n-oibleagáidí inbhuanaitheachta, intleacht shaorga agus athruithe domhanda chun deis a thabhairt dúinn straitéisí a oiriúnú do dhúshláin a bheidh le sárú amach anseo. Baineann AirNav Éireann tairbhe as meascán de thaithí, saineolas agus pleanáil chun cinn chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag riosca ar a chuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, ailínithe lenár riosca inghlacthachta.

Tá forbairt á déanamh go leanúnach ar bhainistíocht riosca ag AirNav Éireann. In 2025, rinneadh tuilleadh forbairt ar na hacmhainní bainistíochta riosca trí ghlacadh le creat bainistíochta riosca fiontraíochta i ngach gné dár ngnó. Trí ghlacadh le creat fiontraíochta, tá AirNav Éireann ag baint úsáid as cur chuige caighdeánaithe maidir le bainistíocht riosca ar fud na Cuideachta. Lena chois sin, táthar ag glacadh leis an bhfeidhm bainistíochta riosca mar fheidhm lárnach neamhspleách ó 2025, rud a chinntíonn gur féidir an bhéim oiriúnach a leagan ar bhainistíocht agus ar thuilleadh forbairt a dhéanamh ar acmhainní bainistíochta riosca, rud is cúis le laghdú riosca agus le cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.








### Ón mBarr Anuas

**Cuirtear ar chumas an Bhoird agus na Foirne Feidhmiúcháin cinntí rioscabhunaithe a dhéanamh:**

- **Maoirseacht an Bhoird ar an gcreat riosca agus bainistíocht riosca. Is mír sheasta ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú Boird é riosca, agus cuirtear príomhrioscaí i láthair ionas gur féidir meastóireacht a dhéanamh orthu.**
- **Déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht ar fheidhmiú an phróisis bhainistíochta riosca agus tacaíonn sé leis an mBord chun a dhualgais mhaoirseachta a chomhlíonadh.**
- **Ceardlanna riosca leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin**
- **Inghlacthacht riosca a bhunú agus eolas maidir leis a roinnt**

### Ón mBun Aníos

**Cuirtear dlús le bainistíocht riosca láidir ar fud na Cuideachta:**

- **Ceardlanna Riosca Áitiúil chun aithint, beartú tosaíochta agus maolú rioscaí mionsonraithe ag leibhéal áitiúil ar fud téamaí agus suíomhanna difriúla a éascú.**
- **Cultúr rannpháirteach atá airdeallach ar rioscaí ar fud na Cuideachta**

Is ar Bhord AirNav Éireann atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca, rud a chinntíonn go bhfuil neamhchosaint riosca na Cuideachta ailínithe leis na cuspóirí straitéiseacha, laistigh den inghlacthacht riosca agus á bainistiú go cuí trí rialuithe inmheánacha láidre. Tá ról lárnach ag Beartas Bainistíochta Riosca an Bhoird, ar glacadh leis ag tús 2025, sa chreat bainistíochta riosca fiontraíochta. Sa Bheartas leagtar amach creat láidir chun rioscaí a aithint, a mheas agus a mhaolú ar fud na Cuideachta.

Chomh maith leis sin, cuireann an Beartas dlús le faireachas, agus bíonn gach gné de phróifíl riosca na Cuideachta faoi réir athbhreithnithe rialta agus, más gá, géarú agus measúnú tapa ar rioscaí ábhartha nuair a bhíonn a leithéid i gceist. Ag tacú leis an bpróiseas seo tá clár fairsing athbhreithnithe riosca agus ceardlann a chabhraíonn le foirne bainistíochta AirNav Éireann chun neamhchosaint riosca a bhainistiú ag leibhéil inghlactha.

Sa Bheartas sainítear go soiléir róil agus freagrachtaí, agus cinntítear go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe ag gach leibhéal den Chuideachta. Baineann AirNav Éireann úsáid as samhail rialachais na 'dTrí Líne', agus laistigh de sin déanann a Chreat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta ionadaíocht ar an dara líne cosanta.

Is ionann inghlacthacht riosca AirNav Éireann agus an méid agus an cineál riosca a bhfuil an Chuideachta toilteanach glacadh leis chun a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh. Soláthraíonn sé creat do chinnteoireacht agus do rialachas, agus cinntíonn sé go ndéantar cinntí a bhfuil tionchar acu ar ár rioscaí de réir ár gcuspóra, luachanna agus tosaíochtaí oibriúcháin. Tá inghlacthacht riosca éagsúil ag AirNav Éireann maidir le sábháilteacht, slándáil agus riosca seachadta seirbhíse, agus tá tús áite á thabhairt do na caighdeáin is airde de chomhlíonadh sábháilteachta agus rialála oibriúcháin chun a chinntiú go bhfuil paisinéirí, criú agus aerárthaí á gcosaint.

Os a choinne sin, tá ár n-inghlacthacht riosca nuálaíochta agus tráchtála oscailte, rud a chiallaíonn gur féidir tairbhe a bhaint as deiseanna a fheabhsaíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus a chabhraíonn linn ag an am céanna tairbhe a bhaint as deiseanna tráchtála. Cuireann an cur chuige cothrom seo ar ár gcumas tairbhe a bhaint as deiseanna fáis agus ag an am céanna sláine ár gcreata oibriúcháin a chosaint.

Tá creat bainistíochta riosca fiontraíochta AirNav Éireann bunaithe ar an tsamhail riosca 'Ón mBarr Anuas agus Ón mBun Aníos'. Is cuir chuige chomhlántacha iad bainistíocht riosca ón mbarr anuas agus ón mbun aníos a chruthaíonn, i dteannta a chéile, straitéis riosca láidir, iomlánaíoch. Tá an cur chuige ón mbarr anuas, bunaithe ar cheannaireacht an Bhoird agus ár bhFoirne Feidhmiúcháin, dírithe ar rioscaí straitéiseacha ar leibhéal fiontraíochta. Aithníonn agus tuairiscíonn an cur chuige ón mbarr anuas, a bhfuil ár bhfoirne oibriúcháin freagrach as, ar rioscaí gráinneacha, laethúla. Cinntíonn an cur chuige hibrideach seo cothromaíocht idir treo straitéiseach agus réaltacht oibriúcháin ar fud ár gCuideachta.

**Is féidir príomhrioscaí AirNav Éireann a chatagóiriú i gceann de thrí chatagóir atá leagtha amach thíos.**

1. Rioscaí Sábháilteachta a eascraíonn as teip na bpróiseas agus na struchtúr curtha chun feidhme chun bonn eolais a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí sábháilteachta agus slándála agus chun iad a threorú, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
2. Rioscaí Leanúnachais Gnó a thagann chun cinn is cúis le cur isteach nó caillteanas seirbhíse mar gheall ar theip córas nó srianta oibriúcháin, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas na Cuideachta seirbhísí aerloingseoireachta leanúnacha agus iontaofa a chur ar fáil. San áireamh anseo tá rioscaí cibearshlándála a bhaineann le bainistíocht bagairtí seachtracha do chórais TF agus teicneolaíochta agus rioscaí a bhaineann le soláthraithe tríú páirtí criticiúla.
3. Rioscaí Forghníomhaithe / Seachtracha Straitéise a eascraíonn as drochphleanáil straitéiseach, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara nó freagrúlacht i ndáil le hathruithe comhshaoil seachtracha. Rioscaí a eascraíonn as teip tacú le socruithe bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta éifeachtacha, lena n-áirítear laghdú suntasach ar aerthrácht nó teip acmhainní airgeadais na Cuideachta a chosaint. San áireamh freisin tá rioscaí a eascraíonn as tionscnaimh straitéiseacha cosúil le hintleacht shaorga nó teicneolaíochtaí nuálacha a bhunú atá in ann éifeachtacht a fheabhsú.






AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

**Déanaimid monatóireacht leanúnach le haghaidh rioscaí breise, bainimid úsáid as teicneolaíocht chun bagairtí nua nó ceilte a aithint agus déileáil leo nuair a thagann siad chun cinn.**

**Tá AirNav Éireann tiomanta do bhainistíocht riosca leanúnach, láidir chun a chinntiú go gcuirimid seirbhísí sábháilte, slána, éifeachtúla agus athléimneacha ar fáil do chách.**

## › Teicneolaíocht

In 2025, lean córais bhainistíochta aerthráchta AirNav Éireann ar aghaidh ag soláthar ardleibhéal iontaofachta agus infhaighteachta, ag tacú le soláthar sábháilte, slán agus éifeachtúil seirbhísí bainistíochta aerthráchta do chustaiméirí aerlíne. I rith na bliana, leanadh ar aghaidh le béim a leagan ar thionscadail chriticiúla a sholáthar a bhí ag déileáil le hacmhainn, athléimneacht chórais, dífheidhmeacht agus comhlíonadh rialála, mar aon le feabhsuithe leanúnacha sábháilteachta agus slándála.

Cuireadh roinnt feabhsuithe teicneolaíochta tábhachtacha i gcrích i rith na bliana chun tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil d'athléimneacht oibriúcháin agus d'éifeachtacht rialtóra. Ina measc seo bhí córas taifeadta gutha nua a bhunú agus córas cumarsáide teagmhasachta nua a chur chun feidhme i dTúr Chorcaí, rud a threisigh láidreacht agus athléimneacht acmhainn chumarsáide AirNav Éireann. I dTúr na Sionainne, cuireadh an obair a bhain le gineadóir nua a chur ar fáil i gcrích, rud a d'fheabhsaigh iontaofacht an bhonneagair chumhachta chriticiúil agus a thacaigh le leanúnachas oibríochtaí.

Cuireadh uasghrádú bonneagair suntasach i gcrích freisin chun tacú le hoibríochtaí faireachais agus teicniúla. Coimisiúnaíodh suiteáil radair nua i mBaile Átha Cliath, fud a d'fheabhsaigh acmhainn faireachais agus a thacaigh le soláthar sábháilte leanúnach seirbhísí aerthráchta.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár chun córais bhainistíochta aerthráchta chúltaca a ionadú in aonaid rialaithe aerthráchta i rith na bliana. Is gné lárnach iad na córais chúltaca neamhspleácha seo de shocruithe teagmhasachta AirNav Éireann, a sholáthraíonn athléimneacht oibriúcháin feabhsaithe agus a thacaíonn le leanúnachas seirbhíse sa chás go gcuirtear isteach ar phríomhchóras.

Leanadh ar aghaidh freisin leis an uasghrádú suntasach ar an gcóras bainistíochta aerthráchta, a sholáthróidh ardán nua-aimseartha, úrscothach a bheidh ailínithe le ceanglais bhainistíochta aerthráchta Eorpacha amach anseo. Tá an t-uasghrádú seo á dhéanamh i gcomhar le comhpháirtithe COOPANS AirNav Éireann, a thacaíonn le comhchuibhiú, idir-inoibritheacht agus comhoibriú teicniúil costéifeachtach i soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta Eorpacha rannpháirteacha, ar aon dul leis an bhfís Eorpach trí chéile maidir le bainistíocht aerthráchta chomhtháite.

Lean an roinn Teicneolaíochta Faisnéise ar aghaidh le seirbhís an-iontaofa a chur ar fáil a thacaíonn le hobair áitiúil agus ó chian. I rith 2025, bhí an roinn TF dírithe ar fheabhsú próisis a chumasú, anailísíocht sonraí feabhsaithe agus faisnéis ghnó ar fud na Cuideachta. Chuir infheistíocht leanúnach i gcibearshlándáil le hathléimneacht na Cuideachta in aghaidh cibearbhagairtí atá ag forbairt.

## › Clár Intleachta Saorga (IS)

I rith 2025, chuir AirNav Éireann dlús le clár Intleachta Saorga struchtúrtha agus rioscabhunaithe, a bhí dírithe ar tháirgiúlacht, digitiú agus uathoibriú a chumasú fad is a bhíothas ag díriú ar rialachas agus ar ailíniú rialála láidir. Tá an clár seo dírithe ar imlonnú rialaithe IS ar fud na Catalóige Seirbhíse TFC, le tacaíocht ó Bheartas IS corparáideach agus creat rialachais IS sainithe.

I rith 2025, chuir TFC AirNav ráillí cosanta chun feidhme a bhí ailínithe le hAcht IS an AE (Rialachán (AE) 2024/1689) agus le NIS2 (Treoir (AE) 2022/2555). Threisigh na ráillí cosanta seo rialuithe cosanta sonraí agus slándála faisnéise, bhí siad dírithe ar oiliúint foirne chun tacú le húsáid shábháilte agus fhreagrach uirlisí IS.

Dhírigh rolladh amach an chláir IS ar thacú le tascanna riaracháin, anailíseacha agus eolasbhunaithe níos éifeachtúla, chun luas agus caighdeán an ullmhúcháin doiciméid a fheabhsú, chun tuairisciú a dhéanamh mar aon le hanailís sonraí agus comhoibriú inmheánach, agus i rith an ama bhí aird á tabhairt ar mhaoirseacht dhaonna. Chuir an clár IS ar chumas ball foirne níos mó ama a chaitheamh ag díriú ar ghníomhaíochtaí a bhí ríthábhachtach ó thaobh sábháilteachta de agus a chuir luach leis an obair, agus bhí tacaíocht á cur ar fáil trí oiliúint struchtúrtha agus rialuithe úsáide soiléire. Pointe tábhachtach is ea gur tacaíodh leis na buntáistí seo gan riosca oibriúcháin nó sábháilteachta a chruthú, trí úsáid a bhaint as cosaint sonraí láidir, rialú rochtana agus bearta comhlíonta, fianaise ar ról AirNav mar bhonneagar náisiúnta ríthábhachtach agus ar a ghealltanas i ndáil le hoibríochtaí sábháilte, athléimneacha agus comhlíontacha.

# Athbhreithniú Airgeadais

## Buaicphointí

Ioncam
**€210.7m**
***(2024: €196.8m)***

Brabús oibriúcháin
**€11.5m**
***(2024: €8.2m)***

Brabús i ndiaidh Cánach
**€12.0m**
***(2024: €10.3m)***

TRÚCDA
**€23.7m**
***(2024: €19.6m)***

Airgead/taiscí
**€99.7m**
***(2024: €87.5m)***

Infheistíocht chaipitil
**€34.1m**
***(2024: €16.5m)***





### › Forléargas


Leanadh ar aghaidh leis an bhfeidhmíocht airgeadais a neartú in 2025. Thaifead an Grúpa láimhdeachas luach €210.7 milliún *(2024: €196.8 milliún)* agus brabús i ndiaidh cánach luach €12.0 milliún *(2024: €10.3 milliún)*. Thacaigh giniúint airgid láidir le clár infheistíochta caipitil suntasach, agus bhí cuma mhaith ar chlár comhardaithe agus ar sheasamh leachtachta an Ghrúpa. Tá sé beartaithe ag an mBord díbhinn luach €4.8 milliún a íoc leis an Stát.

Tá AirNav Éireann ag obair i dtimpeallacht an-rialaithe, agus tagann formhór an ioncaim ó sheirbhísí aerloingseoireachta en route agus críochfoirt a chur ar fáil laistigh d'aerspás rialaithe na hÉireann agus seirbhísí cumarsáide aerloingseoireachta a chur ar fáil sa chuid thoir den Atlantach Thuaidh. Tá ról lárnach ag sábháilteacht, leanúnachas seirbhíse agus inbhuanaitheacht airgeadais i samhail oibriúcháin an Ghrúpa.

### › Coimisinéirí Ioncaim

Mhéadaigh ioncam an Ghrúpa 7.0% go dtí €210.7 milliún in 2025, fianaise ar fhás leanúnach ar ghníomhaíocht aerthráchta in oibríochtaí en route, críochfoirt agus Atlantaigh Thuaidh.

**Meascán Ioncaim – 2025**




- 1% Díolmhaithe | €1.7m
- 3% Eile €5.8m
- Cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh 9% | €20.0m
- Críochfort 16% | €33.1m
- En route 71% | €150.1m

Bhí ioncam en route freagrach as 71% den ioncam iomlán, agus bhí ioncam críochfoirt agus seirbhísí cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh freagrach as 16% agus 9% den ioncam iomlán faoi seach. Bhí an meascán ioncaim foriomlán comhsheasmhach a bheag nó a mhór leis na blianta roimhe sin.

Baineann ioncam en route le traseitiltí nach dtuirlingíonn in Éirinn, tríd is tríd. Baineann ioncam críochfoirt le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh in aerfoirt an Stáit, Corcaigh, Baile Átha Cliath agus An tSionainn, agus chomh fada is a bhaineann leis an Atlantach Thuaidh, soláthraíonn an Grúpa seirbhís cumarsáide gutha ardmhinicíochta.

Tá beagnach 90% d'ioncam an Ghrúpa á rialú go neamhspleách faoi Scéim Feidhmíochta agus Muirearaíochta Aerspás Eorpaigh Aonair (AEA) an AE, a bhfuil maoirseacht á déanamh uirthi ag ÚÉÉ ina cháil mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta. Clúdaíonn an tréimhse thagartha rialála reatha, TT4, na blianta idir 2025 agus 2029. Le déanaí, mhol Comhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta AEA Plean Feidhmíochta an Stáit a cheadú don Choimisiún Eorpach, agus an tslí sin, creat cobhsaí agus intuartha a chur ar fáil chun costais na Cuideachta a íoc, costais oibriúcháin foirne agus neamhfhoirne a chur san áireamh, dímheas ar shócmhainní rialaithe agus toradh ar chaipiteal.

San áireamh in ioncam rialaithe, ina bhfuil ioncam en route agus críochfoirt, tá coigeartuithe a eascraíonn as comhroinnt riosca tráchta agus meicníochtaí aisíoca costais mar aon le difríochtaí idir boilsciú, dímheas agus costas caipitil iarbhír agus pleanáilte. D'fhéadfadh na coigeartuithe rialála a bheith mar bhonn le míreanna infhála ó / nó míreanna iníoctha le custaiméirí aerlíne, a ndéantar a aisghabháil nó a chúiteamh trí rátaí aonaid en route agus críochfoirt i rith tréimhsí amach anseo. Tá an Grúpa ag déileáil le mír infhála shuntasach fós a bhain le méid tráchta laghdaithe i rith thréimhse COVID 19, a bhí le haisghabháil thar thréimhse chomhaontaithe 7 mbliana idir 2023 agus 2029.

Lean gníomhaíocht aerthráchta ar aghaidh ag fás i rith na bliana. Mhéadaigh aonaid seirbhíse en route 3.6%, mhéadaigh aonaid seirbhíse críochfoirt 6.2%, agus mhéadaigh eitiltí cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh 4.4% i gcomparáid le 2024. Dá réir sin, tá fianaise le fáil i bhfeidhmíocht ioncaim ar leibhéil ghníomhaíochta mhéadaithe agus ar oibriú an chreata rialála.

| Gníomhaíocht | 2025 | 2024 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Aonaid seirbhíse en route ('000) | 5,168 | 4,988 | +3.6% |
| Aonaid seirbhíse críochfoirt ('000) | 207 | 195 | +6.2% |
| Eitiltí cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh ('000) | 561 | 537 | +4.4% |

| Táillí Custaiméirí | 2025 | 2024 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| En route | €33.31 | €28.78 | +15.7% |
| Críochfoirt | €166.52 | €184.90 | -9.9% |
| Cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh | €36.05 | €34.10 | +5.7% |

### › Costais Oibriúcháin

Mhéadaigh costais oibriúcháin €10.6 milliún (5.6%) go dtí €199.1 milliún in 2025, fianaise, tríd is tríd, ar chostais foirne agus oiliúna níos airde a bhaineann le leibhéil tráchta leanúnacha agus le hinfheistíocht leanúnach in acmhainn oibriúcháin, costais MET níos airde agus costais dímheasa níos airde mar gheall ar infheistíocht chaipitil mhéadaithe. Bhí costais phá agus phinsin foirne cothrom le €106.9 milliún, nó 54% de na costais oibriúcháin iomlána. Bhí na costais phárolla níos airde mar gheall ar mheánlíon foirne níos airde, méaduithe pá ginearálta agus costais foirne athraitheacha níos airde, lena n-áirítear ragobair agus cúltaca, atá riachtanach chun tacú le méid mór tráchta agus gníomhaíochta tionscadail. Mhéadaigh meánlíon na bhfostaithe go dtí 677 in 2025 *(2024: 642)*. I rith na bliana, ghlac an Chuideachta páirt i gComhaontú Saothair Comhchoiteann don tréimhse idir 2025 agus 2029, ina bhforáiltear le haghaidh méaduithe ginearálta, earnálacha agus pá eile agus solúbthacht feabhsaithe san áit oibre agus tionscnaimh nua-chóirithe, fad is a mbeidh siad ag tacú le leanúnachas seirbhíse agus le cobhsaíocht thionsclaíoch.

Tríd is tríd, is fianaise é an méadú ar chostais oibriúcháin ar infheistíocht san fhoireann, in oiliúint agus i mbonneagar chun tacú le seachadadh seirbhíse agus le fás tráchta amach anseo, laistigh de chomhthéacs creata rialaithe den chuid is mó.

## › Brabús Oibriúcháin

Thaifead an Grúpa brabús oibriúcháin luach €11.5 milliún, i gcomparáid le €8.2 milliún in 2024. Neartaíodh an fheidhmíocht en route agus críochfoirt sa chéad bhliain de thréimhse TT4, le tacaíocht ó thoradh níos airde ar an mbonn sócmhainní rialaithe agus oibriú na sásraí toraidh rialála. Chuir cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh níos mó ar fáil in 2025 freisin.

Tríd is tríd, is fianaise í brabúsacht an Ghrúpa ar fheidhmíocht oibriúcháin agus ar bhainistíocht costais láidir laistigh de chreat rialála TT4.

## › Brabús i ndiaidh Cánach

Thuairiscigh an Grúpa brabús i ndiaidh cánach luach €12.0 milliún in 2025, sin méadú de €1.7 milliún i rith 2024. Is fianaise é an feabhas ar bhrabús oibriúcháin níos airde, glanioncam úis dearfach agus ranníocaíocht as infheistíocht ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm uirthi de chuid an Ghrúpa.

Mhéadaigh an muirear cánach iomlán go dtí €2.7 milliún, fianaise ar bhrabúsacht níos airde agus ar mheascán d'ioncam inchánach. Tá réiteach mionsonraithe den mhuirear cánach leagtha amach i Nóta 7 leis na ráitis airgeadais.

## › Leachtacht

Neartaíodh seasamh leachtachta an Ghrúpa i rith na bliana. Bhí an glanmhéid airgid a gineadh ó oibríochtaí cothrom le €43.5 milliún *(2024: €21.8 milliún)*, mar gheall ar bhrabúsacht níos airde agus sreafaí caipitil oibre feabhsaithe. Mhéadaigh taiscí airgid agus fadtéarmacha go dtí €99.7 milliún ag deireadh na bliana, rud a sholáthraíonn athléimneacht airgeadais shuntasach.

Tá rochtain ag an nGrúpa ar €60.0 milliún de shaoráidí bainc gealltа, a théann in éag i mí Iúil 2026, mar aon le saoráid ró-tharraingthe luach €10.0 milliún is féidir a athnuachan gach bliain. Bhí na saoráidí seo neamhtharraingthe i rith na bliana, fianaise ar acmhainn mhaoinithe inmheánach láidir an Ghrúpa. Táthar ag obair ar phróiseas a bhfuil sé mar aidhm leis saoráidí bainc nua a bhunú.

Tacaíonn an seasamh leachtachta treisithe le clár infheistíochta caipitil ilbhliantúil an Ghrúpa, atá pleanáilte go dtí 2029, agus ag an am céanna soláthraíonn sé athléimneacht in aghaidh luaineachta tráchta agus difríochtaí uainithe rialála.

Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar a chuid airgid, agus a chinntiú go bhfuil dóthain leachtachta ar fáil chun tacú le hoibríochtaí leanúnacha, gealltanais chaipitil agus oibleagáidí rialála.

## › Caiteachas Caipitil

Bhí infheistíocht chaipitil cothrom le €34.1 milliún, sin níos mó ná dhá oiread leibhéal na hinfheistíochta a rinneadh in 2024. Bhain caiteachas go príomha le huasghráduithe an chórais radair, feabhsuithe ar chórais bhainistíochta aerthráchta, tionscnaimh athléimneachta seirbhíse, uasghráduithe slándála agus monarchana, agus tionscadail TFC.

Tá an Grúpa ag leanúint ar aghaidh le dlús a chur le clár infheistíochta caipitil suntasach, lena n-áirítear uasghrádú suntasach ar a chóras bainistíochta aerthráchta go dtí ardán Thales TopSky ATC One trí rannpháirtíocht in COOPANS, comhar idirnáisiúnta de sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta Eorpacha. Tá sé beartaithe díriú ar chlár seachadta maoine suntasach ó 2026 freisin chun tacú le ceanglais oibriúcháin agus straitéiseacha amach anseo.

## › Clár Comhardaithe

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí glansócmhainní luach €318.4 milliún ag an nGrúpa *(2024: €316.6 milliún)*. Mhéadaigh sócmhainní seasta inláimhsithe €23.9 milliún go dtí €132.2 milliún, fianaise ar infheistíocht leanúnach an Ghrúpa i mbonneagar oibriúcháin na Cuideachta. Laghdaigh luach na sócmhainne pinsin ó €48.3 milliún go dtí €39.2 milliún, sin fianaise, tríd is tríd, ar dhrochfheidhmíocht margaidh. Níl scéimeanna le sochar sainithe an Ghrúpa ag glacadh le hiontrálaithe nua, agus tá fostaithe nua ag glacadh páirt i socruithe le ranníocaíocht shainithe.

Ar an 13 Márta 2026, cheadaigh an Ard-Chúirt ordú faoi alt 84 agus alt 85 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, a cheadaigh cúlchistí scairbhisigh €310.0 milliún a chealú agus caitheamh leo mar bhrabúis atá ar fáil le dáileadh. Bhí éifeacht leis an laghdú scairchaipitil ar an 18 Márta i ndiaidh an chlárúcháin san Oifig um Chlárú Cuideachtaí a chur i gcrích.





# Scéim Feidhmíochta agus Muirearaithe na hEorpa

Tá AirNav Éireann ag feidhmiú laistigh de chreat feidhmíochta agus muirearaithe Aerspás Eorpaigh Aonair an AE, agus tá maoirseacht rialála leanúnach á déanamh ag Údarás Eitlíochta na hÉireann. Braitheann an t-ioncam ar an méid tráchta agus ar na rátaí aonaid rialaithe, agus cruthaítear nasc díreach idir ár bhfeidhmíocht airgeadais agus spriocanna éifeachtúlachta agus Eorpacha oibriúcháin.

## › Conas a bhfuilimid á mhaoiniú

Gar do 90% ó tháillí en route agus críochfoirt faoin scéim seo

praghsáil rialaithe

ioncam ó thrácht

## › TT4 Plean Feidhmíochta – Cinneadh Leasaithe


I dteannta leis an gcéad bhliain den tréimhse rialála nua (TT4) in 2025, bhíothas ag díriú ar phróiseas rialála suntasach ag leibhéil náisiúnta agus Eorpacha, rud a bhí mar bhonn le Plean Feidhmíochta leasaithe d'Éirinn.

I ndiaidh an chéad aighneacht a dhéanamh, cinneadh mar thoradh ar phróiseas athbhreithnithe na hEorpa, ainneoin go raibh spriocanna na hÉireann maidir le sábháilteacht, acmhainn agus timpeallacht oiriúnach, go raibh gá le tuilleadh coigeartaithe chun ailíniú iomlán le cuspóirí costéifeachtúlachta ar fud an Aontais a chinntiú. Spreag sé sin próiseas athbhreithnithe foirmiúil i rith 2025, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus comhairliúchán le húsáideoirí aerspáis.

Tá fianaise le fáil sa chreat leasaithe ar thoradh rialála níos láidre, le:

- tuilleadh srianta ar an liúntas costais foriomlán
- mionleasuithe ar liúntais infheistíochta agus ar phróifílí caiteachais
- bunú spriocanna breise a bhaineann le hacmhainn atá nasctha le seachadadh foirne
- sásraí dreasachta feabhsaithe chun cuntasacht a chinntiú i ndáil le feidhmíocht oibriúcháin

Mar thoradh ar an bpróiseas seo forbraíodh plean leasaithe a laghdaíonn na costais fhoriomlána i rith TT4 agus a dhéanann iarracht ag an am céanna a chinntiú go mbeidh an acmhainn agus an fheidhmíocht a theastaíonn chun tacú le héileamh tráchta á chothabháil.




AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

## Impleachtaí le haghaidh AirNav Éireann

I gcás AirNav Éireann, tá suntas ag baint leis an gcinneadh leasaithe seo le haghaidh roinnt cúiseanna. Is ionann creat leasaithe TT4 agus timpeallacht rialála i bhfad níos éilithí don Chuideachta.

Bunaítear an méid seo a leanas sa chreat:

- ionchais chostéifeachtúlachta níos doichte
- sásraí cuntasachta feidhmíochta níos soiléire
- níos mó grinnscrúdaithe ar sheachadadh i gcomparáid le spriocanna foirne agus acmhainne

Ag an am céanna, caomhnaítear an cumas chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainn ríthábhachtach chun tacú le fás tráchta agus le hathléimneacht córais.

## Feidhmíocht in 2025

In 2025, léirigh AirNav Éireann feidhmíocht láidir i ndáil le sábháilteacht, a bhí le tabhairt faoi deara i bpríomhréimsí feidhmíochta eile, a thacaíonn le leibhéil arda d'éileamh tráchta laistigh d'aerspás atá á rialú ag Éireann. Bhí an méid tráchta in aerspás na hÉireann láidir i rith na bliana, fianaise ar ról straitéiseach na hÉireann i sruthanna trasatlantacha a éascú agus i dtacú le feidhmíocht ioncaim chobhsaí laistigh de chreat muirearaithe rialaithe.

## Feidhmíocht Acmhainne agus Moille

Thacaigh AirNav Éireann le feabhas suntasach i bhfeidhmíocht oibriúcháin i rith na chéad bhliana de TT4, agus bhí an mhoill BSAT en route do gach eitilt (traseitilt) cothrom le:

## 0.01 nóiméad do gach eitilt in 2025 (Éire)

Is ionann é sin, a bheag nó a mhór, agus seirbhís atá saor ó mhoill agus is ionann é agus ranníocaíocht dhearfach an-ábhartha le feidhmíocht fhoriomlán ghréasán na hEorpa (thaifead Limistéar Aerspás Eorpaigh Aonair an AE moill 1.64 nóiméad do gach eitilt in 2025).

Chomh fada is a bhaineann le seirbhís chríochfoirt in 2025, bhí an mhoill bainistíochta srutha aerthráchta aerfoirt cothrom le 0.28 nóiméad i ndáil le gach duine a thaisteal isteach ar an meán, ach bhí sé seo bunaithe go príomha ar dhrochaimsir agus ar fhachtóirí eile nár bhain le BAT.

## Feidhmíocht Chomhshaoil

Tá AirNav Éireann ag leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil laistigh d'aerspás na hÉireann, ar aon dul le ceanglais RT4 agus é mar aidhm aon athrú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a chur chun feidhme.

In 2025, bhí scór éifeachtúlachta eitilte iarbhír na hÉireann i measc na gcúig scór is airde san Eoraip, arna thomhas faoin bPríomhlimistéar Feidhmíochta Comhshaoil, Éifeachtúlacht Eitiltí Cothrománacha.

## Ruthag Eitilte Iarbhír (REI) 1.63% (Éire)

Is fianaise ar an méid seo a leanas na torthaí seo:

- dearadh aerspáis agus bainistíocht earnála éifeachtach
- dlúth-chomhordú le hoibritheoirí aerlíne agus le Bainisteoir an Ghréasáin
- béim leanúnach ar bharrfheabhsú ruthaig
- ba í an Danmhairg an Stát Eorpach a bhí sa chéad áit, le scór beagán níos fearr de 1.44%

## Costéifeachtúlacht agus Inbhuanaitheacht Airgeadais

Tá AirNav Éireann ag leanúint ar aghaidh ag feidhmiú laistigh de shamhail rialála thrédhearcach atá bunaithe ar fheidhmíocht.

Tagann an t-ioncam ó tháillí en route le haghaidh eitiltí atá ag feidhmiú laistigh d'aerspás atá á rialú ag Éireann, agus bailithe trí EUROCONTROL. Cruthaíonn sé sin nasc díreach idir:

- an méid tráchta in aerspás na hÉireann
- feidhmíocht oibriúcháin
- torthaí airgeadais

I rith 2025, chinntigh AirNav Éireann go raibh feidhmíocht chostéifeachtúlachta comhsheasmhach le spriocanna TT4, fianaise ar smacht costais leanúnach agus ar dhul chun cinn leanúnach i ndáil le bainistíocht acmhainní. Tá AirNav Éireann ag súil go sáróidh sé a spriocanna TT4 le haghaidh foirne oibriúcháin, agus ainneoin dul chun cinn a rinneadh in 2025, beidh lacáiste i bhfeidhm d'úsáideoirí aerspáis trí tháillí níos ísle in 2027, fianaise ar easnamh de thart ar 8% le haghaidh rialaitheoirí aerthráchta agus pearsanra leictreonaice sábháilteachta aerthráchta in 2025.

## Infheistíocht Chaipitil in 2025

Mhéadaigh AirNav Éireann a leibhéal infheistíochta caipitil go suntasach in 2025, agus dhúbail eis-sreafaí airgid níos mó ná dhá oiread sa bhliain le méadú de €34.1 milliún *(2024: €16.5 milliún)*, fianaise ar sheachadadh brostaithe clár bonneagair. Ar bhonn caipitlithe, bhí na sócmhainní seasta a bhí in úsáid cothrom le €15.1 milliún *(2024: €9.3 milliún)*. Tarraingíonn an leibhéal méadaithe infheistíochta seo aird ar an mbéim leanúnach atá á leagan ag AirNav Éireann ar a bhonn sócmhainní a fheabhsú agus a nuachóiriú, fad is atáthar ag tacú le hacmhainn oibriúcháin, sábháilteacht agus ceanglais seachadta seirbhíse fhadtéarmacha.

# An Forléargas Acmhainní Daonna

Tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna i dtacaíocht a chur ar fáil do chuspóirí straitéiseacha AirNav Éireann trí thimpeallacht oibre shábháilte, ionchuimsitheach agus ardfheidhmíochta a chumasú. I rith 2025, dhírigh AD ar sheirbhísí ar ardchaighdeán do dhaoine a chur ar fáil a thacaíonn le barr feabhais oibriúcháin, comhlíonadh rialála agus folláine fostaithe, agus a chuireann dlús, ag an am céanna, le straitéis daoine fhadtéarmach na Cuideachta.

Tá Straitéis AirNav Éireann 2024–2028 mar bhonn leis an obair seo agus tá an struchtúr bunaithe ar chúig thosaíocht straitéiseacha:

- Bainistiú Tallainne
- Folláine Fostaithe
- Eispéireas Fostaithe
- Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú
- Cultúr agus Athrú

## › Comhdhéanamh na Foirne Oibre agus Bainistiú Tallainne

I rith 2025, tugadh tréimhse shuntasach de ghníomhaíocht agus d'fhás oibriúcháin faoi deara sa Chuideachta, le tacaíocht ó 137 ról nua a cruthaíodh ar fud an ghnó. Bhí gníomhaíocht earcaíochta agus roghnúcháin dírithe go háirithe ar Rialaitheoirí Aerthráchta Faoi Oiliúint, fianaise ar cheanglais acmhainne na todhchaí, bíodh is gur lean neamhfhreastal níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i measc Rialaitheoirí Aerthráchta le dúshláin a chruthú.

Faoi Thréimhse Thagartha 4 (TT4), creat rialála eacnamaíoch, baineadh 95% den leithdháileadh foirne ceadaithe amach i rith na bliana. Taobh le hearcaíocht, lean AD ar aghaidh le béim shuntasach a leagan ar fhorbairt tallainne, pleanáil comharbais agus athléimneacht na foirne oibre chun tacú le seachadadh seirbhíse i láthair na huaire agus le ceanglais oibriúcháin amach anseo.

Shroich AirNav Éireann garsprioc thábhachtach i mí an Mhárta 2025 tráth ar reáchtáladh searmanas bronnta céimeanna do Rialaitheoirí Aerthráchta agus d'Innealtóirí nuacháilithe, fianaise ar an tslí a raibh ag éirí le mic léinn díriú ar chúrsaí oiliúna agus ina dhiaidh sin díriú ar róil oibriúcháin agus theicniúla.

## › Príomhthionscnaimh agus Éachtaí

### Foghlaim, Forbairt agus Fothú Acmhainneachta

Glacadh le foghlaim agus forbairt mar thosaíocht straitéiseach i rith 2025, tacaíodh le hacmhainn eagraíochta, éifeachtacht ceannaireachta agus dul chun cinn gairme aonair. Tugadh aitheantas do AirNav Éireann ag Gradaim Ghnó Chomhlachas Fhine Gall 2025. Bronnadh duais air sa chatagóir 'Foghlaim agus Forbairt' mar aitheantas ar a thiomantas leanúnach d'fhás fostaithe agus d'fhorbairt ghairmiúil.

I rith na bliana, ghlac 381 bainisteoir agus ball foirne páirt i gcláir oiliúna agus forbartha, lena n-áirítear forbairt bainistíochta, tionscnaimh acmhainne ceannaireachta agus oiliúint sonrach róil atá ailínithe le ceanglais oibriúcháin agus chomhlíonta. I measc na bpríomhréimsí a bhí san áireamh bhí forbairt conairí gairme soiléire, createaí pleanála comharbais, anailís struchtúrtha ar riachtanais oiliúna agus tionscnaimh chun tacú le breis rannpháirtíochta na mban i róil bhainistíochta.

Leanadh ar aghaidh ag tacú go héifeachtach le hArdchlár Cheannaireacht na mBan, a cuireadh ar fáil i gcomhar le Foras Bainistíochta na hÉireann, agus bhí an clár curtha i gcrích ag 33 comhghleacaí baineann faoi dheireadh 2025.

## › Folláine agus Eispéireas Fostaithe

In 2025, leanadh ar aghaidh le béim shuntasach a leagan ar thacú le folláine fostaithe agus ar eispéireas iomlán fostaithe a fheabhsú. Ag cur leis an rath a bhí ar athchreidiúnú Mharc KeepWell IBEC, lean an Chuideachta ar aghaidh ag tacú le timpeallacht oibre shláintiúil, thacúil agus ionchuimsitheach.

I measc na bpríomhthionscnamh bhí cumas an bhainisteora a threisiú chun tacú le rannpháirtíocht luath le comhghleacaithe, breithniúcháin folláine a leabú i gcleachtais bhainistíochta laethúla daoine agus rochtain ar thacaíochtaí meabhairshláinte a chinntiú. Lean socruithe oibre solúbtha agus hibrideacha ar aghaidh ag tacú le cothromaíocht oibre is saoil. Cuireadh Lámhleabhar Foirne leasaithe i gcrích agus scaipeadh cóipeanna de, rud a chuir faisnéis shoiléir agus inrochtana ar fáil do bhaill foirne maidir le beartais, téarmaí agus coinníollacha sochar fostaíochta agus aoisliúntais.





## › Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú

Lean AirNav Éireann ar aghaidh ag caitheamh le hÉagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú (ÉCI) mar thosaíocht straitéiseach in 2025. Ag deireadh na bliana, páirteach san fhoireann oibre bhí 74% fir agus 26% mná. I dTuarascáil na Bearna Pá idir na hInscní 2025 aithníodh bearna bhá mheánach idir na hinscní de 14% agus bearna airmheánach de 24%. Ainneoin go bhfuil paireacht phá luaite le róil choibhéiseacha, is fianaise ar an mbearna fhoriomlán é dáileadh na bhfear agus na mban i róil, go háirithe laistigh de ghráid oibriúcháin. Is tosaíocht straitéiseach fhadtéarmach í déileáil leis an éagothroime seo.


I measc an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana bhí méadú 5% ar líon na bhfostaithe baineanna i gcomparáid le 2024. Ainneoin go dtógfaidh sé roinnt ama athrú fiúntach a dhéanamh, go háirithe de réir mar a bheidh mná á n-earcú chun róil oibriúcháin leibhéal iontrála a líonadh, táthar ag súil go mbeidh béim leanúnach agus tionscnaimh spriocdhírithe mar bhonn le hionadaíocht na mban a fheabhsú agus an bhearna phá idir na hinscní a laghdú de réir a chéile.

Lean Gréasán Ban AirNav Éireann ar aghaidh le ról lárnach a bheith aige i dtacú le rannpháirtíocht na mban agus le dul chun cinn gairme ar fud na Cuideachta. Sholáthair an Gréasán fóram struchtúrtha chun nasc a bhunú, meantóireacht a sholáthar agus forbairt ghairmiúil a dhéanamh, tacú le rólchuspaí agus le tionscnaimh for-rochtana chun rannpháirtíocht na mban i ngairmeacha eitlíochta amach anseo a spreagadh.

Bhíothas dírithe ar Lá Idirnáisiúnta na mBan chun críche rannpháirtíochta, agus chuir comhghleacaithe le himeachtaí inmheánacha agus seachtracha, fóraim thionscail agus ardáin meán chun ceannaireacht ionchuimsitheach a chur chun cinn san earnáil eitlíochta.

Rinne foireann oibre AirNav Éireann ionadaíocht ar bhreis is 22 náisiúntacht i rith 2025. Rinneadh obair bhunúsach freisin chun tairbhe a bhaint as cur chuige níos struchtúrtha maidir le hÉagsúlacht, Cothromas, Muintearas agus Ionchuimsiú (ÉCMI), lena n-áirítear cúrsaí oiliúna ÉCMI a chur ar fáil do naonúr ball foirne chun tionscnaimh chomhordaithe a ullmhú.

Lena chois sin, thug 8% d'fhostaithe le fios go raibh siad faoi mhíchumas, rud a sháraíonn ceanglas na hearnála poiblí atá cothrom le 6%.



## Aitheantas agus Gradam

In 2025, cuireadh tús leis an gComhaontú Saothair Comhchoiteann nua a chlúdaigh an tréimhse idir 2025–2029. Cuireadh méaduithe pá ginearálta de 4% chun feidhme i rith na bliana, i bhfoirm dhá thráthchuid. Lean an Chuideachta agus Painéal Foirne na gCeardchumann ar aghaidh le rannpháirtíocht chuiditheach trí phróisis bhunaithe inmheánacha réitigh díospóidí, agus thacaigh an Bord Inmheánach Réitigh Díospóidí le nithe comhchoiteanna a réiteach nuair a tháinig siad chun cinn.

Cheadaigh an Bord Beartas maidir le Pinsin atá á níoc don tréimhse idir 2025–2029, agus lorgaíodh cead ón Roinn Iompair do mhéadú 1.4% ar phinsin atá á n-íoc i gcomhair 2025. Ar an 26 Márta 2026, fuarthas cead agus toiliú ón Aire, faoi réir coinníollacha áirithe, i ndáil le méadú molta de 1.4% ar phinsin atá á n-íoc, éifeachtach ón 1 Eanáir 2025. Níl léargas tugtha ar chostas an mhéadaithe, arna mheas ar an mbonn maoinithe, luach €3.9 milliún, sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2025, de bhrí gur teagmhas iar-chláir comhardaithe neamhchoigeartaithe atá anseo.

## Cultúr, Rannpháirtíocht agus Athrú

Lean AD ar aghaidh le príomhról a bheith aige i gcultúr atá bunaithe ar luachanna a threisiú agus ag tacú le rannpháirtíocht chuiditheach ar fud na Cuideachta. Thacaigh Fóraim Rannpháirtíochta Fostaithe agus comhairliúchán rialta le hionadaithe foirne, lena n-áirítear cruinnithe míosúla le Painéal Foirne na gCeardchumann, le cumarsáid oscailte agus thrédhearcach i rith na bliana. Cuireadh nuashonrú AD coicísiúil ar fáil chun an t-eolas is déanaí maidir le forbairtí ábhartha a roinnt le baill foirne.

Bhí gealltanas maidir le háit oibre shábháilte, mheasúil agus ionchuimsitheach mar bhonn le gníomhaíocht AD, mar aon le béim leanúnach ar ionduchtú éifeachtach, cleachtais mheantóireachta agus bainistíochta daoine. Forbraíodh Creat Meantóireachta i rith na bliana, agus cuireadh cúrsaí oiliúna ar fáil do chomhghleacaithe a bhí ag obair go deonach mar mheantóirí. Leanfar ar aghaidh leis an gClár Meantóireachta a rolladh amach i rith 2026.

## Ag Féachaint Chun Cinn

I measc na dtosaíochtaí atá luaite i gcomhair 2026 tá an acmhainn cheannaireachta a neartú, dlús a chur le tionscnaimh éagsúlachta agus ionchuimsitheachta, acmhainn foirne a mhéadú, laistigh de rialú aerthráchta go háirithe, agus leanúint ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfolláine fostaithe. Tá AirNav Éireann tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina dtacaítear le gach comhghleacaí a gcuid oibre a chur i gcrích ar an mbealach is fearr agus is féidir leo agus cabhrú le seachadadh sábháilte agus inbhuanaithe seirbhísí aerloingseoireachta.





AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Rannpháirtíocht agus Comhghuaillíochtaí Idirnáisiúnta

Tá AirNav Éireann ag feidhmiú ag pointe ríthábhachtach sa chóras eitlíochta domhanda. Tá an comhéadan idir aerspás na hEorpa agus an Atlantaigh Thuaidh á bhainistiú aige. Tá an seasamh seo mar bhonn lenár rannpháirtíocht idirnáisiúnta láidir agus leis an mbéim leanúnach atá á leagan ar chomhoibriú ar fud Ghréasán BAT na hEorpa.

In 2025, bhí leibhéil tráchta in aerspás a bhí á rialú ag Éireann fós láidir, agus tugadh fás leanúnach faoi deara i dtraseitiltí en route agus i dtrácht críochfoirt. Is fianaise é an méid sin ar ról straitéiseach na hÉireann i sreafaí trasatlantacha a éascú agus i dtacú le nascacht chuig agus ón oileán, agus ag an am céanna, tá an tábhacht a bhaineann le tacú le feidhmíocht oibriúcháin agus ghréasáin láidir á treisiú.

Cuireann AirNav Éireann ar bhealach gníomhach le feidhmíocht agus le forbairt chóras BAT na hEorpa trí dhlúth-chomhoibriú le Comhghuaillíocht COOPANS, CANSO, EUROCONTROL, Bainisteoir an Ghréasáin, SESAR agus SSALanna comharsanacha. Cinntíonn sé sin ailíniú le cuspóirí feidhmíochta Eorpacha agus cuireann sé ar chumas na hÉireann ról fiúntach a bheith aici i dtodhchaí an Aerspáis Eorpaigh Aonair a mhúnlú.

## Comhghuaillíocht COOPANS

Tá ról lárnach ag rannpháirtíocht i gComhghuaillíocht COOPANS i straitéis idirnáisiúnta AirNav Éireann. Tríd an gcomhpháirtíocht seo, baineann AirNav Éireann tairbhe as:

- ardán comhroinnte BAT
- cur chuige oibriúcháin comhchuibhithe
- barainneachtaí scála trí chaighdeánú
- forbairt nuálaíochta agus córais chomhordaithe

Tá COOPANS ag leanúint ar aghaidh lena thionchar i dtimpeallacht BAT na hEorpa a threisiú, tacú le breis caighdeánaithe, costéifeachtúlacht feabhsaithe agus feidhmíocht oibriúcháin feabhsaithe i measc a mball.

## Nuálaíocht agus Forbairt BAT Amach Anseo

Tá AirNav Éireann rannpháirteach go gníomhach i gcláir nuálaíochta Eorpacha, go háirithe tríd an mbealach a bhfuil sé ag cur le EXODUS, Príomhthaispeántóir Spéir Eorpach Dhigiteach SESAR.

Tá forbairt á déanamh ag EXODUS ar phríomhacmhainní lena n-áirítear:

- timpeallachtaí BAT fíorúlaithe
- soláthar seirbhíse atá neamhspleách ar shuíomh
- bonneagar comhroinnte agus dáilte

Is ionann na forbairtí seo agus céim thábhachtach chun córas BAT níos digití, solúbtha agus dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil, a bheidh ailínithe le Máistirphlean BAT na hEorpa.

Comhthreomhar leis sin, tacóidh cur chun feidhme TopSky-ATC One trí COOPANS le comhlíonadh rialála amach anseo (e.g., imlonnú sioncronaithe tionscadal coiteann) agus cumasóidh sé tuilleadh comhchuibhithe agus feabhsuithe feidhmíochta ó 2028 ar aghaidh.

## Seasamh don Todhchaí

De réir mar a leanann éileamh aerthráchta ar aghaidh ag fás agus go leanann córas BAT na hEorpa ag forbairt, éireoidh comhoibriú idirnáisiúnta níos tábhachtaí.

Tá ar chumas AirNav Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur lena ról mar phríomh-SSAL Eorpach
- cur le seachadadh ghréasán BAT Eorpach atá níos comhtháite
- úsáid a bhaint as comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun tacú le nuálaíocht, feidhmíocht agus inbhuanaitheacht

Trína rannpháirtíocht idirnáisiúnta agus chomhghuaillíochta, tá AirNav Éireann ag leanúint ar aghaidh le ról lárnach a bheith aige i bhforbairt shábháilte agus éifeachtúil na bainistíochta aerthráchta amach anseo.

# Rialachas Eacnamaíoch Sóisialta

## Buaicphointí Inbhuanaitheachta

Tacaíodh le
Laghdú 40%
ar astaíochtaí $CO_2$

Tacaíodh le
feabhas 43%
ar éifeachtúlacht fuinnimh

Bronnta
Creidiúnú CANSO GreenATM Leibhéal 3 i gcomhair 2024 agus 2025

Leanadh ar aghaidh ag obair ar an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta
agus cuireadh le hobair a bhain le 5 as 6 réimse gníomhaíochta

Bronnadh
Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach
(2025–2027)

Cuireadh breis is
2,000 planda dúchasach ó 2025, agus tá sé beartaithe tuilleadh plandaí a chur in 2026

Tá tábhacht le gealltanas AirNav Éireann maidir le tionscadal eitlíochta inbhuanaithe i gcomhthéacs na hoibre ar fad a dhéanaimid. Sa bhliain 2025, rinneadh iarracht leanúnach agus dul chun cinn i ndáil le gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais na hinbhuanaitheachta.

### › Plean Bainistíochta Inbhuanaitheachta 2024 – 2029

Sheol an tAire Jack Chambers, TD, Plean Bainistíochta Inbhuanaitheachta AirNav Éireann 2024 – 2029 i mí Aibreáin 2024. Sa doiciméad cuimsitheach seo leagtar amach ár bpleananna uaillmhianacha chun ár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun ár lorg carbóin a laghdú, agus ag an am céanna leanadh ar aghaidh le páirt a ghlacadh i raon tionscnamh a bhaineann le héifeachtúlacht eitlíochta. Leagtar béim shuntasach sa Phlean ar rialachas eiticiúil agus tugann an Chuideachta gealltanas maidir le cleachtais soláthair ghlasa a chur chun feidhme, ar cuid dár ngníomhaíochtaí gnó laethúla iad anois. Tá eolas le fáil sa phlean freisin maidir lenár ngealltanas i ndáil le cosaint na bithéagsúlachta agus feabhas a dhéanamh ar fud ár suiteálacha, agus geallann an Chuideachta tacú le héagsúlacht, ionchuimsiú agus dea-chleachtais saothair. I rith 2025, lean AirNav Éireann ar aghaidh le cur chun feidhme gníomhach an Phlean Bainistíochta Inbhuanaitheachta.

### › Tionscnaimh Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Astaíochtaí Carbóin

Lean AirNav Éireann ar aghaidh le hinfheistíocht a dhéanamh in uasghrádú a bhonneagair mar chuid dá ghealltanas leanúnach maidir le spriocanna 2030 an Rialtais a chomhlíonadh agus a shárú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 50% agus chun astaíochtaí carbóin a laghdú 51% faoin mbliain 2030. Forbraíodh uasghrádú soilsithe agus suiteáil soilsithe chliste ag suíomhanna éagsúla in 2025 mar chuid de bhearta leanúnacha feabhais éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe dé-ocsaíde carbóin. Lena chois sin, cuireadh tionscadal suntasach a raibh sé mar aidhm leis móroibreacha uasghrádaithe fuinnimh a dhéanamh in IRATBÁC i gcrích in 2025. Chinn tomhas neamhspleách a rinne ÚFIÉ in 2025 gur thaifead AirNav Éireann feabhas éifeachtúlachta fuinnimh 43% agus laghdú Dé-ocsaíde Carbóin 40% i gcomparáid leis na bonnlínte a bhí luaite. Is fianaise láidir iad na figiúirí seo go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chomh fada is a bhaineann le spriocanna Chreat um Ghníomhú ar son na hAeráide 2030 a chomhlíonadh.

Rinneadh oibreacha pleanála le haghaidh mórshuiteáil fhótavoltach i mBaile Uí Chathasaigh/Baile Uí Gheirín i rith 2025 agus cuireadh tús le comórtas tairisceana chun conraitheoir oiriúnach a cheapadh chun réiteach lándéanta a chur ar fáil don tsuiteáil. Táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha ar an tionscadal in 2026 agus go n-éascóidh siad iarrachtaí na Cuideachta spriocanna 2030 an Rialtais a chomhlíonadh, agus fuinneamh níos glaise a chur ar fáil fad is a bheidh an leibhéal a bhfuiltear ag brath ar leictreachas eangaí á laghdú.

AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

choimisiúnaigh sé staidéar comhshaoil mionsonraithe, curtha i gcrích ag saineolaithe ábhair sna suiteálacha éagsúla, i rith gheimhreadh 2023 agus earrach 2024. Bhí an suirbhé seo mar bhonn le Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta mionsonraithe a fhorbairt a foilsíodh ag deireadh 2024. Sa phlean seo tá eolas le fáil maidir le ceantair bhithéagsúlachta shuntasacha ag ár suiteálacha agus soláthraíonn sé treochlár chun bithéagsúlacht sa Chuideachta trí chéile a chosaint, a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Beifear ag díriú ar shé réimse gníomhaíochta shonracha a bhfuil cur síos déanta orthu sa phlean agus a chuirfear chun feidhme i rith shaolré an phlean. Ina measc seo tá bonnlínte éiceolaíocha a shonrú, gnéithe éiceolaíocha a chosaint agus a fheabhsú, gnéithe éiceolaíocha nua a chruthú, bainistíocht leanúnach a dhéanamh ar bhithéagsúlacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheasacht bhithéagsúlachta agus í a chur chun cinn. I rith 2025, chuireamar obair i gcrích chun an plean a chur chun feidhme agus rinneamar dul chun cinn suntasach i gcúig cinn den sé réimse gníomhaíochta. Cuirfear tús le hathbhreithniú ar réimse gníomhaíochta 6 in 2026.



## › Creidiúnú CSR

### Creidiúnú GreenATM CANSO

Ionas gur féidir linn ár ndul chun cinn i gcomhthéacs na hinbhuanaitheachta a thagarmharcáil, lorg AirNav Éireann Creidiúnú GreenATM CANSO in 2024. San áireamh sa phróiseas seo bhí aighneachtaí agus measúnú mionsonraithe ar ghnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais ghníomhaíochtaí gnó na Cuideachta, lena n-áirítear scrúdú domhain ar ár n-iarrachtaí éifeachtúlachta eitlíochta. Creidiúnaithe den chéad uair in 2024, d'éirigh le AirNav Éireann athchreidiúnú a fháil ag leibhéal 3 in 2025. Is fianaise é an leibhéal creidiúnaithe seo ar an obair mhór atá curtha i gcrích chun éifeachtúlachtaí oibriúcháin a chinntiú mar aon le feabhsuithe bonneagair a cuireadh chun feidhme chun todhchaí inbhuanaithe dár dtionscal a chinntiú.

## › Séala an Ghnó atá ag Obair go Freagrach Ghnó sa Phobal in Éirinn

Bronnadh creidiúnú Séala an Ghnó atá ag Obair go Freagrach Ghnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ) ar AirNav Éireann i mí Eanáir 2025 mar thagarmharc breise dár straitéis CSR. Bronnadh an creidiúnú seo i ndiaidh dianphróiseas anailíse agus iniúchta a chuir Gnó sa Phobal in Éirinn i gcrích agus san áireamh bhí iniúchadh neamhspleách a chuir Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) i gcrích. Lean AirNav Éireann ar aghaidh ag obair le GPÉ i rith 2025 chun a chinntiú go raibh an t-eolas is déanaí aige maidir leis na tionscnaimh CSR is déanaí.

Tá fianaise le fáil i measúnú neamhspleách agus i gcreidiúnú rathúil atá déanta ag CANSO agus Gnó sa Phobal in Éirinn ar éiteas láidir na Cuideachta agus ar ghealltanas maidir le hinbhuanaitheacht sna fearainn Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais.

## › Rannpháirtíocht sa Phobal

Tá fianaise le fáil i gcolún sóisialta Straitéis CSR AirNav Éireann ar an ngealltanas atá tugtha ag an gCuideachta tacú leis na daoine agus leis na pobail a bhfuil sé ag freastal orthu. Tuigeann AirNav Éireann go mbraitheann todhchaí inbhuanaithe ní hamháin ar ghníomh comhshaoil ach ar dhul chun cinn sóisialta láidir atá bunaithe ar chleachtais fostaíochta fhreagracha, rannpháirtíocht sa phobal agus oideachas.

In 2025, lean an Chuideachta ar aghaidh ag cur lena tionchar sóisialta trí obair dheonach a bhí á déanamh ag fostaithe, for-rochtain oideachais agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí pobail. Is fianaise iad na tionscnaimh seo ar thiomantas AirNav Éireann maidir le torthaí sóisialta dearfacha, a bheidh ailínithe lena luachanna corparáideacha agus le cuspóirí CSR fadtéarmacha.

### Fostaithe i mbun oibre deonaí



*Lá na nOibrithe Deonacha ag Cuan Mhuire i mBaile Átha Í*

Leanadh ar aghaidh ag glacadh le fostaithe i mbun oibre deonaí mar cholún lárnach de chur chuige rannpháirtíochta sa phobal AirNav Éireann in 2025. I rith 2025, ghlac fostaithe de chuid AirNav Éireann páirt i Lá na nOibrithe Deonacha ag Cuan Mhuire i mBaile Átha Í, chun tacú le hionad cónaithe díthocsainithe agus téarnaimh. D'oibrigh oibrithe deonacha le chéile chun spás gairdín lasmuigh an ionaid a athrú, agus chun timpeallacht níos fáiltí agus níos teiripí a chur ar fáil do chónaitheoirí a bhí ag téarnamh. Bhí an tionscadal dírithe ar fholláine a fheabhsú trí áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil amuigh faoin aer agus glacadh leis go hinmheánach mar shampla fiúntach de thionchar pobail a raibh fostaithe freagrach as.





### Urraíocht agus Carthanacht



*Urraíocht G4MO CLG*

In 2025, lean AirNav Éireann ar aghaidh ag tacú le raon tionscnamh carthanachta agus pobail trína chláir Urraíochta Corparáidí agus Fostaithe, rud a threisigh tiomantas na Cuideachta maidir le tionchar sóisialta dearfach agus cleachtais ghnó fhreagracha. Bhí ról lárnach ag urraíocht a bhí á treorú ag fostaithe, rud a chuir ar chumas ball foirne tacú le cúiseanna atá ag teacht le luachanna AirNav Éireann agus le cuspóirí CSR. Cuireadh maoiniú ar fáil d'imeachtaí spóirt áitiúla, d'eagraíochtaí pobail agus deonacha, lena n-áirítear gnáthchlubanna pobail atá ag feidhmiú i bpobail atá gar do lorg oibriúcháin AirNav Éireann.

### Oideachas agus For-rochtain



*An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2025*

Lean AirNav Éireann ar aghaidh le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh oideachais agus feasachta i rith 2025, agus tacaíodh le tuiscint níos fearr ar dheiseanna eitlíochta, sábháilteachta agus gairme. Glacadh páirt in imeachtaí poiblí lena n-áirítear Comórtas Eolaí Óg BT agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, rud a thug deis don Chuideachta labhairt go díreach le mic léinn, cuardaitheoirí poist agus leis an bpobal trí chéile fad is a bhí gairmeacha á gcur chun cinn i bhfeidhmeanna rialaithe aerthráchta, innealtóireachta agus corparáideacha.

Comhthreomhar leis sin, lean AirNav Éireann ar aghaidh le pleananna a dhéanamh do chláir struchtúrtha, oideachais oibre deonaí i gcomhpháirt le GPÉ. Forbraíodh na tionscnaimh seo, lena n-áirítear cláir litearthachta agus "Saol na hOibre", i rith 2025 chun tacú le seachadadh i rith na mblianta ina dhiaidh sin, rud a threisigh tiomantas na Cuideachta do chomhpháirtíochtaí pobail fadtéarmacha, inbhuanaithe.

Cuid de chlár oideachais for-rochtana AirNav Éireann i rith 2025 freisin ba ea Cuairteanna Scoile agus rannpháirtíocht leis an Idirbhliain (IB). Trí rannpháirtíocht scoile struchtúrtha agus cláir a bhí dírithe ar an IB, thacaigh an Chuideachta le luathfheasacht ar eitlíocht, ábhair ETIM agus leibhéal ginearálta conairí gairme laistigh de AirNav Éireann. I rith na n-imeachtaí rannpháirtíochta seo tugadh deis do mhic léinn léargas praiticiúil a fháil ar bhainistíocht aerthráchta, innealtóireacht agus róil chorparáideacha, agus ag an am céanna, chabhraigh siad chun tuiscint níos fadtéarmaí ar na scileanna agus ar an oiliúint a theastaíonn do ghairmeacha san earnáil eitlíochta a fhorbairt.

## › Comhpháirtíochtaí agus Gnó Freagrach

I rith 2025, lean AirNav Éireann ar aghaidh lena rannpháirtíocht le GPÉ, ag cur le Séala an Ghnó atá ag Obair go Freagrach a bronnadh air i mí Eanáir 2025. Thacaigh comhoibriú leanúnach chun Straitéis Rannpháirtíochta sa Phobal níos struchtúrtha do AirNav Éireann a fhorbairt, a chinntíonn go bhfuil tionscnaimh oibre deonaí agus for-rochtana ailínithe le dea-chleachtas aitheanta i ngnó freagrach.

Soláthraíonn na comhpháirtíochtaí seo rialachas, treoir agus tomhas tionchair chun a chinntiú go mbíonn torthaí fiúntacha mar thoradh ar thionscnaimh phobail ar mhaithe le tairbhithe agus ag an am céanna tacaíonn siad le folláine agus le rannpháirtíocht le fostaithe.

## › Ag Féachaint Chun Cinn

Soláthraíonn gníomhaíochtaí rannpháirtíochta sa phobal AirNav Éireann a cuireadh ar fáil i rith 2025 bonnsraith láidir chun leanúint ar aghaidh le tionscnaimh oibre deonaí, oideachais agus for-rochtana. Trí rannpháirtíocht sa phobal a leabú ina chreat CSR, tá sé mar aidhm ag AirNav Éireann luach sóisialta marthanach a sholáthar, comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí áitiúla a threisiú agus cur ar chumas fostaithe difríocht dhearfach a dhéanamh sna pobail ina bhfuil an Chuideachta ag feidhmiú.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais chomhdhlúite



# Ábhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis maidir le stiúrthóirí agus faisnéis eile | 45 |
| Tuarascáil na stiúrthóirí | 46 |
| Ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais | 56 |
| Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách chuig baill Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann | 57 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite | 60 |
| Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile | 61 |
| Clár comhardaithe comhdhlúite | 62 |
| Clár comhardaithe na cuideachta | 63 |
| Ráiteas comhdhlúite ar athruithe cothromais | 64 |
| Ráiteas na cuideachta maidir le hathruithe ar chothromas | 65 |
| Ráiteas sreabhaidh airgid comhdhlúite | 66 |
| Nótaí ar cuid de na ráitis airgeadais iad | 67 |




AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Faisnéis maidir le stiúrthóirí agus faisnéis eile

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Bryan Bourke *(Cathaoirleach)*<br>Cian Blackwell<br>Anne Bradley<br>Gerald Caffrey *(Príomhfheidhmeannach)*<br>Lourda Moloney<br>Emer Murray<br>James O'Loughlin<br>Eimer O'Rourke<br>Aidan Skelly |
| **Rúnaí cuideachta** | Ewan Murtagh |
| **Oifig cláraithe** | Foirgneamh The Times<br>11-12 Sráid D'Olier<br>Baile Átha Cliath 2, D02 T449<br>T: +353 1 603 1505<br><br>Suíomh gréasáin: www.airnav.ie |
| **Iniúchóir** | Deloitte Ireland LLP<br>Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil<br>Teach Deloitte agus Touche<br>29 Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2, D02 AY28 |
| **Baincéirí** | Bainc-Aontas Éireann, p.l.c.<br>BNP Paribas |
| **Uimhir chláraithe na cuideachta** | 734291 |
| **Uimhir chláraithe an ghnó** | 721281 |

# Tuarascáil na stiúrthóirí

Cúis áthais do na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil a chur i láthair, in éineacht leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus chuideachta iniúchta, de chuid Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ag trádáil mar AirNav Éireann.

## › An Grúpa agus a phríomhghníomhaíochtaí

Páirteach as Ghrúpa tá Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Éireann ("an Chuideachta") agus a ghnóthas fochuideachta, AirNav North Atlantic Inc, agus táthar ag glacadh leis an gCuideachta agus leis an bhfochuideachta in éineacht lena chéile mar "an Grúpa".

I measc phríomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa tá seirbhísí aerthráchta agus cumarsáide sábháilte, éifeachtúla agus costéifeachtacha a chur ar fáil in aerspás atá á rialú ag Éireann agus cumarsáid aerloingseoireachta sa taobh thoir den Atlantach Thuaidh. Tá an Grúpa ag feidhmiú de réir na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta is airde agus tá sábháilteacht ag croílár oibríochtaí an Ghrúpa.

## › Rioscaí agus éiginnteachtaí

Tá ról tábhachtach ag rioscaí agus éiginnteachtaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú chomh fada is a bhaineann le próisis bhainistíochta riosca an Ghrúpa. Déanann na stiúrthóirí measúnú leanúnach ar rioscaí agus éiginnteachtaí agus déanann siad athbhreithniú ar straitéisí chun déileáil leo sin. Cuirtear bainistíocht riosca i gcrích i ndáil le gach gné den ghnó, cuirtear dearbhú ar fáil ag gach leibhéal bainistíochta suas go dtí leibhéal an Bhoird. Sa chuid maidir le rialachas corparáideach den tuarascáil seo leagtar amach cuspóirí agus próisis bhainistíochta riosca AirNav Éireann.

Seo a leanas na príomhrioscaí a aithníodh mar na cinn a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar chumas an Ghrúpa a chuspóirí a chomhlíonadh:

- an riosca a bhaineann le cur le tionóisc eitlíochta
- an riosca a bhaineann le cur isteach ar sheirbhís mar gheall ar shrianta ar acmhainní, cibirionsaithe nó teipeanna córais
- an riosca a bhaineann le meath suntasach ar aerthrácht mar gheall ar fhachtóirí seachtracha
- an riosca a bhaineann le heaspa dul chun cinn i ndáil le tionscnaimh inbhuanaitheachta.

Tá straitéisí éagsúla curtha chun feidhme ag an nGrúpa chun na rioscaí seo a bhainistiú go héifeachtach, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu, agus freagairt dóibh. Is gnéithe bunúsacha iad athbhreithnithe rialta, nuashonruithe ar nósanna imeachta agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, chun a chinntiú go mbíonn an Grúpa ullmhaithe chun déileáil le dúshláin a bhfuiltear ag súil leo agus le dúshláin gan choinne ina thimpeallacht oibriúcháin.

## › Athbhreithniú ar an ngnó

Tá sonraí maidir le torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ar leathanach 60 agus sna nótaí gaolmhara. Bhí an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh cánach cothrom le €12.0 milliún *(2024: €10.3 milliún)* a bhain le láimhdeachas a bhí cothrom le €210.7 milliún *(2024: €196.8 milliún)*. Níor dearbhaíodh ná níor íocadh aon díbhinn i rith 2025 i gcomhair bliain fhioscach 2024.

Nuair a bhíonn monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht, tugann na stiúrthóirí agus an fhoireann bainistíochta aird ar raon príomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear traseitiltí en route, trácht tráchtála críochfoirt, eitiltí cumarsáide an Atlantaigh Thuaidh, táscairí feidhmíochta sábháilteachta, meánlíon foirne, infheistíocht chaipitil, sástacht custaiméirí, ioncam agus brabús oibriúcháin, agus spriocanna inbhuanaitheachta. Tá athbhreithniú mionsonraithe ar an ngnó, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta, le fáil i ráiteas an Chathaoirligh agus in athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh.

## › Stiúrthóirí

Tá eolas maidir leis na stiúrthóirí a bhí i mbun oifige ag an 31 Nollaig 2025 leagtha amach ar leathanach 45. Seachas mar atá leagtha amach thíos, bíonn siad i mbun oibre don bhliain iomlán. Chuaigh téarma oifige Lourda Moloney in éag ar an 18 Aibreán 2025 agus athcheapadh í ar an mBord ar an dáta céanna. Ceapadh Anne Bradley ar an mBord ar an 17 Aibreán 2025 agus ceapadh Emer Murray ar an mBord ar an 22 Aibreán 2025. Chuaigh téarma oifige Peter Kearney in éag ar an 5 Meitheamh 2025. Ceapadh Gerald Caffrey ar an mBord ar an 25 Meitheamh 2025.

## › Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí agus ag an rúnaí, a bhí i mbun oifige ar an 31 Nollaig 2025, i scaireanna AirNav Éireann nó aon chuideachta Grúpa ag tús na bliana, nó ag dáta a gceapacháin (más ina dhiaidh sin), nó ag deireadh na bliana.

## › Rialachas corparáideach

### An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus chomhlíon siad, i ngach cás ábhartha, An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ("an Cód") don bhliain a bhí á hathbhreithniú. Tá bearta oiriúnacha bunaithe ag an gCuideachta chun an Cód a chomhlíonadh. Déantar athbhreithniú leanúnach ar bheartais agus ar nósanna imeachta chun comhlíonadh a chinntiú.





# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

### Ról an Bhoird

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach ghníomhaíochtaí an Ghrúpa a stiúradh. Tá an Bord freagrach as cinntí straitéiseacha móra a stiúradh agus tá rialú iomlán agus éifeachtach á dhéanamh aige ar shlí a thugann dóthain solúbthachta don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta shinsearach chun an gnó a rith go héifeachtúil agus go héifeachtach laistigh de chreat tuairiscithe struchtúrtha. Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh agus a chinntiú go bhfuil córais láidre tuairiscithe, rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm agus ag feidhmiú go héifeachtach.

Tá sceideal ábhar bunaithe ag an mBord chun cinntí a dhéanamh lena n-áirítear maoirseacht sábháilteachta agus comhlíonadh sábháilteachta, ceadú straitéis an Ghrúpa, plean gnó agus airgeadais rollach bliantúil, buiséid oibriúcháin agus chaipitil bhliantúla, ráitis airgeadais leathbhliantúla agus bhliantúla, conarthaí suntasacha, éadálacha agus diúscairtí suntasacha sócmhainní agus ceapadh Príomhfheidhmeannaigh. Bíonn an Bord sásta go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil oibleagáidí reachtúla agus rialachais á gcomhlíonadh.

Is róil ar leith iad ról an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Bhoird agus as éifeachtacht an Bhoird a chinntiú. Leagann an Cathaoirleach amach na cláir oibre do chruinnithe boird agus cinntíonn sé / sí go gcuirtear faisnéis chruinn, ábhartha agus thráthúil ar fáil chun a chinntiú go gcuireann an Bord a chuid dualgas i gcrích ar ardchaighdeán.

Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach na stiúrthóirí ar fad. Bíonn baill neamhfheidhmiúcháin an Bhoird freagrach as breithiúnas neamhspleách a thabhairt maidir le ceisteanna straitéise, feidhmíochta, acmhainní, príomhcheapacháin agus caighdeáin iompair. Trí theagmháil rialta leis an roinn rialtais ábhartha, cuireann an Cathaoirleach comhairle ar an Aire maidir le nithe a thagann chun cinn. Roinneann an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach aiseolas leis an mBord maidir le nithe a dtarraingíonn na páirtithe leasmhara aird orthu.

## › Éifeachtacht an Bhoird

Feidhmíonn an Bord ar son leas is fearr na Cuideachta ag féachaint go cuí dá fhreagrachtaí dlí agus do na cuspóirí atá sonraithe ag an scairshealbhóir. Tá meascán scileanna, saineolais agus taithí ag na stiúrthóirí a thacaíonn leis an mbreithniúchán a dhéanann siad ar cheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin. Téann na stiúrthóirí i mbun rannpháirtíochta cuidithí agus tugann siad treoir maidir le nithe lena mbaineann tábhachtach straitéiseach don Ghrúpa. Cuirtear taithí agus eolas na stiúrthóirí san áireamh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le ceanglais agus ballraíocht choistí an bhoird.

Cuirtear eolas ar fáil don Bhord ar bhonn tráthúil chun a chinntiú gur féidir breithniúchán iomlán agus ceart a dhéanamh ar na ceisteanna. I measc na míreanna seasta a ndéantar machnamh orthu ag gach cruinniú boird tá réimsí a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh agus maoirseacht a dhéanamh ar riosca agus rialachas. Tuairiscítear maidir le príomh-mhéadracht feidhmíochta agus faisnéis i ngach gné de ghnó an Ghrúpa. Soláthraíonn coistí Boird tuarascálacha maidir lena ngníomhaíocht a thacaíonn le freagrachtaí maoirseachta an Bhoird. Cuirtear méadracht agus faisnéis airgeadais ar fáil a chuireann ar chumas an Bhoird meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais na Cuideachta trí thagairt a dhéanamh do thoradh iarbhír míosúil agus bliain go dáta i gcomparáid le torthaí pleanáilte.

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe ag an mBord a chiallaíonn go mbuaileann an Cathaoirleach le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nuair nach mbíonn an Príomhfheidhmeannach i láthair, agus reáchtáladh na cruinnithe seo in 2025.

Tá rochtain ag baill an Bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta atá freagrach don Bhord chun a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla na Cuideachta ar fáil do na stiúrthóirí chun dul i gcomhairle leo nuair is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách, más gá, a mbeidh an Chuideachta freagrach as an gcostas a bhaineann lena leithéid. Tá nós imeachta bunaithe ag an mBord chun ábhair atá ag déanamh imní do bhaill an Bhoird a thaifeadadh, ábhair nach féidir iad a réiteach.

Tá beartas ceadaithe ag an mBord maidir le cód iompair ghnó atá bunaithe d'fhostaithe an Bhoird agus na Cuideachta. Tá beartas maidir le coinbhleachtaí leasa do stiúrthóirí bunaithe freisin agus déantar machnamh ar choinbhleachtaí leasa féideartha ag gach cruinniú boird agus coiste.

## › Ballraíocht an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá naonúr stiúrthóirí lena n-áirítear an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach, seisiúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus stiúrthóir amháin ar fostaí é / í. Is é an tAire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, a cheapann stiúrthóirí an Bhoird. Is mná iad 44% agus is fir iad 56% de bhaill an Bhoird.

# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

| Ball boird | Dáta an cheapacháin (*nó athcheapachán) | Téarma |
|---|---|---|
| Bryan Bourke, *Cathaoirleach* | 16 Márta 2023 | 5 bliana |
| Cian Blackwell | 13 Aibreán 2023 | 3 bliana 8 mhí |
| Anne Bradley | 17 Aibreán 2025 | 3 bliana |
| Gerald Caffrey, *Príomhfheidhmeannach* | 25 Meitheamh 2025 | 5 bliana |
| Lourda Moloney | 18 Aibreán 2025* | 3 bliana |
| Emer Murray | 22 Aibreán 2025 | 3 bliana |
| James O'Loughlin | 13 Aibreán 2023 | 5 bliana |
| Eimer O'Rourke | 13 Aibreán 2023 | 3 bliana 8 mhí |
| Aidan Skelly | 18 Aibreán 2023 | 3 bliana |

## › Sceideal tinrimh

Buaileann baill an Bhoird go rialta chun a gcuid dualgas a chur i gcrích. Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Boird agus Coiste i gcomhair 2025 leagtha amach thíos. I rith na bliana, reáchtáil an Bord seacht gcruinniú.

## › Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu/incháilithe chun freastal orthu

| Stiúrthóir | Bord | An Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca | An Coiste Iniúchta agus Riosca | An Coiste AD agus Luacha Saothair | An Coiste um Pleanáil Straitéiseach, Sábháilteacht agus Comhlíonadh | An Coiste um Shábháilteacht agus Comhlíonadh | An Coiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe in 2025** | **7** | **3** | **1** | **6** | **4** | **1** | **1** |
| Bryan Bourke | 7/7 | | | 6/6 | 4/4 | 1/1 | 1/1 |
| Cian Blackwell | 7/7 | 3/3 | 1/1 | | | | 1/1 |
| Anne Bradley | 5/5 | | 1/1 | | | 1/1 | |
| Gerald Caffrey | 3/3 | | | | 2/2 | | |
| Peter Kearney | 2/3 | | | | 2/2 | 1/1 | 1/1 |
| Lourda Moloney | 7/7 | | | | 4/4 | 1/1 | 1/1 |
| Emer Murray | 5/5 | | | 1/1 | | | 1/1 |
| James O'Loughlin | 7/7 | | | | 4/4 | 1/1 | 1/1 |
| Eimer O'Rourke | 7/7 | 3/3 | 1/1 | 6/6 | | | |
| Aidan Skelly | 7/7 | 3/3 | 1/1 | 6/6 | | | |





# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

## › Ionduchtú agus oiliúint leanúnach

Freastalaíonn gach stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin nuacheaptha ar oiliúint ionduchtúcháin tráth a roinntear faisnéis oibriúcháin agus airgeadais maidir leis an nGrúpa leo mar aon le faisnéis nach mór a chur ar fáil don Bhord faoin gCód. Tugtar cuireadh do stiúrthóirí ceanglais shonracha oiliúna nó faisnéisithe a aithint. I rith 2025, cuireadh cúrsaí oiliúna agus seisiúin faisnéisithe ar fáil maidir le páirtithe leasmhara oibriúcháin, cibearshlándáil agus ábhair a bhain le forbairt straitéiseach an Ghrúpa.

## › Príomhfheidhmeannach

I ndiaidh próisis earcaíochta iomaíoch, oscailte a reáchtáil, ceapadh Gerald Caffrey mar Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2025, agus tháinig sé i gcomharba ar an Dr Peter Kearney a ndeachaigh a théarma mar Phríomhfheidhmeannach in éag ar an 5 Meitheamh 2025.

## › Meastóireacht an Bhoird

Mar a cheanglaítear faoin gCód, chuir an Bord tús le meastóireacht sheachtrach ar a fheidhmíocht ag deireadh 2025 chun cur ar a chumas an obair a chur i gcrích faoi Mhárta 2026.

## › Coistí Boird

I rith 2025, rinne an Bord athbhreithniú ar a struchtúr coiste agus anois tá na coistí seo a leanas bunaithe chun tacú lena phróiseas cinnteoireachta:

- An Coiste Iniúchta agus Riosca
- An Coiste Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair
- An Coiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais
- An Coiste um Shábháilteacht agus Comhlíonadh

### An Coiste Iniúchta agus Riosca

Ar an 30 Meán Fómhair 2025, athbhreithníodh sainchúram agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca, agus athainmníodh an coiste mar an Coiste Iniúchta agus Riosca. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca ag feidhmiú faoi théarmaí tagartha foirmiúla a ndearnadh athbhreithniú orthu i rith 2025 chun maoirseacht airgeadais agus bhuiséadach áirithe a aistriú chuig an gCoiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais. Faoina théarmaí tagartha, trí athbhreithniú a dhéanamh ar iomláine, iontaofacht agus sláine dearbhaithe, tacaíonn an coiste leis an mBord lena fhreagrachtaí maidir le maoirseacht riosca ar bhainistíocht riosca oibriúcháin a bhfuil tionchar aici ar rioscaí fiontraíochta, an córas de rialú inmheánach agus rialachas.

Bhuail baill an choiste le chéile trí huaire mar an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca agus uair amháin mar an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2025. Tá an coiste faoi chathaoirleach Cian Blackwell agus athcheapadh é mar Chathaoirleach ar an 28 Aibreán 2025. Ar an dáta sin, athcheapadh Eimer O'Rourke agus Aidan Skelly mar bhaill den choiste freisin. Ceapadh Anne Bradley mar bhall den choiste ar an 30 Meán Fómhair 2025. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe coiste.

Ceaptar baill den Choiste Iniúchta agus Riosca do théarma sonrach agus bíonn téarmaí na mball uile bailí go dtí go dtéann a dtéarma mar stiúrthóir na Cuideachta in éag, laistigh de thrí bliana de réir an Chóid. Roimh a gceapachán, chuir an Cathaoirleach a dtaithí, cáilíochtaí agus réimsí spéise san áireamh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh iad a cheapadh mar bhaill den choiste. Chinntigh baill an Bhoird, eatarthu, go bhfuil taithí ag baill an choiste ar rialachas, iniúchadh inmheánach, timpeallacht na hearnála poiblí agus an tionscail eitlíochta, taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha, agus taithí ar mheasúnú riosca agus i réimsí teicniúla/speisialta.

Bíonn an tIniúchóir Inmheánach agus an Bainisteoir Riosca ag freastal ar chruinnithe de ghnáth. Bíonn ionadaithe ó ranna eile cosúil le hairgeadas, sábháilteacht, oibríochtaí, seirbhísí teicniúla, acmhainní daonna agus teicneolaíocht faisnéise, i láthair má fhaigheann siad cuireadh. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach don Choiste Iniúchta agus Riosca go díreach.

Tá an méid seo a leanas san áireamh i ndualgais iniúchta agus riosca an choiste:

- dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le héifeachtacht chórais de rialú inmheánach an Bhoird, bainistíocht riosca agus iniúchadh inmheánach
- athbhreithniú a dhéanamh ar shláine ráitis airgeadais reachtúla an Ghrúpa, a ndúshlán a thabhairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus comhairle a chur ar fáil maidir le beartais agus cleachtais chuntasaíochta an Ghrúpa
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus ar oibiachtúlacht an iniúchóra sheachtraigh agus moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird maidir le hiniúchóir seachtrach a cheapadh
- monatóireacht agus machnamh a dhéanamh ar nádúr agus ar scóip an iniúchta sheachtraigh.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun plean a dhéanamh agus chun athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar thoradh iniúchadh seachtrach ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa. Tá nósanna imeachta bunaithe chun a chinntiú go bhfuil caidreamh oiriúnach bunaithe leis an iniúchóir seachtrach. Déanann an coiste a mhachnamh ar neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh go bliantúil agus tá glactha aige le beartas

# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

a rialaíonn seirbhísí neamhiniúchta a bheith á gcur ar fáil ag an iniúchóir seachtrach. Sa bheartas seo déantar machnamh ar chineál agus ar mhéid na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus ar na táillí a thuilltear as obair iniúchta agus neamhiniúchta a dhéanamh. Tá na táillí seo leagtha amach i nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Níor tháinig aon rud chun cinn in 2025. In 2025, bhuail an coiste leis an iniúchóir seachtrach nuair nach raibh an fhoireann bainistíochta i láthair.

In 2025, agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, rinne an coiste an méid seo a leanas:

- athbhreithniú, nuashonrú agus mhol sé a théarmaí tagartha a bhí le ceadú ag an mBord
- athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht chóras de rialú inmheánach an Ghrúpa
- athbhreithniú agus mhol sé nuashonruithe don Bhord a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an gcreat bainistíochta riosca fiontraíochta agus ar chóras an chláir rioscaí fiontraíochta
- breithniú ar na ráitis airgeadais reachtúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus moladh iad don Bhord chun iad a cheadú
- machnamh ar thuarascáil ón iniúchóir seachtrach maidir leis an iniúchadh a rinne sé / sí ar na ráitis airgeadais reachtúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024
- athbhreithniú ar ráitis airgeadais eintiteas rialaithe na Cuideachta go dtí an 31 Nollaig 2024 agus iad a mholadh don Bhord ionas gur féidir iad a cheadú
- athbhreithniú ar acmhainní a chur ar fáil agus ar an bpróiseas a bhaineann le riar na feidhme bainistíochta riosca
- athbhreithniú ar na cuntais neamhiniúchta go dtí an 30 Meitheamh 2025
- athbhreithniú ar an tslí a bhfuil an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú á comhlíonadh ag an gCuideachta
- ghlac sé le nuashonruithe éagsúla maidir le nithe bainistíochta na Cuideachta lena n-áirítear cibearshlándáil, cosaint sonraí, athléimneacht agus nochtuithe cosanta
- athbhreithniú ar an ráiteas gnóthais leantaigh
- machnamh ar agus tháinig sé ar chomhaontú maidir le scóip iniúchadh reachtúil 2025
- machnamh ar neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh chun seirbhísí neamhiniúchta a chur ar fáil agus athbhreithniú ar an mbeartas maidir le neamhspleáchas an iniúchóra sheachtraigh
- breithniú ar na ráitis airgeadais reachtúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus moladh iad don Bhord chun iad a cheadú
- athbhreithniú agus machnamh ar thuarascálacha ón Iniúchóir Inmheánach maidir le héifeachtacht na rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus na bpróiseas bainistíochta riosca
- athbhreithniú agus machnamh ar phlean oibre iniúchta inmheánaigh 2026
- maoirseacht ar chur chun feidhme moltaí ón athbhreithniú seachtrach ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a cuireadh i gcrích in 2024
- meastóireacht ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh
- athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta mhíosúla
- athbhreithniú ar bheartas státchiste nuashonraithe na Cuideachta agus a mholadh don Bhord go gceadófaí é
- machnamh ar a éifeachtacht féin lena n-áirítear meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin a chur i gcrích.

### An Coiste Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair

Tá an Coiste Acmhainní Daonna agus Luacha Saothair ag feidhmiú faoi théarmaí tagartha foirmiúla a ceadaíodh i rith na bliana. Faoina théarmaí tagartha, is é ról an choiste monatóireacht a dhéanamh ar agus glacadh le tuarascálacha maidir le ceisteanna a bhaineann le hacmhainní daonna agus luach saothair lena n-áirítear pleanáil acmhainní straitéiseach agus ceapacháin ball foirne bainistíochta sinsearach. Déanann an coiste machnamh ar nithe a bhaineann le luach saothair ginearálta laistigh den Chuideachta agus leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an bhfoireann bainistíochta shinsearach. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht bainistíochta agus glacann sé le nuashonruithe maidir le struchtúir bhainistíochta eagraíochta agus déanann sé athbhreithniú ar an straitéis acmhainní daonna agus caidreamh tionsclaíoch agus socruithe pinsin. I rith 2025, rinne an coiste maoirseacht ar nithe idirthréimhseacha a bhain leis an bPríomhfheidhmeannach a bhí ag éirí as an obair agus leis an bPríomhfheidhmeannach nuacheaptha.

Is baill den choiste iad Bryan Bourke, Eimer O'Rourke agus Aidan Skelly agus ceapadh mar bhaill den choiste iad ar an 8 Bealtaine 2023. Ar an 30 Meán Fómhair 2025, ceapadh Eimer O'Rourke mar chathaoirleach an choiste seachas Bryan Bourke a bhí ag éirí as a chúraimí. Ar an dáta sin, ceapadh Emer Murray mar bhall den choiste freisin. Bhuail baill an choiste le chéile sé huaire in 2025. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe coiste.





Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

### An Coiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais

Ar an 30 Meán Fómhair 2025, rinneadh athbhreithniú ar shainchúram, téarmaí tagartha agus ainm an Choiste um Pleanáil Straitéiseach, Sábháilteacht agus Comhlíonadh (CPSSC), agus athainmníodh é mar an Coiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais. Aistríodh an sainchúram airgeadais, a bhí faoi chúram an Choiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca roimhe seo, chuig an gcoiste freisin. Déanann an coiste scrúdú ar agus cuireann sé moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le buiséad agus clár infheistíochta na Cuideachta i dteicneolaíocht agus i réimsí eile, déanann sé machnamh ar ghníomhaíochtaí tráchtála an Ghrúpa agus faigheann sé nuashonruithe maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus pleanáil agus feidhmíocht rialachais. Faoina shainchúram airgeadais, déanann an coiste machnamh ar agus molann sé don Bhord, ceanglais airgeadais agus socruithe baincéireachta na Cuideachta atá le ceadú.

In 2025, bhuail an coiste le chéile ceithre huaire mar an CPSSC agus uair amháin mar an Coiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais. Tá cathaoirleacht á déanamh ag Bryan Bourke ar an gcoiste. Ceapadh Bryan Bourke, Lourda Moloney agus James O'Loughlin ina mbaill de CPSSC ar an 8 Bealtaine 2023. Ceapadh Cian Blackwell agus Emer Murray ina mbaill den choiste ar an 30 Meán Fómhair 2025. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe coiste.

### An Coiste um Shábháilteacht agus Comhlíonadh

Ar an 30 Meán Fómhair 2025, bhunaigh an Bord Coiste um Shábháilteacht agus Comhlíonadh neamhspleách a thugann cúnamh don Bhord chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta agus slándála oibriúcháin, agus ar cheisteanna comhlíonta, a raibh an sainchúram a bhain lena leithéid ag CPSSC roimhe seo. Tá cathaoirleacht á déanamh ag Bryan Bourke ar an gcoiste. Ceapadh Bryan Bourke, Lourda Moloney, James O'Loughlin agus Anne Bradley ina mbaill den choiste ar an 30 Meán Fómhair 2025. Bhuail baill an choiste le chéile uair amháin in 2025. Tuairiscíonn an coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe coiste.

## › Ráiteas maidir leis an gcóras de rialú inmheánach

I ndeireadh na dála, tá an Bord freagrach as córas de rialú inmheánach an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. San áireamh sa chóras de rialú inmheánach tá na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le sócmhainní a chosaint in aghaidh caillteanais, taifid chuntasaíochta chearta a choimeád agus faisnéis airgeadais iontaofa atá le húsáid laistigh den ghnó nó chun críche foilseacháin, agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán ábhartha.

Tá an córas de rialú inmheánach deartha chun an riosca go dteipfear ar chuspóirí gnó a chomhlíonadh a bhainistiú seachas deireadh a chur leis, agus ní leis ach dearbhú réasúnach, seachas absalóideach, a thabhairt in aghaidh míshonraithe ábhartha nó caillteanas.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, cibé acu go díreach nó tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, ar éifeachtacht na gcóras de rialú inmheánach a chlúdaíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an 2 Aibreán 2026 agus tá sé éifeachtach go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Tá creat rialaithe inmheánach láidir i bhfeidhm ag an gCuideachta ina n-áirítear an méid seo a leanas:

- coistí boird le téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir
- sceideal ábhar atá forchoimeádta don Bhord
- cód iompair, atá ceadaithe ag an mBord, a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochta soiléir ina bhfuil dualgais á scaradh go cuí agus ina bhfuil teorainneacha údaráis
- freagrachtaí soiléire a mbeidh baill foirne atá cáilithe go cuí ag díriú orthu
- creat bainistíochta riosca fiontraíochta
- teorainneacha agus nósanna imeachta soiléire do chaiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil
- cloí, de réir mar is gá, leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí
- córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais, cuntasaíocht, bainistíocht státchiste agus breithmheas tionscadail
- córais bhuiséadaithe chuimsitheacha le buiséid bhliantúla a bheidh ceadaithe ag an mBord
- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean corparáideach cúig bliana, a bheidh athbhreithnithe ag an scairshealbhóir agus ceadaithe ag an mBord
- monatóireacht ar fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid le buiséid agus tuairisciú a dhéanamh ar athruithe don Bhord ar bhonn míosúil agus bliantúil
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus ar phríomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta agus a dhéanann moltaí, más cuí
- beartas chun maoirseacht ar fhochuideachta ar lánúinéireacht AirNav Éireann a chlúdach

## Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

- Coiste Iniúchta agus Riosca a cheadaíonn pleananna iniúchta agus a dhéileálann le ceisteanna rialaithe suntasacha a dtarraingítear aird orthu in iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú ar agus a mholann na ráitis airgeadais reachtúla bhliantúla atá le ceadú ag an mBord
- beartais agus nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasacha a thuairisciú agus a réiteach

Rinne an coiste iniúchta agus riosca athbhreithniú ar na rialuithe seo in 2025 mar chuid dá chlár oibre agus thuairiscigh sé go díreach don Choiste Iniúchta agus Riosca. Tuairiscíodh moltaí maidir le feabhsuithe, más cuí, don choiste freisin agus rinneadh monatóireacht orthu ina dhiaidh sin ag féachaint do chur chun feidhme tráthúil.

Deimhníonn an Bord, i gcomhair 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais, go bhfuil próiseas bunaithe chun rioscaí a aithint a bhainistiú agus go bhfuil córas oiriúnach de rialú inmheánach i bhfeidhm agus go raibh na córais seo ag feidhmiú go héifeachtach i rith na tréimhse. Sa chás go n-aithnítear laigí sa chóras de rialú inmheánach, cuirtear pleananna chun déileáil leo i bhfeidhm agus déantar monatóireacht rialta ar phleananna gníomhaíochta go dtí go mbíonn siad curtha i gcrích. Níor aithníodh aon laige ábhartha nó calaois fad is a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar éifeachtacht an chórais de rialú inmheánach.

### › Bainistíocht riosca

Is í bainistíocht riosca an próiseas córasach atá in úsáid chun bagairtí agus éiginnteachtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an nGrúpa a aithint, a mheas agus a mhaolú. Is é cuspóir na bpróiseas bainistíochta riosca léargas a thabhairt ar na rioscaí a mbeidh ar an nGrúpa déileáil leo agus tacú le cinnteoireacht i ndáil leis an mbealach is fearr agus is féidir na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann an Grúpa iarracht an cuspóir seo a chomhlíonadh trí shraith de chéimeanna sainithe chun tacú le haithint, measúnú, maolú agus tuairisciú leanúnach rioscaí mar aon lena chinntiú go bhfuil bainistíocht riosca curtha san áireamh i bpróisis an Ghrúpa cosúil le pleanáil gnó agus cruinnithe bainistíochta.

Is é seo a leanas aidhm bainistíochta riosca an Ghrúpa:

- caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú go leanúnach
- tacú le pleanáil straitéiseach agus gnó
- athléimneacht oibriúcháin a chinntiú
- tairbhe a bhaint as forbairtí teicneolaíocha
- leordhóthanacht airgeadais a ráthú.

Tá bainistíocht riosca á treorú ag an mBord agus bunaithe ar struchtúir agus ar fhreagrachtaí atá sainithe go soiléir. Tá sé leabaithe i ngníomhaíochtaí an Ghrúpa agus, mar eagraíocht atá ríthábhachtach ó thaobh na sábháilteachta de, tá na baill foirne ar fad airdeallach ar ábharthacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus maolaithe chun a gcuspóirí a chomhlíonadh. Tá monatóireacht á déanamh ag an mBord ar bhainistíocht riosca tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus tríd an gCoiste um Sheachadadh Infheistíochta Straitéisí agus Airgeadais. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca. Tuairiscíonn sé don Bhord maidir le héifeachtacht na bainistíochta riosca. Déanann sé maoirseacht ar an gCreat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta. Tugann iniúchadh inmheánach dearbhú cuspóireach don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord maidir le héifeachtacht na bainistíochta riosca.

Is ar an mBord atá an fhreagracht fhoriomlán as bainistíocht riosca, rud a chinntíonn go bhfuil neamhchosaint riosca an Ghrúpa ailínithe leis na cuspóirí straitéiseacha, laistigh den inghlacthacht riosca agus á bainistiú go cuí trí rialuithe inmheánacha láidre. Lárnach sa chreat bainistíochta riosca fiontraíochta seo tá an beartas maidir le bainistíocht riosca, ar ghlac an Bord leis ag tús 2025. Sa bheartas leagtar amach creat láidir chun rioscaí a aithint, a mheas agus a mhaolú ar fud na Cuideachta. Chomh maith leis sin, cuireann an beartas dlús le faireachas, agus bíonn gach gné de phróifíl riosca na heagraíochta faoi réir athbhreithnithe rialta agus, más gá, géarú agus measúnú tapa ar rioscaí ábhartha nuair a bhíonn a leithéid i gceist. Ag tacú leis an bpróiseas seo tá clár fairsing athbhreithnithe riosca agus ceardlann a chabhraíonn le foirne bainistíochta AirNav Éireann chun neamhchosaint riosca a bhainistiú ag leibhéil inghlactha. Sa bheartas sainítear go soiléir róil agus freagrachtaí riosca, agus cinntítear go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe ag gach leibhéal den eagraíocht.

Trí ghlacadh le creat fiontraíochta, tá AirNav Éireann ag baint úsáid as cur chuige caighdeánaithe maidir le bainistíocht riosca ar fud an Ghrúpa. Forbartha i gcomhar leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, cinntíonn an tionscnamh seo níos mó trédhearcachta agus cuntasachta don Bhord agus dá choistí. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar na próisis bhainistíochta riosca chun a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le treoir ábhartha agus le dea-chleachtais.

Sa chreat bainistíochta riosca fiontraíochta aithníodh na príomhrioscaí ar dócha go mbeidh an tionchar is suntasaí acu ar an ngnó, seasamh airgeadais, torthaí agus cáil bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht na neamhchosanta riosca agus tá measúnú láidir curtha i gcrích chun déileáil leis na rioscaí sin. Déantar na rioscaí seo a mheas go leanúnach agus tuairiscítear don Bhord iad.





## Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

Leithdháileann an creat bainistíochta riosca fiontraíochta príomhrioscaí an ghrúpa do cheann amháin de thrí chatagóir atá leagtha amach thíos.

- Rioscaí sábháilteachta a eascraíonn as teip na bpróiseas agus na struchtúr curtha chun feidhme chun bonn eolais a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí sábháilteachta agus slándála agus chun iad a threorú, a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Rioscaí leanúnachais gnó a thagann chun cinn is cúis le cur isteach nó cailliteanas seirbhíse mar gheall ar theip córas nó srianta oibriúcháin, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas an Ghrúpa seirbhísí aerloingseoireachta leanúnacha agus iontaofa a chur ar fáil. San áireamh anseo tá rioscaí cibearshlándála a bhaineann le bainistíocht bagairtí seachtracha do chórais TF agus teicneolaíochta agus rioscaí a bhaineann le soláthraithe tríú páirtí criticiúla.
- Rioscaí forghníomhaithe / seachtracha straitéise a eascraíonn as drochphleanáil straitéiseach, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara nó freagrúlacht i ndáil le hathruithe comhshaoil seachtracha. San áireamh anseo tá rioscaí a eascraíonn as teip tacú le socruithe bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta éifeachtacha, lena n-áirítear laghdú suntasach ar aerthrácht nó teip acmhainní airgeadais na heagraíochta a chosaint. San áireamh freisin tá rioscaí a eascraíonn as tionscnaimh straitéiseacha cosúil le hintleacht shaorga nó teicneolaíochtaí nuálacha a bhunú atá in ann éifeachtacht a fheabhsú.

Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach le haghaidh rioscaí breise, baintear úsáid as teicneolaíocht chun bagairtí nua nó ceilte a aithint agus déileáil leo nuair a thagann siad chun cinn. Tá AirNav Éireann tiomanta do bhainistíocht riosca leanúnach, láidir chun a chinntiú go gcuirimid seirbhísí sábháilte, slána, éifeachtúla agus athléimneacha ar fáil do chách.

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde de chomhlíonadh sábháilteachta, sláine oibriúcháin agus rialála. Tá inghlacthacht riosca éagsúil ag AirNav Éireann maidir le sábháilteacht, slándáil agus riosca seachadta seirbhíse, agus tá tús áite á thabhairt do na caighdeáin is airde de chomhlíonadh sábháilteachta agus rialála oibriúcháin chun a chinntiú go bhfuil paisinéirí, criú agus aerárthaí á gcosaint. Tá na stiúrthóirí tiomanta do rioscaí a bhaineann le seirbhísí aerloingseoireachta an Ghrúpa a bhainistiú agus a mhaolú go gníomhach. Os a choinne sin, tá an inghlacthacht riosca nuálaíochta agus tráchtála oscailte, rud a chiallaíonn gur féidir tairbhe a bhaint as deiseanna a fheabhsaíonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus a chabhraíonn chun tairbhe a bhaint as deiseanna tráchtála. Cuireann an cur chuige cothrom seo ar ár gcumas tairbhe a bhaint as deiseanna fáis agus ag an am céanna sláine ár gcreata oibriúcháin a chosaint.

### › Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá cinneadh maidir le táillí stiúrthóirí á dhéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus tá siad leagtha amach i scríbhinn ina litreacha ceapacháin. Cheadaigh an tAire lompair luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh, ag a bhfuil conradh seirbhíse, agus cuireadh an méid sin in iúl don Bhord Stiúrthóirí. Tá na nochtuithe a rinneadh sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le fáil i nóta 6 agus is ionann iad agus an méid atá riachtanach faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, agus faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

### › Nochtuithe arna gceangal faoi Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar fheidhmíocht airgeadais agus ar sheasamh airgeadais an Ghrúpa ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire lompair go rialta maidir le gach forbairt oibriúcháin, airgeadais agus tráchtála, a bhfuil tionchar aici ar AirNav Éireann. Baineann an fhaisnéis seo a leanas leis an gCuideachta agus tá sí á cur ar fáil don bhliain atá á hathbhreithniú, comhsheasmhach leis na ceanglais faisnéise airgeadais shonracha atá luaite sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tá an fhaisnéis sonraithe go réasúnta i ngach slí ábhartha.

#### Taisteal agus cothú

Bhí costais taistil agus chothaithe a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais cothrom le €1.5 milliún, roinnte idir costais taistil agus chothaithe bhaile de €0.8 milliún agus costais taistil agus chothaithe idirnáisiúnta a bhí cothrom le €0.7 milliún.

#### Costais leasa agus fáilteachais foirne

In 2025 bhí costais leasa agus fáilteachais foirne a gearradh ar chuntas brabúis agus caillteanais na Cuideachta cothrom le €0.4 milliún.

#### Costais sainchomhairleoireachta

San áireamh i gcostais sainchomhairleoireachta tá an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bainistíochta a chabhraíonn le cinnteoireacht nó ceapadh beartas agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh. In 2025, bhí costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais cothrom le €1.1 milliún a ndearnadh an anailís seo a leanas orthu: €0.2 milliún do chomhairle achtúireach agus phinsin eile, €0.2 milliún do

# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

shainchomhairleoireacht bainistíochta aerthráchta, €0.1 milliún do chomhairle sábháilteachta oibriúcháin, €0.1 milliún do shainchomhairleoireacht slándála, €0.1 milliún do shainchomhairleoireacht a bhain le pá agus sochair foirne, €0.1 milliún do thuairisciú inbhuanaitheachta, €0.1 milliún chun measúnú a dhéanamh ar dheiseanna tráchtála, agus €0.2 milliún a bhain le comhairleoireacht theicniúil, mhaoine agus airgeadais éagsúil.

Bhí costais sainchomhairleoireachta a tabhaíodh agus a caipitlíodh laistigh de shócmhainní seasta inláimhsithe cothrom le €0.2 milliún agus san áireamh bhí measúnachtaí meicniúla agus leictreacha, pleanála agus dearaidh, cibearshlándála agus teicniúla eile.

### Costais dlí

Bhí costais a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí agus a gearradh ar an gcuntas brabúis agus caillteanais in 2025 cothrom le €0.3 milliún. Bhí costais dlí a tabhaíodh i ndáil le cásanna dlí cothrom le €Náid. Ní dhearnadh aon socraíocht dlí i rith na bliana.

## › Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag obair as seo go ceann tamaill agus chun a ndliteanais leanúnacha a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite do thréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo agus, dá réir sin, go bhfuil sé oiriúnach leanúint ar aghaidh ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá tuilleadh machnaimh déanta ar an measúnú ar ghnóthas leantach déanta i nóta 1 leis na ráitis airgeadais.

## › Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais alt 281 - alt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, chomh fada is a bhaineann le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu agus trí acmhainní oiriúnacha a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Tá taifid chuntasaíochta an Ghrúpa á gcoinneáil in Foirgneamh The Times, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

## › Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

De réir alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go bhfuil a hoibleagáidí ábhartha á gcomhlíonadh ag an gCuideachta. Lena chois sin, deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil ráiteas beartais comhlíonta forbartha ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir lena leithéid sin de chomhlíonadh, go bhfuil socruithe agus struchtúir oiriúnacha bunaithe atá, dar leo, deartha chun comhlíonadh ábhartha a chinntiú le hoibleagáidí ábhartha na Cuideachta agus go bhfuil athbhreithniú ar na socruithe agus ar na struchtúir curtha i gcrích i rith na bliana airgeadais.

## › Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach curtha i gcrích acu chun a chinntiú go bhfuil siad airdeallach ar aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus tá siad sásta go bhfuil iniúchóir reachtúil an Ghrúpa airdeallach ar an bhfaisnéis sin. Bunaithe ar an méid atá ar eolas acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóir reachtúil an Ghrúpa airdeallach uirthi.

## › Íoc pras cuntas

Is é beartas na Cuideachta na ceanglais a bhaineann le reachtaíocht ábhartha íoc pras a chomhlíonadh. Glactar le gnáth-théarmaí creidmheasa na Cuideachta, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha, mar 30 lá ón uair a bhfaightear an sonrasc, nó deimhniú maidir le glacadh leis na hearraí nó seirbhísí, ar ábhar na híocaíochta iad. In 2025, rinneadh formhór na n-íocaíochtaí ar fad laistigh den tréimhse chreidmheasa chuí. Déanann an Chuideachta athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú leis an méid ama a thógann fiosrúchán agus réiteach sonraisc a laghdú. Soláthraíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnach seachas absalóideach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis na rialacháin.

## › Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ar an 13 Márta 2026, cheadaigh an Ard-Chúirt ordú de bhua Alt 84 agus Alt 85 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lenar deimhníodh an laghdú scairchaipitil ceadaithe ag na scairshealbhóirí, rud a cheadaigh cúlchistí scairbhisigh €310.0 milliún a chealú agus caitheamh leo mar bhrabúis atá ar fáil le dáileadh. Ar an 18 Márta, tháinig an laghdú caipitil i bhfeidhm i ndiaidh clárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) a chur i gcrích.

Ar an 26 Márta 2026, fuarthas cead agus toiliú ón Aire, faoi réir coinníollacha áirithe, i ndáil le méadú molta de 1.4% ar phinsin atá á n-íoc, éifeachtach ón 1 Eanáir 2025. Níl léargas tugtha ar chostas an mhéadaithe, arna mheas ar an mbonn maoinithe, luach €3.9 milliún, sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2025, de bhrí gur teagmhas iar-chláir comhardaithe neamhchoigeartaithe atá anseo.

Ar an 2 Aibreán 2026, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn luach €4.8 milliún (€47,812 in aghaidh na scaire) *(2024: €Náid).*

Níor tharla aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCuideachta ón 31 Nollaig 2025 a cheanglaíonn coigeartú, nó nochtadh, sna ráitis airgeadais.





# Tuarascáil na stiúrthóirí (ar lean)

## › Tabhartais pholaitiúla

Níor thug an Grúpa aon tabhartas polaitiúil i rith na bliana a raibh sé riachtanach é a nochtadh faoi Acht Toghcháin, 1997.

## › Iniúchóir

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh an t-iniúchóir, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil, i mbun oifige.

Thar ceann an bhoird:

| | |
|---|---|
| **Bryan Bourke** | **Gerald Caffrey** |
| *Cathaoirleach* | *Príomhfheidhmeannach* |

02 Aibreán 2026

# Ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí

## i ndáil le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán infheidhme.

Ceanglaíonn dlí cuideachta ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí atá roghnaithe acu chun ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir CTA 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann* mar atá curtha i bhfeidhm de réir fhorálacha Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, níor cheart do na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar chuntas brabúis nó caillteanais an Ghrúpa don bhliain sin. Nuair a bhíonn ráitis airgeadais gach Grúpa agus Cuideachta á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh ag an nGrúpa. Tá freagracht ghinearálta orthu as a leithéid de chéimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a ghlacadh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil stiúrthóirí a ullmhú a bhfuil ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh aici.

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta a chothabháil agus as sláine na faisnéise sin a chothabháil. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith éagsúil le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

| | |
|---|---|
| **Bryan Bourke** | **Gerald Caffrey** |
| *Cathaoirleach* | *Príomhfheidhmeannach* |





# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## chuig baill Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Éireann

## › Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim maidir le ráitis airgeadais Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Éireann (an 'chuideachta')

Inár dtuairim, is féidir an méid seo a leanas a rá faoi ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta:

- tugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail ag an 31 Nollaig 2025 agus maidir le brabús an ghrúpa don bhliain dár críoch sin; agus
- tá siad ullmhaithe i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá an méid seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu:

ráitis airgeadais an ghrúpa:

- an Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite faoin Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe Cothromais;
- an Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite; agus
- na nótaí gaolmhara, 1 - 24, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1.

ráitis airgeadais na máthairchuideachta:

- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe Cothromais; agus
- na nótaí gaolmhara, 1 - 24, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha atá curtha i bhfeidhm nuair a bhíonn siad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus CTA 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann' arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

### An bonn tuairime

Chuireamar ár n-iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Iniúchta Idirnáisiúnta (Éire) (CIlnna (Éire)) agus dlí infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa rannóg dar teideal "freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais" dár dtuarascáil.

Táimid ag feidhmiú neamhspleách ar an ngrúpa agus máthairchuideachta de réir na gceanglas eiticiúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil atá eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

I ndiaidh dúinn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, chinneamar go bhfuil an úsáid atá á baint ag na stiúrthóirí as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta oiriúnach nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, níor aithníomar aon éiginnteacht ábhartha maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó in éineacht lena chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ó uair a n-údaraítear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá ár bhfreagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí chomh fada is a bhaineann le gnóthas leantach mínithe sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Faisnéis eile

San áireamh i bhfaisnéis eile tá an fhaisnéis atá le fáil i dtuarascáil na Stiúrthóirí agus sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra maidir leis sin. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá le fáil i dtuarascáil na Stiúrthóirí agus sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Inár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais, ní chlúdaítear an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid atá sonraithe go sainráite ar shlí eile inár dtuarascáil, ní thugaimid aon chonclúid dearbhaithe maidir leis sin.

Is í an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a bhailíomar i rith an iniúchta nó a bhfuil an chuma uirthi go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má aithnímid a leithéid sin de neamhréireanna ábhartha nó

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## chuig baill Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Éireann (ar lean)

míshonruithe ábhartha de réir cosúlachta, ceanglaítear orainn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil míshonrú sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha déanta i ndáil leis an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, go bhfuilimid den tuairim go bhfuil míshonrú ábhartha ag baint leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugtar léargas fíorcheart iontu agus go bhfuil Acht na gCuideachtaí, 2014, á gcomhlíonadh acu, agus as cibé rialú inmheánach a bheidh riachtanach dar leis na stiúrthóirí chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, bíonn na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus cuntasaíocht an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé beartaithe ag na stiúrthóirí an grúpa nó an mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha eile ann ach a leithéid a dhéanamh.

### Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais trí chéile saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim le fáil inti. Glactar le dearbhú réasúnach mar ardleibhéal dearbhaithe ach ní ghlactar leis mar ráthaíocht go dtabharfar míshonrú ábhartha faoi deara, sa chás gur ann dá leithéid, nuair a chuirfear iniúchadh i gcrích de réir CIInna (Éire). D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó earráid agus glactar leo mar ghnéithe ábhartha más rud é, ina n-aonar nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí déanta ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise maidir lenár bhfreagrachtaí i ndáil leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin ÚMICÉ ag: https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements. Glactar leis an gcur síos sin mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

## › Tuarascáil maidir le ceanglais dlí agus rialála eile

### Tuairim maidir le nithe eile forordaithe ag Acht na gCuideachtaí, 2014

Bunaithe díreach ar an obair a chuireamar i gcrích i rith an iniúchta, tá an méid seo a leanas á thuairisciú againn:

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid atá riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.
- Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta chun iniúchadh éasca agus cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim, tá an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.
- Inár dtuairim, tá na codanna sin de thuarascáil na stiúrthóirí a sonraíodh dár n-athbhreithniú, nach bhfuil tuairisciú inbhuanaitheachta san áireamh ann nuair a cheanglaítear a leithéid de réir Chuid 28 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ullmhaithe de réir Acht na gCuideachtaí, 2014. Inár dtuairim, tá an fhaisnéis a cuireadh ar fáil i dtuarascáil na stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

### Nithe a gceanglaítear orainn a thuairisciú ar bonn eisceachta

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an ghrúpa agus na máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuarthas i rith an iniúchta, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, a cheanglaíonn orainn tuairisciú duit más rud é, inár dtuairim, nach bhfuil nochtuithe maidir le luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí déanta de réir an dlí.





# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách

## chuig baill Sheirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann atá ag trádáil mar AirNav Éireann (ar lean)

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), ceanglaítear orainn a thuairisciú duit mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras de rialú inmheánach a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais atá san áireamh i dTuarascáil na Stiúrthóirí go bhfuil mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais á comhlíonadh ag an gCuideachta nó mura bhfuil sí comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a bhfuilimid airdeallach uirthi bunaithe ar an obair iniúchta atá déanta againn ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn sa chomhthéacs seo.

## › An úsáid a bhaintear as ár dtuarascáil

Tá an tuarascáil seo á cur ar fáil díreach do bhaill na cuideachta, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár gcuid oibre iniúchta curtha i gcrích againn ionas gur féidir linn na nithe sin a cheanglaítear orainn a shonrú dó bhaill na cuideachta i dtuarascáil iniúchóra agus, gan do chríoch ar bith eile, a roinnt leo. A mhéid is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht do dhuine ar bith eile seachas don chuideachta agus do bhaill na cuideachta mar chomhlacht, dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo agus do na tuairimí atá bunaithe againn.

**Daniel Murray**
le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Teach Deloitte agus Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

02 Aibreán 2026

# Cuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Láimhdeachas** – gníomhaíochtaí leanúnacha | *2* | **210,655** | 196,797 |
| | | | |
| Costais oibriúcháin | | **(199,132)** | (188,573) |
| | | | |
| **Brabús oibriúcháin** – gníomhaíochtaí leanúnacha | | **11,523** | 8,224 |
| | | | |
| Ús infhála agus ioncam cosúil | *4* | **22,938** | 24,579 |
| Ús iníoctha agus táillí cosúla | *5* | **(21,062)** | (21,559) |
| Sciar de bhrabús comhpháirtí | *9* | **1,246** | 1,595 |
| | | | |
| **Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas** | *6* | **14,645** | 12,839 |
| | | | |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí | *7* | **(2,692)** | (2,532) |
| | | | |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **11,953** | 10,307 |



AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **11,953** | 10,307 |
| | | | |
| **Caillteanas cuimsitheach eile** | | | |
| Atomhas na glansócmhainne sochair sainithe | *20* | **(12,836)** | (17,529) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha ghaolmhar | *15* | **1,605** | 2,191 |
| Airgead sa bhreis ar chostais seirbhíse pinsin | *20* | **1,778** | 1,694 |
| Difríochtaí airgeadra eachtraigh ar aistriú oibríochtaí eachtracha | | **(725)** | 457 |
| | | | |
| **Caillteanas cuimsitheach eile don bhliain** | | **(10,178)** | (13,187) |
| | | | |
| **Gnóthachan / (caillteanas) cuimsitheach iomlán eile don bhliain** | | **1,775** | (2,880) |

## Clár comhardaithe comhdhlúite

### ag an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *8* | **132,197** | 108,284 |
| Sócmhainní airgeadais | *9* | **23,805** | 25,943 |
| Sócmhainn phinsin | *20* | **39,181** | 48,269 |
| | | **195,183** | 182,496 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | | | |
| – dlite laistigh de bhliain amháin | *10* | **73,055** | 72,565 |
| – dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | *10* | **40,365** | 66,358 |
| Taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha | *11* | **30,830** | 53,814 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | *11* | **68,900** | 33,642 |
| | | **213,150** | 226,379 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | *12* | **(45,097)** | (47,347) |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **168,053** | 179,032 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **363,236** | 361,528 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | *14* | **(41,159)** | (41,493) |
| | | | |
| **Forálacha do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | *20* | **(3,693)** | (3,426) |
| **Glansócmhainní** | | **318,384** | 316,609 |
| | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal gairmthe | *16* | **–** | – |
| Cuntas scairbhisigh | *16* | **314,829** | 314,829 |
| Cúlchistí eile | *16* | **(1,366)** | (1,366) |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **5,240** | 2,740 |
| Cúlchiste airgeadra | | **(319)** | 406 |
| | | | |
| **Cistí scairshealbhóirí – cothromas** | | **318,384** | 316,609 |

Thar ceann an bhoird:

**Bryan Bourke**
*Cathaoirleach*

**Gerald Caffrey**
*Príomhfheidhmeannach*





## Clár comhardaithe na cuideachta

### ag an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *8* | **132,197** | 108,284 |
| Sócmhainní airgeadais | *9* | **7,707** | 7,707 |
| Sócmhainn phinsin | *20* | **39,181** | 48,269 |
| | | **179,085** | 164,260 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | | | |
| – dlite laistigh de bhliain amháin | *10* | **85,664** | 86,564 |
| – dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | *10* | **40,365** | 66,118 |
| Taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha | | **30,830** | 53,814 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | **68,665** | 33,314 |
| | | **225,524** | 239,810 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | *12* | **(45,060)** | (47,290) |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **180,464** | 192,520 |
| | | | |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **359,549** | 356,780 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe:** méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | *14* | **(41,159)** | (41,493) |
| | | | |
| **Forálacha do dhliteanais** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | *20* | **(3,693)** | (3,426) |
| **Glansócmhainní** | | **314,697** | 311,861 |
| | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal gairmthe | *16* | **–** | – |
| Cuntas scairbhisigh | *16* | **314,829** | 314,829 |
| Cúlchistí eile | *16* | **(4,474)** | (4,474) |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **4,342** | 1,506 |
| | | | |
| **Cistí scairshealbhóirí – cothromas** | | **314,697** | 311,861 |

Thar ceann an bhoird:

**Bryan Bourke**
*Cathaoirleach*

**Gerald Caffrey**
*Príomhfheidhmeannach*

## Ráiteas comhdhlúite ar athruithe ar chothromas

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Scairchaipiteal gairmthe €'000 | Scairbhiseach €'000 | Cúlchistí eile €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cúlchiste airgeadra €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2024 | – | 314,829 | (1,366) | 10,624 | (51) | 324,036 |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | – | – | 10,307 | – | 10,307 |
| (Caillteanas)/ ioncam cuimsitheach eile | – | – | – | (13,644) | 457 | (13,187) |
| | | | | | | |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | – | – | – | (3,337) | 457 | (2,880) |
| | | | | | | |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | |
| | | | | | | |
| Díbhinní (nóta 17) | – | – | – | (4,547) | – | (4,547) |
| | | | | | | |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2024 | – | 314,829 | (1,366) | 2,740 | 406 | 316,609 |
| | | | | | | |
| Iarmhéid ag an 01 Eanáir 2025 | – | 314,829 | (1,366) | 2,740 | 406 | 316,609 |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | – | – | 11,953 | – | 11,953 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | – | – | – | (9,453) | (725) | (10,178) |
| | | | | | | |
| **Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain** | – | – | – | 2,500 | (725) | 1,775 |
| | | | | | | |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | | |
| | | | | | | |
| Díbhinní (nóta 17) | – | – | – | – | – | – |
| | | | | | | |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2025** | – | 314,829 | (1,366) | 5,240 | (319) | 318,384 |





## Ráiteas cuideachta ar athruithe ar chothromas

### don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Scairchaipiteal gairmthe €'000 | Scairbhiseach €'000 | Cúlchistí eile €'000 | Cuntas brabúis agus caillteanais €'000 | Cothromas iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2024 | – | 314,829 | (4,474) | 10,865 | 321,220 |
| | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | – | – | 8,832 | 8,832 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | – | – | – | (13,644) | (13,644) |
| | | | | | |
| **Caillteanas cuimsitheach iomlán don bhliain** | – | – | – | (4,812) | (4,812) |
| | | | | | |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | |
| | | | | | |
| Díbhinní (nóta 17) | – | – | – | (4,547) | (4,547) |
| | | | | | |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2024 | – | 314,829 | (4,474) | 1,506 | 311,861 |
| | | | | | |
| | | | | | |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir 2025 | – | 314,829 | (4,474) | 1,506 | 311,861 |
| | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach** | | | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | – | – | – | 12,289 | 12,289 |
| Caillteanas cuimsitheach eile | – | – | – | (9,453) | (9,453) |
| | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | – | – | – | 2,836 | 2,836 |
| | | | | | |
| **Idirbhearta le scairshealbhóirí aitheanta go díreach i gcothromas** | | | | | |
| | | | | | |
| Díbhinní (nóta 17) | – | – | – | – | – |
| | | | | | |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig 2025** | – | 314,829 | (4,474) | 4,342 | 314,697 |

# Ráiteas comhdhlúite sreabhaidh airgid

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | **11,953** | 10,307 |
| *Coigeartú i gcomhair:* | | | |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe | *8* | **12,210** | 11,370 |
| Ús infhála agus ioncam cosúil | *4* | **(22,938)** | (24,579) |
| Ús iníoctha agus táillí cosúla | *5* | **21,062** | 21,559 |
| Sciar de bhrabús comhpháirtí | *9* | **(1,246)** | (1,595) |
| Cánachas | *7* | **2,692** | 2,532 |
| | | **23,733** | 19,594 |
| | | | |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | | **22,991** | 8,520 |
| Laghdú ar chreidiúnaithe | | **(3,422)** | (2,290) |
| | | **43,302** | 25,824 |
| | | | |
| Cáin faighte / (íoctha) | | **225** | (4,004) |
| | | | |
| **Glan-airgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **43,527** | 21,820 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáil sócmhainní sesata inláimhsithe | | **(34,108)** | (16,528) |
| Díbhinní faighte ó shócmhainní airgeadais | *9* | **1,077** | 851 |
| Taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha | | **22,984** | (8,952) |
| Ús faighte | | **2,031** | 2,125 |
| | | | |
| **Glan-airgead úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(8,016)** | (22,504) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | | **(224)** | (278) |
| Díbhinní íoctha | 17 | **-** | (4,547) |
| | | | |
| **Glan-airgead úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(224)** | (4,825) |
| | | | |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | **35,287** | (5,509) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir | | **33,642** | 39,146 |
| Éifeacht luaineachtaí an ráta malairte ar airgead coinnithe | | **(29)** | 5 |
| | | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig** | *11* | **68,900** | 33,642 |





# Nótaí

## ar cuid de na ráitis airgeadais iad

## › 1 Beartais chuntasaíochta

### Faisnéis ghinearálta agus bonn ullmhúcháin

Is cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA) í Seirbhís Aerloingseoireachta na hÉireann ag trádáil mar AirNav Éireann ("AirNav Éireann", "an Chuideachta"), faoi theorainn scaireanna, a bunaíodh ar an 2 Feabhra 2023 faoi Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022 ("an tAcht"), agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin go ndéantar cuntas ar infheistíochtaí le comhpháirtithe trí úsáid a bhaint as modh an chothromais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite (agus ag costas lúide bearnúchán i ráitis airgeadais na Cuideachta) agus sonraítear sócmhainní airgeadais eile ag luach cóir. Tá Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann* ("CTA 102") á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Is é an Euro an córas airgeadra atá in úsáid sna ráitis airgeadais seo. Tá na méideanna ar fad sna ráitis airgeadais sonraithe ag an €1,000 is gaire.

Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil leis na ráitis airgeadais agus atá, mura bhfuil a mhalairt sonraithe, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndáil le gach tréimhse a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais. Pléitear breithiúnais atá déanta ag na stiúrthóirí, nuair a bhí na beartais chuntasaíochta seo á gcur i bhfeidhm, a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar na ráitis airgeadais agus meastacháin lena mbaineann riosca suntasach de choigeartú ábhartha sa chéad bhliain eile, i nóta 21.

### Gnóthas leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a ullmhaíodh na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Glacann sé sin leis go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag obair as seo go ceann tamaill agus chun a ndliteanais leanúnacha a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite do thréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo.

Ag an 31 Nollaig 2025, bhí airgead agus coibhéisí airgid ag an nGrúpa mar aon le taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha luach €99.7 milliún *(2024: €87.5 milliún)* agus rochtain ar shaoráid rótharraingthe luach €10.0 milliún. Chomh maith leis sin, tá rochtain ag an gCuideachta ar shaoráidí iasachta bainc luach €60.0 milliún agus dátaí aibíochta i mí Iúil 2026 luaite leo. Ní raibh na saoráidí seo tarraingthe anuas ag an 31 Nollaig 2025.

Sna réamhaisnéisí tráchta i gcomhair 2026 agus níos faide anonn, táthar ag súil le tuilleadh fáis. Tá beagnach 90% de ghnó an Ghrúpa á rialú go heacnamaíoch faoi scéim feidhmíochta agus muirearaithe an AE (Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2019/317). D'fhoilsigh ÚÉÉ, ina cháil mar Údarás Maoirseachta Náisiúnta, a chinneadh rialála athbhreithnithe i mí Lúnasa 2025 ina leagtar amach Plean Feidhmíochta na hÉireann do Thréimhse Thagartha 4 (TT4) de chreat feidhmíochta agus muirearaithe an Aerspáis Eorpaigh Aonair idir 2025 agus 2029. Tugann an cinneadh seo cinnteacht eacnamaíoch don Ghrúpa as seo go ceann roinnt blianta.

Ach tá dúshláin ag baint, áfach, leis an dearcadh gearrthéarmach lena n-áirítear coinníollacha maicreacnamaíocha i bhfoirm rioscaí geopholaitiúla agus imní maidir leis an timpeallacht. Is léir ó réamhaisnéisí sreabhaidh airgid an ghrúpa gur cheart go mbeadh an Grúpa agus an Chuideachta in ann feidhmiú laistigh de leibhéal na leachtachta atá ar fáil dóibh as seo go ceann i bhfad. Leanfaidh an fhoireann bainistíochta ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar staid airgid an Ghrúpa agus ar a phróifíl tráchta.

Dá réir sin, i ndiaidh machnamh a dhéanamh ar cheanglais airgid ghnó an Ghrúpa agus na Cuideachta amach anseo, an timpeallacht eacnamaíoch as seo go ceann 12 mhí, na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí a mbeidh ar an nGrúpa agus an Chuideachta agus ar bhuiséad oibriúcháin an Ghrúpa agus na Cuideachta déileáil leo, creideann na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú i gcomhair tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais agus go bhfuil sé oiriúnach glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh nuair a bheidh na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## › 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Sárú léargais fhíorchirt

Is páirtí í Éire i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le táillí seirbhísí loingseoireachta en route a bhailiú. Tá comhaontú iltaobhach bunaithe le EUROCONTROL chun táillí seirbhísí críochfoirt a bhailiú. Faoi Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair, 2022, cuireann AirNav Éireann feidhmeanna en route agus críochfoirt i gcrích thar ceann an Stáit. Déantar difríochtaí ioncaim tuillte agus costais rialaithe incháilithe ó riosca méid tráchta agus roinnt riosca costais a aisghabháil ó, nó a thabhairt ar ais do, úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta en route agus críochfoirt, comhsheasmhach leis na rialacháin AE bhunúsacha, trí leasú táillí i rith blianta ina dhiaidh sin.

Tá na costais atá le cur san áireamh chun críche chomhaontú EUROCONTROL sainithe i bprionsabail mhuirearaithe EUROCONTROL agus i Rialacháin Mhuirearaithe CE ar bhealach ina gcuimsítear gach íocaíocht airgid i gcistí pinsin. Dá bharr sin, chinn na stiúrthóirí go bhfuil sé oiriúnach gach íocaíocht airgid a cuireadh ar fáil do chiste pinsin AirNav Éireann i gcostais oibriúcháin a chur san áireamh sa mhéid is go sáraíonn siad an táille pinsean a cinneadh de réir CTA 102 'Sochair Fostaí', agus chun taifead a dhéanamh ar chreidmheas frithábhirimh sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach ("RIC"), chun léargas fíorcheart a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais. Tá tuilleadh sonraí maidir le tionchar an chórais chuntasaíochta seo le fáil i mbeartas cuntasaíochta na sochar fostaí ar leathanach 70.

### An bonn comhdhlúthaithe

I ráitis airgeadais an Ghrúpa comhdhlúthaítear ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta atá faoi 100% úinéireacht, AirNav North Atlantic Inc., suas go dtí an 31 Nollaig 2025.

Is ionann fochuideachta agus eintiteas atá á rialú ag an ngnóthas sealúchais. Tá torthaí an ghnóthais fochuideachta san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ón dáta a gcuirtear tús leis an rialú sin go dtí an dáta a gcríochnaítear an rialú sin. Bunaítear rialú nuair a bhíonn an chumhacht ag an gCuideachta chun beartais oibriúcháin agus airgeadais eintitis a rialú ionas gur féidir tairbhe a bhaint as a ghníomhaíochtaí. Nuair a bhíonn rochtain á fáil ar rialú, cuireann an Grúpa cearta vótála féideartha san áireamh ar féidir iad a úsáid i láthair na huaire.

Is éard atá i gceist le comhpháirtí ná eintiteas a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa air, ach nach bhfuil á rialú aige, chomh fada is a bhaineann le beartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach i gceist nuair a bhíonn idir 20% agus 50% de na cearta vótála cothromais ag an infheisteoir. Tá sciar brabús nó caillteanas comhpháirtithe an Ghrúpa san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá a leas sna glansócmhainní taifeadta ar an gclár comhardaithe trí úsáid a bhaint as modh an chothromais.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhpháirtithe ag costas lúide bearnúchán.

### Láimhdeachas

Is éard atá i gceist le láimhdeachas na méideanna faighte agus infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí.

Tomhaistear ioncam ag luach cóir na comaoine faighte nó infhaighte agus is ionann é agus an méid atá infhaighte le haghaidh seirbhísí a cuireadh ar fáil. Sa chás go n-iarchuirtear an chomaoin infhaighte in airgead nó coibhéisí airgid, agus gur idirbheart airgid é an socrú, tomhaistear luach cóir na comaoine ag luach láithreach na n-admhálacha uile todhchaíocha trí úsáid a bhaint as an ráta úis barúlach.

### *Ioncam en route agus críochfoirt*

Is gníomhaíochtaí rialaithe eacnamaíocha iad seirbhísí en route agus críochfoirt a chur ar fáil a bhfuil Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2019/317 an 11 Feabhra 2019 mar bhonn leo lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe in Aerspás Eorpach Aonair agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (AE) 2020/1627 an 3 Samhain 2020 maidir le bearta eisceachtúla don tríú tréimhse thagartha (2020-2024) de scéim an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus muirearaithe mar gheall ar phaindéim COVID-19. Mar atá mínithe thuas, tá AirNav Éireann i dteideal a chostais incháilithe cheadaithe rialála a aisghabháil trí tháillí a ghearrtar ar úsáideoirí aerspáis en route agus críochfoirt. Don tréimhse idir 2025-2029, tá na costais incháilithe seo leagtha amach i bPlean Feidhmíochta an Stáit do Thréimhse Thagartha 4 (TT4) 2025-2029. Foráiltear do dhifríochtaí a thagann chun cinn idir ioncam iarbhír agus ioncam ionchasach, mar atá sainithe sna rialacháin bhunúsacha, i gcuntas ioncaim fabhraithe/iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a eascraíonn as gníomhaíochtaí en route agus críochfoirt.





## › 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

Déantar ioncam fabhraithe/iarchurtha a aisghabháil/a chúiteamh trí tháillí custaiméirí a choigeartú i mblianta amach anseo, ar bhonn 'n+2' de ghnáth. Mar fhreagairt do COVID-19, tá ioncam fabhraithe/iarchurtha i gcomhair 2020 agus 2021 á aisghabháil ó na húsáideoirí aerspáis trí tháillí custaiméirí a choigeartú, iad a scaradh amach go cothrom thar thréimhse seacht mbliana, 2023-2029.

### Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin charntha. Ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear troscán a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil, de réir méid cothrom thar a shaolré ionchais mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh* | 20-30 bliain |
| Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile | 8-12 bhliain |
| Trealamh oifige | 3-5 bliana |

Dímheastar sócmhainní ón dáta a ndéantar iad a choimisiúnú le húsáid. Tugtar sócmhainní atá á dtógáil/suiteálacha idir lámha anonn ag costas stairiúil agus ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go dtosaítear ag baint úsáid astu. Déantar suim ghlanluacha sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú ag gach dáta tuairiscithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnúchán ann.

*San áireamh in 'Foirgnimh' tá foirgneamh thúr Bhaile Átha Cliath atá i seilbh faoi léasacht; chosain an foirgneamh €36.5 milliún agus tá úsáid oibriúcháin á baint as ó 2021. Tá an glanluach de réir na leabhar atá san áireamh sna ráitis airgeadais ag an 31 Nollaig 2025 a bhaineann leis an tsócmhainn seo cothrom le €30.9 milliún *(2024: €32.2 milliún).*

### Sócmhainní airgeadais

Is éard atá i gceist le comhpháirtithe ná na heintitis sin a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa orthu, ach nach bhfuil á rialú aige, chomh fada is a bhaineann leis na beartais oibriúcháin agus airgeadais. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, déantar cuntas ar infheistíochtaí i gcomhpháirtithe trí úsáid a bhaint as modh cothromais na cuntasaíochta. Faoi mhodh cothromais na cuntasaíochta, aithnítear sciar an Ghrúpa de bhrabúis nó caillteanais iar-éadála a chomhpháirtithe i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa. Cuirtear leas an Ghrúpa i nglansócmhainní na gcomhpháirtithe san áireamh mar infheistíochtaí i gcomhpháirtithe i gclár comhardaithe an Ghrúpa ag méid atá cothrom le sciar an Ghrúpa de luach cóir na nglansócmhainní inaitheanta ag éadáil móide sciar an Ghrúpa de bhrabúis nó caillteanais choinnithe iar-éadála a eascraíonn as infheistíocht an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, tugtar infheistíochtaí i gcomhpháirtithe anonn ag costas lúide liúntas le haghaidh aon bhearnúcháin ar luach infheistíochtaí aonair.

Aithnítear sócmhainní airgeadais eile ag praghas an idirbhirt ag an tús. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó caillteanas, mura féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, agus sa chás sin úsáidtear cáschostas.

### Sócmhainn i léasaithe

Gearrtar costas cíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhsí na léasanna.

### Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag ráta malairte dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus caillteanais a eascraíonn as sin sa chuntas brabúis agus caillteanais don bhliain.

Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go dtí an Euro ag na meánrátaí malairte eachtraí don bhliain sa chás go bhfuil an ráta seo cosúil leis na rátaí malairte eachtraí a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha go dtí an Euro ag na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta dheireadh na bliana. Aithnítear difríochtaí malairte eachtraí ar athaistriú in ioncam cuimsitheach eile.

## › 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Cánachas

Foráiltear do cháin chorparáide ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le gach difríocht uainithe a tháinig chun cinn, ach nár aisiompaíodh, ag an dáta tuairiscithe. Déantar foráil ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompaítear na difríochtaí uainithe. Is éard atá i gceist le difríochtaí uainithe ná na difríochtaí idir brabúis incháinithe agus torthaí an Ghrúpa, mar atá sonraithe sna ráitis airgeadais, a eascraíonn as gnóthachain agus caillteanais a chur san áireamh i mbrabúis incháinithe i dtréimhsí nach ionann iad agus na tréimhsí a n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Glactar leis go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus, dá réir sin, ní aithnítear a leithéid ach, ar bhonn na fianaise ar fad atá ar fáil, gur dócha ná a mhalairt go mbeidh brabúis incháinithe oiriúnacha ag eascairt as ónar féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí uainithe bunúsacha a asbhaint.

### Sochair fostaí

Cuireann AirNav Éireann pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Is scéimeanna le sochar sainithe iad trí cinn de na scéimeanna seo: "Scéim Aoisliúntais Foirne AirNav Éireann 1996", do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne AirNav Éireann 2008", do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht roimh an 31 Nollaig 2011; "Plean Pinsin Hibrideach AirNav Éireann 2012", do bhaill foirne ar cuireadh tús lena bhfostaíocht roimh an 1 Bealtaine 2023. Ón 1 Bealtaine 2023, glacann fostaithe nua AirNav Éireann páirt i scéim le ranníocaíocht shainithe, "Plean le Ranníocaíocht Shainithe AirNav Éireann 2023".

Chomh fada is a bhaineann leis na scéimeanna le sochar sainithe, tuairiscítear an difríocht idir margadhluach shócmhainní na scéimeanna agus luach láithreach, arna mheas go hachtúireach, dliteanais na scéimeanna, trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, mar shócmhainn/dliteanas ar an gclár comhardaithe.

Tá an méid muirearaithe ar an gcuntas brabúis agus caillteanais cothrom le:

- **(a)** an costas, arna mheas go hachtúireach, a bhain le sochair phinsin a gealladh d'fhostaithe don tseirbhís i rith na bliana móide aon fheabhas sochair a ceadaíodh do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo), agus
- **(b)** táille bhreise ar chostais oibriúcháin a léiríonn an difríocht idir táille phinsin arna cinneadh go hachtúireach (costas seirbhíse faoi láthair/roimhe seo) san áireamh thuas agus íocaíochtaí airgid iomlána don chiste pinsin i rith na bliana, agus
- **(c)** ús glan ar an glandliteanas le sochar sainithe ina gcuimsítear costas úis ar an oibleagáid le sochar sainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

Aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus an toradh iarbhír, agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar fhoshuíomhanna, nó de bhrí go raibh an taithí iarbhír i rith na bliana éagsúil leis an méid a rabhthas ag súil seo, mar ghnóthachain agus caillteanais atomhais sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile ("ICE"). San áireamh in ICE tá fritháireamh atá cothrom leis an táille phinsin bhreise, a bhfuil cur síos déanta uirthi i mír (b), a bhfuiltear ag súil a bheidh á haisghabháil faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá mínithe ar leathanach 68.

Dá réir sin, tugann an Grúpa agus an Chuideachta neamhaird ar cheanglais CTA 102 chun a chinntiú go mbeidh na ceanglais faoi na comhaontuithe faoina bhfuil a gcuid oibríochtaí á rialú á gcomhlíonadh ag na torthaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais. Is é an tionchar a bheidh ag an gcinneadh sin go méadóidh an costas pinsin €1,778,000 *(2024: €1,694,000)* os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach, chun críche aisghabhála faoin sásra muirearaithe sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus chun creidiúint fritháirithe a thaifeadadh in ICE, agus ar an tslí sin, na cúlchistí brabúis agus caillteanais agus sócmhainní, dliteanais agus seasamh airgid an Ghrúpa agus na Cuideachta a chothabháil de réir cheanglais CTA 102.

Sa chás go sáraíonn sócmhainní scéime a hoibleagáid, aithnítear sócmhainn a mhéid is nach sáraíonn sí luach láithreach na laethanta saoire ranníocaíochta amach anseo nó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí (teorainn sócmhainní). Sa chás gur scéimeanna Grúpa atá i gceist, ní chuirtear an teorainn sócmhainní i bhfeidhm, de bhrí, in imthosca sonracha, cosúil le foirceannadh ag deireadh saoil scéime, go mbíonn an Grúpa ag súil go mbeidh sé in ann aon bharrachas a aisghabháil. Ar an gcuma chéanna, ní aithnítear dliteanas i ndáil le híoscheanglais mhaoinithe amach anseo. Níl ceart substainteach ag na hiontaobhaithe i ndáil le sochair mhéadaithe, ná níl ceart acu an plean a fhoirceannadh seachas sa chás go scaoiltear an t-eintiteas nó go bhfoirceanntar ranníocaíochtaí an Ghrúpa.





## › 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### Ionstraimí airgeadais bunúsacha

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha, lena n-áirítear míreanna infhála trádála, ioncam fabhraithe, míreanna infhála eile agus iarmhéideanna airgid agus bainc, ag praghas idirbhirt ar dtús, mura bhfuiltear ag glacadh leis an socrú mar idirbheart airgeadais, sa chás go bhfuil an t-idirbheart á thomhas ag luach láithreach na bhfáltas amach anseo lascainithe ag ráta margaidh úis agus aitheanta i gcoinne ioncaim. Ina dhiaidh sin, tugtar a leithéid de shócmhainní anonn ag costas amúchta trí úsáid a bhaint as modh úis glan agus aitheanta mar ioncam úis.

### *Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus eile*

Ar dtús, aithnítear féichiúnaithe trádála agus eile ag praghas idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Ar dtús, aithnítear creidiúnaithe trádála agus eile ag praghas idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. I ndiaidh iad a aithint ar dtús, tomhaistear iad ag costas amúchta, trí úsáid a bhaint as an modh úis glan, lúide aon chaillteanas bearnúcháin i gcás féichiúnaithe trádála.

### *Airgead, coibhéisí airgid agus taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha*

Is éard atá i gceist le hairgead ná airgead sa bhanc agus ar fáil ar éileamh. Is infheistíochtaí leachtacha iad coibhéisí airgid (seachas airgead) ar féidir iad a aistriú go héasca go méideanna aitheanta airgid, de ghnáth taiscí airgid a mbíonn idir lá amháin agus trí mhí luaite leo. Is ionann taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha agus taiscí airgid a mbíonn idir trí mhí agus bliain amháin luaite leo. Is ionann airgead agus coibhéisí airgid agus taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha a thaifeadtar ag luach cóir ar dtús agus a shonraítear ina dhiaidh sin ag costas amúchta agus atá catagóirithe mar iasachtaí agus míreanna infhála.

## › 2 Láimhdeachas

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Gníomhaíocht* | | |
| En route | **150,055** | 139,185 |
| Críochfoirt | **33,095** | 32,695 |
| Cumarsáid an Atlantaigh Thuaidh | **19,993** | 18,097 |
| Aerthrácht díolmhaithe | **1,693** | 1,395 |
| Tráchtáil agus eile | **5,819** | 5,425 |
| | **210,655** | 196,797 |

Tá láimhdeachas AirNav Éireann bunaithe ar sheirbhísí eitlíochta a chuirtear ar fáil i bPoblacht na hÉireann.

## › 3 Líon agus costais foirne

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe i rith na bliana, na stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, anailísithe de réir catagóire:

| | Líon 2025 | Líon 2024 |
|---|---|---|
| Rialaitheoir aerthrácht | **311** | 303 |
| Innealtóir | **112** | 99 |
| Oifigeach raidió | **54** | 52 |
| Ball foirne oibriúcháin eile | **129** | 121 |
| Seirbhísí corparáideacha | **71** | 67 |
| **Fostaithe iomlána** | **677** | 642 |
| Rialaitheoir aerthrácht faoi oiliúint | **36** | 26 |

Seo a leanas costais phárolla chomhiomlána na ndaoine seo, atá san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais:

## 3 Líon agus costais foirne (ar lean)

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Pánna agus tuarastail | **87,969** | 78,448 |
| Costais leasa shóisialaigh | **8,024** | 7,560 |
| Costais phinsin – costas seirbhíse reatha (nóta 20) | **7,432** | 6,764 |
| Costais phinsin – costas seirbhíse roimhe seo (nóta 20)* | **-** | 8,731 |
| Costais phinsin – ranníocaíocht shainithe (nóta 20) | **1,438** | 914 |
| Costais phinsin – costas airgid bhreise (nóta 20) | **1,778** | 1,694 |
| Costais phinsin – socrú chostas na bliana roimhe sin | **-** | (550) |
| Costais iarfhostaíochta eile | **295** | 285 |
| | **106,936** | 103,846 |

** Tá costas seirbhíse roimhe seo de €8.7 milliún in 2024 le cur san áireamh ag costas luach 3% de mhéadú pinsin lánroghnach a cuireadh i bhfeidhm i ndáil le pinsin a bhí á n-íoc agus pinsin iarchurtha. Cheadaigh an tAire an méadú seo agus bhí sé éifeachtach ón 1 Eanáir 2024*

Ní dhearnadh aon íocaíocht foirceannta / téarfa in 2025 *(2024: €Náid).*

Is féidir tuilleadh anailíse mar seo a leanas a dhéanamh ar phánna agus tuarastail:

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **65,627** | 58,568 |
| Ragobair | **5,898** | 4,404 |
| Liúntais agus íocaíochtaí eile | **16,444** | 15,476 |
| | **87,969** | 78,448 |

Tá líon na bhfostaithe ar íocadh sa bhreis ar €50,000 leo catagóirithe sna bandaí seo a leanas:

| | Líon 2025 | Líon 2024 |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | **81** | 84 |
| €75,001 - €100,000 | **116** | 89 |
| €100,001 - €125,000 | **79** | 95 |
| €125,001 - €150,000 | **133** | 150 |
| €150,001 - €175,000 | **113** | 82 |
| €175,001 - €200,000 | **59** | 63 |
| €200,001 - €225,000 | **38** | 19 |
| €225,001 - €250,000 | **9** | 9 |
| €250,001 - €275,000 | **3** | - |





## 4 Ús infhála agus ioncam cosúil

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe | **21,184** | 20,884 |
| Ús bainc | **1,370** | 2,113 |
| Ús eile | **384** | 780 |
| Gnóthachan malairte eachtraí | **-** | 802 |
| | **22,938** | 24,579 |

## 5 Ús iníoctha agus táillí cosúla

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe | **19,214** | 18,298 |
| Athluacháil sócmhainní airgeadais (nóta 9) | **-** | 3,037 |
| Táillí saoráide iasachta bainc | **224** | 224 |
| Caillteanas malairte eachtraí | **1,624** | - |
| | **21,062** | 21,559 |

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

Sonraítear an brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh an méid seo a leanas a mhuirearú:

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Dímheas (nóta 8) | **12,210** | 11,370 |
| Táille Met Éireann | **11,199** | 8,671 |
| Táillí rialála Údarás Eitlíochta na hÉireann | **7,282** | 7,050 |
| Athluacháil sócmhainní airgeadais (nóta 9) | **-** | 3,037 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin – foirgnimh | **2,745** | 2,605 |
| Cíosanna iníoctha faoi léasanna oibriúcháin – eile | **151** | 130 |
| | | |
| **Luach saothair an Iniúchóra – grúpa** | | |
| – iniúchadh | **85** | 100 |
| – dearbhú eile | **53** | 77 |
| – seirbhísí cánach | | |
| – comhlíonadh | **93** | 90 |
| – comhairleach | **32** | 7 |
| – seirbhísí neamhiniúchta eile | **21** | - |
| **Luach saothair iomlán an iniúchóra – grúpa** | **284** | 274 |

## 6 Faisnéis reachtúil agus eile (ar lean)

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Luach saothair an iniúchóra – cuideachta (san áireamh thuas)** | | |
| – iniúchadh | **85** | 100 |
| – dearbhú eile | **53** | 77 |
| – seirbhísí cánach | | |
| – comhlíonadh | **54** | 46 |
| – comhairleach | **32** | 7 |
| – seirbhísí neamhiniúchta eile | **21** | – |
| **Luach saothair iomlán an iniúchóra – cuideachta** | **245** | 230 |
| | | |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| ***Táillí iníoctha le stiúrthóirí*** | | |
| Bryan Bourke *(Cathaoirleach)* | **21,600** | 21,600 |
| Cian Blackwell | **12,600** | 12,600 |
| Anne Bradley *(ceaptha ar an 17 Aibreán 2025)* | **8,486** | – |
| Gerald Caffrey *(Príomhfheidhmeannach) (ceaptha ar an 25 Meitheamh 2025)* | **–** | – |
| Peter Kearney *(d'éirigh as a chúraimí ar an 5 Meitheamh 2025)* | **–** | – |
| Lourda Moloney *(athcheaptha ar an 18 Aibreán 2025)* | **12,600** | 12,600 |
| Emer Murray *(ceaptha ar an 22 Aibreán 2025)* | **8,313** | – |
| James O'Loughlin † | **–** | – |
| Eimer O'Rourke | **12,600** | 12,600 |
| Aidan Skelly | **12,600** | 12,600 |
| | **88,799** | 72,000 |

*† Íocadh James O'Loughlin mar fhostaí de chuid AirNav Éireann agus ní bhfuair sé táille stiúrthóra.*

Ar an iomlán, bhí costais taistil, chothabhála agus costais eile iníoctha do, nó iníoctha thar ceann, stiúrthóirí i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóir cothrom le €10,907 ar fad in 2025 *(2024: €10,517).*

**Luach saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhain le conradh fostaíochta an Phríomhfheidhmeannaigh**

| | Gerald Caffrey €'000 | Peter Kearney €'000 | Iomlán 2025 €'000 | Iomlán 2024 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Buntuarastal | 129 | 96 | **225** | 225 |
| Sochair incháinithe eile | – | 1 | **1** | 3 |
| Ranníocaíocht phinsin | 22 | 16 | **38** | 38 |
| | 151 | 113 | **264** | 266 |





## 6 Faisnéis reachtúil agus eile (ar lean)

Ceapadh Gerald Caffrey mar Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2025. De bhua a chonartha, tá a thuarastal cothrom le €225,000 sa bhliain. Is ball é den scéim aoisliúntais le sochar sainithe "Scéim Aoisliúntais Foirne AirNav Éireann 1996" cosúil le baill foirne eile. Ceapadh é ina bhall den Bhord ar an 25 Meitheamh 2025. Ní bhfuair sé táille stiúrthóra.

Chuaigh téarma an Dr Peter Kearney mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in éag ar an 5 Meitheamh 2025. De bhua a chonartha, bhí a thuarastal cothrom le €225,000 sa bhliain. I measc na sochar incháinithe eile tá carr cuideachta leictreach an Dr Kearney. Tuairiscítear luach an tsochair incháinithe mar an sochar incháinithe iarbhír sa tréimhse ina ndéantar cuntas ar thairseacha díolúine ceadaithe Ioncaim d'fheithiclí leictreacha. Bhí sé ina bhall den scéim aoisliúntais le sochar sainithe "Scéim Aoisliúntais Foirne AirNav Éireann 1996" cosúil le baill foirne eile. Mar bhall den Bhord, ní bhfuair sé táille stiúrthóra.

## 7 Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Anailís ar mhuirear cánach sa bhliain | | |
| *Cáin reatha* | | |
| Cáin chorparáide | **2,138** | 1,950 |
| Coigeartuithe i ndáil le tréimhsí roimhe seo | **(38)** | (118) |
| | **2,100** | 1,832 |
| | | |
| *Cáin iarchurtha* | | |
| Bunús agus aisiompú difríochtaí uainithe | **592** | 700 |
| | **592** | 700 |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **2,692** | 2,532 |

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Réiteach cánach iomlán brabúis agus caillteanais** | | |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | **14,645** | 12,839 |
| | | |
| Cáin reatha ionchais ag 12.5% *(2024: 12.5%)* | **1,831** | 1,605 |
| | | |
| *Éifeachtaí:* | | |
| Difríochtaí buana | **273** | 332 |
| Costais nach bhfuil in-asbhainte chun críche cánach | **530** | 775 |
| Ioncam nach bhfuil incháinithe ag an ráta caighdeánach | **286** | 395 |
| Cáin chorparáide i ndáil le blianta roimhe sin | **(38)** | (118) |
| Cáin eachtrach | **(190)** | (457) |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **2,692** | 2,532 |

## 8 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Foirgnimh €'000 | Suiteálacha críochnaithe agus oibreacha eile €'000 | Suiteálacha idir lámha €'000 | Trealamh oifige €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | | | | |
| ***Costas*** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 71,731 | 190,639 | 25,143 | 13,686 | 301,199 |
| Breiseanna sa bhliain | – | – | 15,200 | 785 | 15,985 |
| In úsáid i rith na bliana | – | 8,530 | (8,530) | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (2) | – | (660) | (662) |
| | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 71,731 | 199,167 | 31,813 | 13,811 | 316,522 |
| | | | | | |
| Breiseanna sa bhliain | – | – | 34,812 | 1,311 | 36,123 |
| In úsáid i rith na bliana | 3,239 | 10,557 | (13,796) | - | - |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (3,469) | – | (838) | (4,307) |
| | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2025** | **74,970** | **206,255** | **52,829** | **14,284** | **348,338** |
| | | | | | |
| ***Dímheas carntha*** | | | | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 32,177 | 154,760 | – | 10,593 | 197,530 |
| Muirear sa bhliain | 1,953 | 8,257 | – | 1,160 | 11,370 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (2) | – | (660) | (662) |
| | | | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 34,130 | 163,015 | – | 11,093 | 208,238 |
| Muirear sa bhliain | 2,043 | 8,675 | – | 1,492 | 12,210 |
| Diúscairtí sa bhliain | – | (3,469) | – | (838) | (4,307) |
| | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2025** | **36,173** | **168,221** | **–** | **11,747** | **216,141** |
| | | | | | |
| ***Glanluach de réir na leabhar*** | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2025** | **38,797** | **38,034** | **52,829** | **2,537** | **132,197** |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 37,601 | 36,152 | 31,813 | 2,718 | 108,284 |





## 9 Sócmhainní airgeadais

| | Ús i gcomhpháirtí €'000 | Eile sócmhainní airgeadais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Grúpa** | | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 5,281 | 21,701 | 26,982 |
| | | | |
| Díbhinnní faighte | (851) | – | (851) |
| Sciar de bhrabús comhpháirtí | 1,595 | – | 1,595 |
| Gluaiseachtaí malairte eachtraí | – | 1,254 | 1,254 |
| Athrú ar luach na sócmhainne airgeadais | – | (3,037) | (3,037) |
| | | | |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 6,025 | 19,918 | 25,943 |
| | | | |
| Díbhinnní faighte | (1,077) | – | (1,077) |
| Sciar de bhrabús comhpháirtí | 1,246 | – | 1,246 |
| Gluaiseachtaí malairte eachtraí | – | (2,307) | (2,307) |
| | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2025** | **6,194** | **17,611** | **23,805** |

| | Ús i gcomhpháirtí €'000 | Eile sócmhainní airgeadais €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| **Cuideachta** | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 1,384 | 10,611 | 11,995 |
| Bearnúchán sócmhainne airgeadais | – | (4,288) | (4,288) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,384 | 6,323 | 7,707 |
| **Ag an 31 Nollaig 2025** | **1,384** | **6,323** | **7,707** |

Tá leas 33 1/3% ag AirNav Éireann in Entry Point North AB, Hyllie Vattenparksgata 11A, 215 32 Malmö, an tSualainn, soláthraí réiteach oiliúna bainistíochta aerthráchta.

Tá leas tosaíochta 4.13% ag an nGrúpa in Aireon Holdings LLC. Soláthraíonn Aireon acmhainn faireachais satailíte dhomhanda do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta trí ghlacadóirí Craolacháin Faireachais Spleách Uathoibríoch (ADS-B) ar bhuíon satailítí NEXT Iridium. Tá cúigear infheisteoirí eile in Aireon, eadhon Iridium, NAVCanada (Ceanada), ENAV (an Iodáil), NATS (An Ríocht Aontaithe) agus Naviair (an Danmhairg). Forálann an leas tosaíochta le haghaidh díbhinn charnach bhliantúil 5% arna ríomh ó dháta na ranníocaíochtaí caipitil tosaigh. Comhsheasmhach leis na comhaontuithe a bhfuil an infheistíocht a rialú acu, tá sé beartaithe go n-athrófar leas tosaíochta an Ghrúpa go dtí leas coiteann de 4.968% faoi Eanáir 2027 nó go mbeidh sé infhuascailte le haghaidh airgid i dtrí thráthchuid bhliantúla ag tosú i mí Eanáir 2027. Beidh aon díbhinn tosaíochta gan íoc san áireamh sna híocaíochtaí airgid.

## 9 Sócmhainní airgeadais (ar lean)

Tuairiscítear infheistíocht an Ghrúpa ag luach cóir atá cothrom le US$20.7 milliún *(2024: US$20.7 milliún)* amhail ag an 31 Nollaig 2025. Tá cinneadh déanta maidir le luach cóir na hinfheistíochta trí úsáid a bhaint as an tsamhail sreabhaidh airgid lascainithe bunaithe ar luach fiontraíochta Aireon, fianaise ar an bhfaisnéis airgeadais is déanaí atá ar fáil agus lascainithe trí úsáid a bhaint as meánchostas ualaithe caipitil (MCUC) oiriúnach.

Is i seilbh AirNav North Atlantic Inc, 108 West 13th Street, Wilmington, New Castle County, 19801, Delaware, SAM, atá an infheistíocht in Aireon, gnóthas fochuideachta faoi úinéireacht 100% de chuid AirNav Éireann. Níl aon cheann de scaireanna an ghnóthais fochuideachta liostaithe. I dtuairim na stiúrthóirí, is fiú na scaireanna in, agus na hiasachtaí atá tugtha d'fhochuideachta na Cuideachta, agus na méideanna atá sonraithe sa chlár comhardaithe ar a laghad.

## 10 Féichiúnaithe

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Féichiúnaithe trádála, glan | **33,320** | 31,544 | **33,320** | 31,544 |
| Réamhíocaíochtaí | **6,834** | 5,369 | **6,834** | 5,369 |
| Ioncam fabhraithe | **67,731** | 93,705 | **67,731** | 93,705 |
| Féichiúnaithe eile | **303** | 1,602 | **303** | 1,602 |
| Cáin chorparáide | **114** | 2,439 | **–** | 2,331 |
| Cáin bhreisluacha | **1,280** | 637 | **1,280** | 637 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 15) | **3,838** | 3,627 | **3,838** | 3,627 |
| Dlite ó ghnóthas fochuideachta | **–** | – | **12,723** | 13,867 |
| | **113,420** | 138,923 | **126,029** | 152,682 |
| | | | | |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | **73,055** | 72,565 | **85,664** | 86,564 |
| Dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **40,365** | 66,358 | **40,365** | 66,118 |
| | **113,420** | 138,923 | **126,029** | 152,682 |

San áireamh sna féichiúnaithe trádála tá méideanna thar téarma de €17,364,000 *(2024: €18,018,000)* a gcuirtear €2,405,000 *(2024: €2,741,000)* de ar fáil laistigh de sholáthar in aghaidh drochfhiacha.

San áireamh i bhféichiúnaithe tá ioncam fabhraithe luach €52,799,000 *(2024: €65,873,000)* sa Ghrúpa agus sa Chuideachta a bhaineann le hiarmhéid na gcostas incháilithe atá dlite i ndáil leis na blianta 2020 agus 2021, a bhí aisghafa thar 7 mbliana idir 2023 agus 2029. Tomhaistear an t-iarmhéid seo ag luach láithreach na bhfáltas amach anseo lascainithe ag ráta margaidh úis.

San áireamh i bhféichiúnaithe eile tá €Náid *(2024: €681,860)* atá dlite i ndáil le Ciste Dlúthpháirtíochta Sealadach Deonach BAT. I mí na Samhna 2022, cheadaigh Ballstáit EUROCONTROL, Éire san áireamh, ciste dlúthpháirtíochta speisialta sealadach a bhunú chun tacaíocht a chur ar fáil do Stáit a raibh tionchar ag cogadh na Rúise-na hÚcráine ar a gcórais bhainistíochta aerthrácht. Chuir Éire €787,549 ar fáil don chiste seo. Aisíocadh an méid iomlán a bhí dlite.

Tá méideanna dlite ag an ngnóthas fochuideachta faoi réir úis, tá siad neamhurraithe agus in-aisíoctha trí chomhaontú frithpháirteach idir an dá pháirtí.





## 11 Airgead agus coibhéisí airgid agus taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha

| | Ag an 1 Eanáir €'000 | Sreafaí airgid €'000 | Éifeacht malairte eachtraí €'000 | Úsáid taiscí €'000 | Ag an 31 Nollaig €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Airgead agus coibhéisí airgid† | 33,642 | 12,303 | (29) | 22,984 | **68,900** |
| Taiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha* | 53,814 | – | – | (22,984) | **30,830** |
| | **87,456** | **12,303** | **(29)** | **–** | **99,730** |

Tá rochtain ag AirNav Éireann ar shaoráidí iasachta bainc geallta luach €60 milliún. Tá na saoráidí neamhurraithe agus tá téarmaí suas go dtí Iúil 2026 luaite leo. Ní raibh na saoráidí seo tarraingthe anuas ag an 31 Nollaig 2025. Chomh maith leis sin, tá rochtain ag an gCuideachta ar shaoráid rótharraingthe luach €10.0 milliún, a bhí neamhtharraingthe ag an 31 Nollaig 2025.

† San áireamh in airgead agus coibhéisí airgid tá €4.9 milliún *(2024: €4.6 milliún)* sa Ghrúpa agus sa Chuideachta a bhaineann leis an gCiste Leanúnachais Ioncaim (féach nóta 12).

*San áireamh i dtaiscí agus infheistíochtaí gearrthéarmacha tá €3.9 milliún *(2024: €3.9 milliún)* atá coinnithe i gciste airgid Euro atá infheistithe i dtaiscí airgid agus urrúis mhargaidh airgid ghearrthéarmacha agus atá infhuascailte ar éileamh.

## 12 Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Creidiúnaithe trádála | **5,478** | 2,921 | **5,478** | 2,921 |
| Creidiúnaithe eile lena n-áirítear cáin agus leas sóisialach (nóta 13) | **4,400** | 4,089 | **4,400** | 4,089 |
| Fabhrú † | **21,186** | 22,554 | **21,149** | 22,497 |
| Ioncam iarchurtha | **14,033** | 17,783 | **14,033** | 17,783 |
| | **45,097** | 47,347 | **45,060** | 47,290 |

† San áireamh i bhfabhrú tá €4.9 milliún *(2024: €4.6 milliún)* sa Ghrúpa agus sa Chuideachta a bhaineann le Ciste Leanúnachais Ioncaim a sholáthraíonn cosaint ioncaim do rialaitheoirí aerthráchta nach bhfuil in ann aerárthaí a rialú mar gheall ar chúiseanna leighis nó cúiseanna eile.

## 13 Cánachas agus leas sóisialach san áireamh i gcreidiúnaithe eile

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| ÍMAT | **3,814** | 3,639 | **3,814** | 3,639 |
| Cáin Chorparáide | **13** | – | **13** | – |
| Cáin conarthaí iomchuí | **5** | 68 | **5** | 68 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | **153** | 90 | **153** | 90 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 15) | **415** | 292 | **415** | 292 |
| | **4,400** | 4,089 | **4,400** | 4,089 |

## 14 Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin

| | Grúpa | | Cuideachta | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Ioncam iarchurtha | **32,423** | 31,832 | **32,423** | 31,832 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha (nóta 15) | **8,736** | 9,661 | **8,736** | 9,661 |
| | **41,159** | 41,493 | **41,159** | 41,493 |

## 15 Sócmhainn chánach iarchurtha

| | | Cuideachta | | Grúpa | |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Tag* | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Dliteanas cánach iarchurtha– seachas sochair fostaí | *(i)* | **(415)** | (292) | **(415)** | (292) |
| Dliteanas cánach iarchurtha – sochair fostaí san áireamh (neamhreatha) | *(ii)* | **(4,898)** | (6,034) | **(4,898)** | (6,034) |
| Sócmhainn chánach iarchurtha – foirgnimh – (neamhreatha) | | **3,838** | 3,627 | **3,838** | 3,627 |
| Sócmhainn chánach iarchurtha – foirgnimh – (neamhreatha) | | **(3,838)** | (3,627) | **(3,838)** | (3,627) |
| **Sócmhainn chánach iarchurtha, glan** | | **(5,313)** | (6,326) | **(5,313)** | (6,326) |

### (i) Cánachas iarchurtha– seachas sochair fostaí

| | Cuideachta | | Grúpa | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Ag tús na bliana | **(292)** | (127) | **(292)** | (127) |
| Muirearaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | **(123)** | (165) | **(123)** | (165) |
| **Ag deireadh na bliana** | **(415)** | (292) | **(415)** | (292) |

Is ionann an dliteanas cánach iarchurtha ag deireadh na bliana agus an dliteanas iomlán a d'fhéadfadh a bheith luaite le difríochtaí uainithe.

### (i) Cánachas iarchurtha– sochair fostaí

| | Cuideachta | | Grúpa | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Ag tús na bliana | **(6,034)** | (7,690) | **(6,034)** | (7,690) |
| Athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha aitheanta in ICE | **1,605** | 2,191 | **1,605** | 2,191 |
| Muirearaithe chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais (nóta 7) | **(469)** | (535) | **(469)** | (535) |
| Ag deireadh na bliana | **(4,898)** | (6,034) | **(4,898)** | (6,034) |





## 16 Scairchaipiteal gairmthe — cothromas

| | 2025 € | 2024 € |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| ***Údaraíodh, leithdháileadh, gaireadh agus íocadh go hiomlán***<br>100 gnáthscair a bhí cothrom le €1.00 an ceann | **100** | 100 |

As na scaireanna iomlána údaraithe, leithdháilte, gairmthe agus íoctha go hiomlán sa Chuideachta, tá 99 scair i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus tá scair amháin i seilbh an Aire Iompair.

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Scairbhiseach | **314,829** | 314,829 |

Ar an 30 Aibreán 2023, i gcomaoin an Ghnóthais SSAL a aistríodh ó ÚÉÉ, d'eisigh an Chuideachta 96 gnáthscair chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Bhí luach cóir an 96 scair a eisíodh mar chomaoin cothrom le €314.8 milliún. Tá an difríocht idir luach ainmniúil an ghnáth-scairchaipitil luach €96 agus luach cóir an Ghealltanais SSAL aistrithe luach €314.8 milliún taifeadta mar scairbhiseach luach €314.8 milliún.

| | Cuideachta | | Grúpa | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Cúlchistí eile | **(1,366)** | (1,366) | **(4,474)** | (4,474) |

Tá an difríocht idir luach cóir an Ghealltanais SSAL agus luach anonn na sócmhainní agus na ndliteanas aistrithe chuig an gCuideachta ar an 30 Aibreán 2023 luach €4.5 milliún (lúide) taifeadta i gCúlchistí Eile. Sa Ghrúpa, coigeartaítear Cúlchistí Eile do chomhdhlúthú glansócmhainní an ghnóthais fochuideachta agus do luacháil an chomhpháirtí trí úsáid a bhaint as modh cothromais na cuntasaíochta.

## 17 Díbhinní cothromais íoctha

| | Cuideachta | | Grúpa | |
|---|---|---|---|---|
| | 2025 €'000 | 2024 €'000 | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
| Fógartha agus íoctha i rith na bliana<br>Díbhinn deiridh íoctha: €Náid do gach scair<br>*(2024: €45,465 do gach scair)* | **-** | 4,547 | **-** | 4,547 |

## 18 Páirtithe gaolmhara

### Grúpa agus Cuideachta

I ngnáthchúrsa gnó déileálann an Grúpa le ranna rialtais agus le comhlachtaí Stáit eile.

Tá AirNav Éireann páirteach i socrú tráchtála chun seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta a chur ar fáil do Entry Point North Ireland CGA, fochuideachta faoi úinéireacht 100% de Entry Point North AB (EPN), comhpháirtí de AirNav Éireann (nóta 9). Chomh maith leis sin, soláthraíonn Entry Point North Ireland CGA seirbhísí oiliúna bainistíochta aerthráchta do AirNav Éireann ar bhonn páirtspleách. I rith na bliana, thuill AirNav Éireann ioncam luach €3.9 milliún *(2024: €3.7 milliún)* agus thabhaigh sé costais luach €9.5 milliún *(2024: €9.0 milliún)* in idirbhearta le Entry Point North Ireland CGA. Ag an 31 Nollaig, tá glan-iarmhéid infhála dlite do AirNav Éireann atá cothrom le €0.5 milliún *(2024: €Náid)*.

Bhí an cúiteamh iomlán a cuireadh ar fáil do phríomhphearsanra bainistíochta i rith na bliana cothrom le €2.5 milliún *(2024: €2.5 milliún)* ina gcuimsítear tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha eile luach €2.3 milliún *(2024: €2.3 milliún)*, sochair iar-fhostaíochta luach €0.2 milliún *(2024: €0.2 milliún)* agus sochair foirceanta luach €Náid *(2024: €Náid)*. Is ionann cúiteamh príomhfhoirne bainistíochta agus cúiteamh a íocadh le daoine a bhfuil údarás acu agus freagracht as pleanáil, treorú agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa. Tá baill den bhord agus feidhmeannaigh shinsearacha san áireamh anseo.

## 19 Gealltanais

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---:|---:|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| (i) Gealltanais chaipitil | | |
| Caiteachas caipitil amach anseo ceadaithe ag an stiúrthóirí: | | |
| Níl conradh bunaithe le haghaidh | **116,457** | 73,966 |
| Tá conradh bunaithe le haghaidh | **46,891** | 38,498 |
| | **163,348** | 112,464 |

### (ii) Gealltanais léasa oibriúcháin

Seo a leanas iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:

| | 2025 Foirgnimh €'000 | 2025 Mótarfheithiclí €'000 | 2024 Foirgnimh €'000 | 2024 Mótarfheithiclí €'000 |
|---|---:|---:|---:|---:|
| *Iníoctha:* | | | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **2,589** | **116** | 2,658 | 114 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **4,025** | **199** | 4,308 | 191 |
| Níos mó ná cúig bliana | **4,390** | **-** | 5,744 | - |
| | **11,004** | **315** | 12,710 | 305 |





## 20 Sochair fostaí

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---:|---:|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Sócmhainn phinsin le sochar sainithe (féach A thíos) | **39,181** | 48,269 |
| Dliteanas pinsin ex-gratia forlíontach (féach B thíos) | **(3,693)** | (3,426) |
| **Iomlán na n-oibleagáidí sochair scoir** | **35,488** | 44,843 |

Tagann teidlíochtaí pinsin fostaithe chun cinn faoi roinnt scéimeanna le sochar sainithe ("na Scéimeanna"), agus na sócmhainní a bhaineann lena leithéid dílsithe in iontaobhaithe neamhspleácha.

Tugann AirNav Éireann faoi luachálacha achtúireacha ar na scéimeanna pinsin le sochar sainithe uair amháin gach trí bliana ar a laghad. Is é an 1 Eanáir 2024 dáta na luachálacha achtúireacha is déanaí agus clúdaítear na sochair fhabhraithe ar fad iontu. Achtúirí neamhspleácha cáilithe a rinne na luachálacha seo.

Bunaíodh na luachálacha seo a úsáideadh chun críche CTA 102 ar na luachálacha maoinithe is déanaí le haghaidh na scéimeanna coigeartaithe ag achtúirí neamhspleácha chun cuntas a dhéanamh ar fhabhrú dliteanas suas go dtí an 31 Nollaig 2025 agus chun cuntas a dhéanamh ar choinníollacha airgeadais ag an dáta seo. Tá na luachálacha a úsáideadh chun críche CTA 102 curtha i gcrích trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa, agus tá sócmhainní chun na críche seo luacháilte ag margadhluach.

Níl na tuarascálacha achtúireacha, atá ar fáil do bhaill na scéimeanna, ar fáil don phobal chun críche iniúchta. Níl aon scéim neamhchistithe ag AirNav Éireann ach amháin an dliteanas ex-gratia forlíontach. Níl aon ranníocaíocht gan íoc nó réamhíoctha ag deireadh na bliana.

### A Scéimeanna le Sochar Sainithe AirNav Éireann

**(i) Méideanna aitheanta sa chlár comhardaithe**

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---:|---:|
| Luach cóir shócmhainní an phlean | **546,045** | 593,455 |
| Luach láithreach oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt | **(506,864)** | (545,186) |
| **Glansócmhainn** | **39,181** | 48,269 |

Ag an 31 Nollaig 2025, tá seasamh glansócmhainne luaite leis na Scéimeanna luach €39.2 milliún *(2024: €48.3 milliún)*. Laghdaigh an oibleagáid le sochar sainithe €38.3 milliún go dtí €506.9 milliún *(2024: €545.2 milliún)*, bunaithe go príomha ar rátaí lascaine níos airde ag deireadh na bliana, a laghdaigh luach láithreach sreafaí sochair amach anseo, fritháirithe i bpáirt ag costais seirbhíse agus úis agus ag coigeartuithe ó thaithí. Laghdaigh sócmhainní an phlean €47.4 milliún go dtí €546.0 milliún *(2024: €593.5 milliún)*, fianaise ar fheidhmíocht mhargaidh dhíobhálach i rith na bliana agus glaníocaíochtaí sochair sa bhreis ar ranníocaíochtaí iomlána. Sháraigh an laghdú ar shócmhainní an laghdú ar dhliteanais, rud ba chúis le laghdú €9.1 milliún ar an nglanbharrachas bliain i ndiaidh bliana.

D'aithin an Grúpa an ghlansócmhainn ag an 31 Nollaig 2025 de bhrí go gcomhlíontar na critéir aitheanta chuntasaíochta bunaithe ar rialacha na ngníomhas iontaobhais atá bunaithe.

## 20 Sochair fostaí (ar lean)

**(ii) Foshuíomhanna achtúireacha**

| | 2025 Aonad réamh-mheasta | 2024 Aonad réamh-mheasta |
|---|---|---|
| *Meán-fhoshuíomhanna ualaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair* | | |
| Ráta lascaine | **4.30%** | 3.60% |
| Ráta an mhéadaithe tuarastail ghinearálta † | **2.50%** | 2.50% |
| Ráta an bhoilscithe praghsanna | **2.00%** | 2.00% |
| Ráta an mhéadaithe pinsin † | **0.00%** | 0.00% |

*† Is é sin an foshuíomh fadtéarmach a bhaineann le méaduithe tuarastail ginearálta. Lena chois sin, cuirtear san áireamh i nochtadh 2024 méaduithe pá sa bhreis ar an ráta ginearálta fadtéarmach a bhfuil an Chuideachta ag súil a bheidh á íoc faoi Chomhaontú Saothair Comhchoiteann cúig bliana a chlúdaíonn an tréimhse idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Nollaig 2029. Roimh an 1 Bealtaine 2023, ba é ÚÉÉ príomhfhostóir na Scéimeanna. Chinn bord ÚÉÉ, i bhfianaise sheasamh easnaimh na Scéimeanna ag an am, pointe a cuireadh in iúl do gach ball foirne agus iontaobhaí pinsin, nach mbeadh aon mhéadú eile á cheadú i ndáil le pinsin iníoctha faoi na Scéimeanna le héifeacht ó 1 Eanáir 2015.*

Tá beartas ceadaithe ag an gCuideachta a rialaíonn méaduithe pinsin don tréimhse idir 2025 agus 2029. Tá méaduithe pinsin lánroghnach, agus tá beartas ina leagtar amach fachtóirí atá le breithniú ag an mBord mar chuid dá mheasúnú bliantúil maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart aon mhéadú a cheadú san áireamh ann. I mí na Nollag 2025, cheadaigh an Bord méadú de 1.4% ar phinsin atá á n-íoc, éifeachtach ón 1 Eanáir 2025, faoi réir cead agus toiliú a fháil ón Aire ábhartha. De bhrí nach bhfuil an próiseas ceadaithe curtha i gcrích, níl léargas tugtha ar chostas caipitil an mhéadaithe beartaithe sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2025.

Tá na foshuíomhanna a bhaineann le fadsaolaí atá mar bhonn leis na dliteanais phinsin ag dáta an chláir chomhardaithe bunaithe ar na táblaí mortlaíochta achtúireacha caighdeánacha agus san áireamh iontu tá liúntas d'fheabhsuithe ar fhadsaolaí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo. Tá na foshuíomhanna cothrom le bheith ag glacadh leis go mbeidh duine atá 65 bliain d'aois ag maireachtáil i gcomhair roinnt blianta mar seo a leanas:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| *Ionchas saoil do bhall foirne fireann ó aois 65 ar aghaidh ar thábla mortlaíochta iar-scoir úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair le haghaidh:* | | |
| Baill ghníomhacha agus iarchurtha i láthair na huaire | **24.5** | 24.3 |
| Baill ar pinsinéirí iad i láthair na huaire | **22.7** | 22.6 |
| *Ionchas saoil do bhall foirne baineann ó aois 65 ar aghaidh ar thábla mortlaíochta iar-scoir úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair le haghaidh:* | | |
| Baill ghníomhacha agus iarchurtha i láthair na huaire | **26.3** | 26.2 |
| Baill ar pinsinéirí iad i láthair na huaire | **24.5** | 24.4 |

Roghnaítear na foshuíomhanna a úsáideann an t-achtúire ó raon foshuíomhanna achtúireacha féideartha, nach gá go mbeidh feidhm á baint astu i gcleachtas mar gheall ar an scála ama atá i gceist.





## 20 Sochair fostaí (ar lean)

**(iii) Gluaiseacht ar luach cóir shócmhainní an phlean**

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Luach cóir shócmhainní an phlean ag tús na bliana | **593,455** | 580,243 |
| Atomhas: toradh ar shócmhainní an phlean gan ioncam úis a chur san áireamh | **(57,467)** | (6,554) |
| Ioncam úis | **21,184** | 20,884 |
| Ranníocaíochtaí fostóra | **9,210** | 17,189 |
| Ranníocaíochtaí baill | **3,445** | 3,373 |
| Sochair íoctha ón bplean | **(23,782)** | (21,680) |
| **Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana** | **546,045** | 593,455 |

**(iv) Gluaiseachtaí ar luach láithreach oibleagáidí le sochar sainithe**

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Oibleagáid sochair ag tús na bliana | **(545,186)** | (518,725) |
| Costas seirbhíse reatha | **(7,432)** | (6,764) |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **–** | (8,731) |
| Costas úis | **(19,214)** | (18,298) |
| Ranníocaíochtaí baill | **(3,445)** | (3,373) |
| Atomhas: caillteanais achtúireacha | **44,631** | (10,975) |
| Sochair íoctha ón bplean | **23,782** | 21,680 |
| **Oibleagáid sochair ag deireadh na bliana** | **(506,864)** | (545,186) |

**(v) Comhpháirteanna an chostais pinsin**

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| *Costas aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais* | | |
| Costas seirbhíse reatha (nóta 3) | **(7,432)** | (6,764) |
| Costas seirbhíse roimhe seo (nóta 3) | **–** | (8,731) |
| Costas airgid bhreise (nóta 3) | **(1,778)** | (1,694) |
| Ioncam úis ar shócmhainní le sochar sainithe (nóta 4) | **21,184** | 20,884 |
| Costas úis ar dhliteanais le sochar sainithe (nóta 5) | **(19,214)** | (18,298) |
| **Costas pinsin iomlán aitheanta i mbrabús agus caillteanas** | **(7,240)** | (14,603) |
| **Méideanna aitheanta in ioncam cuimsitheach eile** | | |
| Caillteanais achtúireacha aitheanta láithreach | **(12,836)** | (17,529) |
| Costas airgid bhreise | **1,778** | 1,694 |
| | **(11,058)** | (15,835) |
| **Iomlán don bhliain** | **(18,298)** | (30,438) |

## › 20 Sochair fostaí (ar lean)

Bhí méid carnach na gcaillteanas achtúireach aitheanta in ioncam cuimsitheach eile cothrom le €167,558,000 *(2024: €154,722,000)* sa Ghrúpa agus €39,768,000 *(2024: €26,932,000)* sa Chuideachta

**(vi) Sócmhainní an Phlean**

| | 2025 Méid shócmhainní an phlean €'000 | 2024 Méid shócmhainní an phlean €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| *Na leithdháiltí sócmhainne ag an 31 Nollaig:* | | |
| Urrúis chothromais | **108,991** | 119,054 |
| Urrúis bannaí | **341,555** | 397,182 |
| Eile | **95,499** | 77,219 |
| | **546,045** | 593,455 |

Beidh ioncam úis ar shócmhainní an phlean á ghearradh ag 4.3% *(2024: 3.6%).*

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| *Toradh iarbhír ar shócmhainní* | | |
| Toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean | **(36,283)** | 14,330 |

**(vii) Méideanna nochta riachtanacha eile**

| | €'000 |
|---|---|
| Ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil a bheidh á n-íoc ag an gCuideachta in 2026 | **9,600** |

### B Dliteanas pinsin ex-gratia forlíontach

| | 2025 €'000 | 2024 €'000 |
|---|---|---|
| **Grúpa agus Cuideachta** | | |
| Ag tús na bliana | **3,426** | 3,166 |
| Méideanna curtha ar fáil do dhliteanas pinsin ex-gratia forlíontach | **295** | 285 |
| Íocaíochtaí déanta i rith na bliana | **(28)** | (25) |
| **Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin** | **3,693** | 3,426 |

Tá foráil déanta d'íocaíochtaí pinsin ex-gratia forlíontacha, suas go dtí aois 65, lasmuigh de scéimeanna pinsin AirNav Éireann, chun an bhearna a líonadh d'fhostaithe áirithe nach bhfuil incháilithe chun dul ar scor idir 60 agus 65 bliain d'aois, ach níl siad incháilithe don phinsean stáit go dtí go sroicheann siad aois scoir an stáit.

### C Scéimeanna Pinsin le Sochar Sainithe AirNav Éireann

I rith na bliana, bhí AirNav Éireann i mbun dhá scéim ranníocaíochta le sochar sainithe – "Plean Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe AirNav Éireann 2012" agus "Plean Ranníocaíochta le Sochar Sainithe AirNav Éireann 2023". Is baill de Scéim 2012 iad fostaithe a ghlac páirt idir an 1 Eanáir 2012 agus an 30 Aibreán 2023. Ní raibh an Scéim ag glacadh le hiontrálaithe nua ón 30 Aibreán 2023. Is baill de Scéim 2023 iad fostaithe a ghlac páirt sa Chuideachta ón 1 Bealtaine 2023. Is ionann an táille phinsin agus na ranníocaíochtaí iomlána atá iníoctha leis na scéimeanna agus bhí sí cothrom le €1,437,528 *(2024: €914,459)* sa Ghrúpa agus sa Chuideachta.



AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025

## › 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta

### Príomhfhoinsí d'éiginnteacht mheastacháin

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais comhdhlúite go ndéanfadh an fhoireann bainistíochta meastacháin agus breithiúnais a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh i ndáil le sócmhainní agus dliteanais ag dáta na ráiteas airgeadais agus na méideanna tuairiscithe d'ioncam agus do chostais i rith na tréimhse tuairiscithe.

Tá meastacháin agus breithiúnais bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar fhachtóirí eile atá réasúnach faoi na himthosca reatha. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin seo más léir go bhfuil na foshuíomhanna seo mícheart nó má fhorbraíonn coinníollacha seachas mar a rabhthas ag súil leo chun críche a leithéid sin de mheastacháin. Is réimsí criticiúla iad na réimsí seo a leanas a éilíonn meastacháin agus breithiúnais a bheith á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta.

### Foshuíomhanna pinsin

Is meastachán suntasach i ráitis airgeadais AirNav Éireann é luacháil na scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 20. Is é an foshuíomh lena mbaineann an éiginnteacht mheastacháin is mó ná an ráta lascaine. Measann na stiúrthóirí go bhfuil na foshuíomhanna atá déanta ag achtúirí gairmiúla neamhspleácha chun measúnú a dhéanamh ar luach cóir na scéimeanna pinsin le sochar sainithe réasúnach. Tá cuid de na foshuíomhanna a úsáideadh chun cinneadh a dhéanamh maidir le luach cóir na bhfoshuíomhanna pinsin seo bunaithe ar ionchur nach féidir breathnú air (Leibhéal 3), ionchur nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh agus a éilíonn breithiúnas na foirne bainistíochta.

### Infheistíocht luacha cóir in Aireon

Tá infheistíocht an Ghrúpa in Aireon Holdings LLC á tomhas ag luach cóir, agus tá gluaiseachtaí ar luach cóir aitheanta sa chuntas brabúis agus caillteanais. Tá tuilleadh sonraí le fáil i nóta 9. Tá úsáid bainte as samhail luacha fiontraíochta iomlán chun cinneadh a dhéanamh maidir le luacháil na hinfheistíochta. Sa tsamhail seo cuimsítear luach cóir shreafaí airgeadais todhchaíocha ionchais Aireon, lascainithe trí úsáid a bhaint as meánchostas ualaithe caipitil (MCUC) oiriúnach. San áireamh sna príomh-fhoshuíomhanna a úsáideadh sa luacháil tá MCUC de 12.25% agus ráta fáis fadtéarmach de 2%. Tá uainiú agus próifíl ionchais na sreafaí airgid todhchaíocha bunaithe ar réamhaisnéis fhadtéarmach fhoireann bainistíochta Aireon (Nollaig 2025). Ní féidir breathnú ar ionchur áirithe a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh faoi luach cóir agus, dá bhrí sin, tá siad aicmithe mar Leibhéal 3 faoin ordlathas luacha cóir.

## › 22 Bainistíocht riosca airgeadais

Ciallaíonn gníomhaíochtaí an Ghrúpa go bhfuil sé neamhchosanta ar rioscaí airgeadais éagsúla, lena n-áirítear riosca margaidh, riosca creidmheasa, riosca leachtachta, agus riosca pinsin agus infheistíochta. Tá sé mar aidhm le beartais bhainistíochta riosca an Ghrúpa na héifeachtaí díobhálacha féideartha ar fheidhmíocht airgeadais a laghdú.

### Riosca Margaidh

Eascraíonn riosca margaidh as athruithe ar fhachtóirí maicreacnamaíocha, lena n-áirítear rátaí úis, boilsciú agus forbairtí geopholaitiúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar réamhaisnéisí ioncaim, rátaí lascaine, luachálacha infheistíochta agus oibleagáidí pinsin. Déanann an Grúpa monatóireacht ar choinníollacha eacnamaíocha agus coigeartaíonn sé straitéisí airgeadais dá réir sin.

### Riosca Creidmheasa

Eascraíonn riosca creidmheasa as mainneachtain fhéideartha contrapháirtithe, lena n-áirítear míreanna infhála trádála agus ioncam fabhraithe, go príomha ó oibritheoirí aerlíne agus ó chustaiméirí eile. Maolaíonn an Grúpa an riosca seo trí na sásraí dlí atá i bhfeidhm chun íocaíocht a fháil, is iad aerlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta atá páirteach i bpróifíl na gcustaiméirí is mó agus trí fhorálacha d'fhiachas amhrasach a chothabháil. San áireamh freisin tá taiscí agus infheistíochtaí bainc atá i seilbh institiúidí airgeadais, atá á mbainistiú ag an nGrúpa trí thaiscí a éagsúlú i measc institiúidí creidiúnacha agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar a rátálacha creidmheasa chun riosca mainneachtana contrapháirtithe a mhaolú.

### Riosca Leachtachta

Baineann riosca leachtachta leis an gcumas oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite. Bainistíonn an Grúpa an riosca seo trí dhóthain cúlchistí airgid a bheith aige, lena n-áirítear taiscí bainc le hinstitiúidí airgeadais, monatóireacht a dhéanamh ar réamhaisnéisí sreabhaidh airgid chun leachtacht ghearrthéarmach agus fhadtéarmach a chinntiú, agus saoráidí creidmheasa oiriúnacha a fháil chun tacú le ceanglais chaiteachais oibriúcháin agus chaipitil.

## › 21 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta (ar lean)

### Riosca Pinsin agus Infheistíochta

Tá scéimeanna pinsin le sochar sainithe bunaithe ag an nGrúpa, atá faoi réir riosca infheistíochta, foshuíomhanna achtúireacha agus athruithe ar rátaí lascaine. Tá sócmhainní scéimeanna pinsin infheistithe i bpunann éagsúil chun riosca a mhaolú, agus déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar leibhéil mhaoinithe i gcomhairle le hachtúirí neamhspleácha.

Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar neamhchosaint riosca airgeadais an Ghrúpa agus cinntítear go bhfuil straitéisí bainistíochta riosca oiriúnacha bunaithe.

## › 23 Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ar an 13 Márta 2026, cheadaigh an Ard-Chúirt ordú de bhua Alt 84 agus Alt 85 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, lenar deimhníodh an laghdú scairchaipitil ceadaithe ag na scairshealbhóirí, rud a cheadaigh cúlchistí scairbhisigh €310.0 milliún a chealú agus caitheamh leo mar bhrabúis atá ar fáil le dáileadh. Ar an 18 Márta, tháinig an laghdú caipitil i bhfeidhm i ndiaidh clárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) a chur i gcrích.

Ar an 26 Márta 2026, fuarthas cead agus toiliú ón Aire, faoi réir coinníollacha áirithe, i ndáil le méadú molta de 1.4% ar phinsin atá á n-íoc, éifeachtach ón 1 Eanáir 2025. Níl léargas tugtha ar chostas an mhéadaithe, arna mheas ar an mbonn maoinithe, luach €3.9 milliún, sa dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2025, de bhrí gur teagmhas iar-chláir comhardaithe neamhchoigeartaithe atá anseo.

Ar an 2 Aibreán 2026, mhol an Bord go n-íocfaí díbhinn luach €4.8 milliún (€47,812 in aghaidh na scaire) *(2024: €Náid)*.

Níor tharla aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCuideachta ón 31 Nollaig 2025 a cheanglaíonn coigeartú, nó nochtadh, sna ráitis airgeadais.

## › 24 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 2 Aibreán 2026.









# Faisnéis achomair 2023-2025


### Láimhdeachas €'000





### Brabús Oibriúcháin €'000




### Gníomhaíocht Aerthráchta





### Brabús i ndiaidh Cánach €'000







AirNav Éireann | Tuarascáil Bhliantúil 2025


### Aonaid Seirbhíse En Route (' 000)





### Ráta Aonaid Seirbhíse En Route (€)





### Aonaid Seirbhíse Críochfoirt




### Ráta Aonaid Críochfoirt (€)




### Ráta Chumarsáid an Atlantaigh Thuaidh (€ 000)



# Nótaí

AIRNAV IRELAND

airnav.ie